



Tuarascáil Bhliantúil Spórt Éireann 2021



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil Spóirt Éireann 2021

Clár Ábhair

Forléargas	2
1. Ráiteas an Chathaoirligh	3
2. Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Struchtúr Spóirt Éireann	7
3. Bord Spóirt Éireann.....	7
4. Baill Foirne Spóirt Éireann.....	12
5. Forbhreathnú ar Choistí Spóirt Éireann	14
Forbhreathnú ar Fheidhmíocht	16
6. Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	16
7. Coiste Ardfeidhmíochta.....	20
8. Institiúid Spóirt Éireann.....	23
9. Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann	27
10. Campas Spóirt Éireann	31
11. Cóitseáil Spóirt Éireann	34
12. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.....	36
13. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Mná sa Spóirt.....	41
14. Tras-chomhoibriú	46
15. Aonad Eitice Spóirt Éireann	49
16. Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir.....	53
17. An tAonad um Fhorbairt & Athrú Eagraíochta.....	58
18. Taighde & Nuálaíocht.....	62
19. Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt	66
20. Gníomhaíocht Chorpáraídeach	68
21. An Grúpa Formhaoirseachta Rialachais ar Chumann Peile na hÉireann	69
22. Pleanáil Straitéise & Bhliantúil.....	71
23. Nochtuithe Cosanta.....	77
24. Comhlíonadh Spóirt Éireann	77
25. Saoráil Faisnéise.....	83
26. Ráitis Airgeadais	84
27. Aguisíní	84

Forléargas

Fís Spóirt Éireann:

Earnáil spóirt den chéad scoth atá ag obair de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus ag rannchuidiú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach.

Bunchuspóir Spóirt Éireann:

Treoraíonn Spóirt Éireann an clár oibre náisiúnta spóirt ar na bealaí seo:

- ✓ Luach an spóirt a chur in iúl agus dul i gceannas ar an smaointeoireacht ar an spóirt
- ✓ Cultúr cuimsitheach cóir a chur chun cinn
- ✓ Luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha
- ✓ Eagraíochtaí láidre spóirt a thógáil
- ✓ An coincheap um ‘spóirt ar feadh an tsaoil do gach duine’ a bhaint amach
- ✓ Tacú le rath ardfheidhmíochta

Luachanna Spóirt Éireann:

Aithníonn Spóirt Éireann gurb ann do luachanna atá ina gcuid dhílis d’fhorbairt an Spóirt in Éirinn.

Imreoir: Tá meas againn ar an gceart atá ag gach duine infheistiú sa spóirt, páirt a ghlacadh sa spóirt agus lán a gcumais a bhaint amach sa spóirt.

Foireann: Oibrímid le chéile chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach

Cothrom na Féinne: Ní mór forbairt an spóirt a bheith bunaithe ar éiteas láidir chothrom na Féinne

Cruinneas: Gintear an-phaisean as an spóirt; ní mór é a bheith cruinn freisin ina thaispeáint cén leas is féidir le daoine agus le pobail a bhaint as

Taighde: Bonn eimpíreach leis an gcleachtas agus leis an taighde is ea clár láidre thaighde

1. Ráiteas an Chathaoirligh

Agus í ag teacht i ndiaidh bliain chorraitheach ina raibh an spórt sa dara háit nuair a bhí paindéim dhomhanda i dtreis, ba léir i gcónaí go mbeadh 2021 ina bliain téarnaimh agus athmheasúnaithe. D’ainneoin an tús deacair a bhí leis an mbliain don tsochaí go léir, tháinig dóchas nua le teacht na vacsaíní agus maolaithe eile. Tá áthas orainn gur féidir linn breathnú siar anois ar bhliain iontach eile do spórt na hÉireann ag go leor leibhéil éagsúla. Bhí na cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha déanacha i dTóiceo i lár an aonaigh agus, in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí fós ann de dheasca Covid-19, léirigh an earnáil spóirt ardfheidhmíochta a tiomantas agus a neart mar is gnách nuair a thug na lúthchleasaithe ardléiriú ar fad.

Bhí na cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i dTóiceo ina ngné ríthábhachtach den fhéilire spóirt do 2021, agus ba chúis mórtas é do go leor lúthchleasaithe Éireannacha ionadaíocht a dhéanamh ar a dtír. Cé gur éirigh go maith linn i dTóiceo, bhí níos mó i gceist sa bhliain ná an dá chomórtas sin. Ar an stáitse idirnáisiúnta chonaiceamar rath leanúnach ár bhfoirne ardfheidhmíochta agus ár lúthchleasaithe i go leor comórtas, agus lean na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (CRNanna) agus Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla (CÁSanna) leo ag tacú le rannpháirtíocht láidir i spórt i measc daoine, idir óg agus aosta.

Tá ár gcumas freastal ar lúthchleasaithe le haghaidh oiliúna agus iomaíochta sa bhaile ar ceann de na forbairtí móra sa timpeallacht ardfheidhmíochta le blianta beaga anuas. Trí infheistíocht leanúnach, tá ríméad orainn a bheith in ann leanúint ar aghaidh ag tacú lenár lúthchleasaithe trí leas a bhaint as saineolas agus áiseanna Institiúid Spóirt Éireann agus as na hionaid den chéad scoth atá ar Champas Spóirt Éireann. Dealraíonn sé go mbeidh 2022 ina bliain spreagúil eile a bheidh ó thaobh áiseanna de agus muid ag iarraidh ár Máistirphlean Campais nua a chur chun cinn, chun todhchaí champas náisiúnta spóirt na hÉireann a chinntiú go ceann blianta fada amach romhainn.

Ar leibhéal straitéiseach, tá an Beartas Náisiúnta Spóirt a foilsíodh in 2018 fós ina threoirphlean do spórt na hÉireann suas go dtí 2027. Beidh tionchar ríthábhachtach ag an mbeartas seo ar thórdhreach an spóirt sna blianta amach romhainn. Mar is léir ón bhforbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíocht mar a shonraítear sa tuarascáil seo í, tá tús láidir déanta cheana féin chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Ó foilsíodh é, tá Spórt Éireann ag obair chun roinnt mhaith de na gníomhartha a saináithníodh sa bheartas a fhorbairt. Chomh maith leis sin in 2020, foilsíodh roinnt doiciméad straitéiseach tábhachtach agus thug na doiciméid seo a tuilleadh treorach dár gcuid oibre agus tosaíochtaí. Áirítear na doiciméid ríthábhachtacha seo, an Straitéis Ardfheidhmíochta agus an Straitéis Taighde ina measc.

Bhí tiomantas Spóirt Éireann do spórt cothrom glan féaráilte mar phríomhfhócas arís in 2021. Cuireadh de chúram ar chlár Frithdhópála Spóirt Éireann oideachas agus tacaíocht a sholáthar do na lúthchleasaithe go léir roimh chluichí Thóiceo. Beidh spórt glan sábháilte fós ina thosaíocht ag Spórt Éireann agus muid ag iarraidh leasa ár lúthchleasaithe go léir agus an cultúr frithdhópála ar fud an domhain a chosaint.

Tháinig deireadh ré do Spórt Éireann agus do Spórt na hÉireann in 2021 nuair a chuaigh John Treacy ar scor as a ról mar Phríomhfheidhmeannach. Ba Phríomhfheidhmeannach den gcéad scoth é John, a threoraigh Spórt na hÉireann trí ghníomhaíochta agus fíis straitéiseach. Tá earnáil an spóirt in Éirinn i riocht an-láidir a bhú sí leis an gceannaireacht a léirigh John ó ghlac sé leis an ról le Comhairle Spóirt na hÉireann i 1999. Tá an méid a chuir sé le spórt in Éirinn mar lúthchleasaí agus mar phríomhfheidhmeannach a dothomhaiste. Thar mo cheann féin agus thar ceann Bhord Spórt Éireann, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le John as an méid atá déanta aige ar son Spórt Éireann agus spórt in Éirinn, agus guím gach rath air ina thréimhse scoir.

In 2022 cuirimid fáilte roimh an Dr Una May chuig ról an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá an-aithne ar Úna i saol an spóirt in Éirinn agus tugann sí an t-uafás taithí léi chuig an ról seo. Is tacadóir láidir í do spórt eiticiúil agus cuimsitheach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Táim ag súil le dul i mbun oibre le hÚna ina cáil mar Phríomhfheidhmeannach agus guím gach rath uirthi sa ról.

Bhí an spórt go hard ar chlár oibre an Rialtais i gcónaí in 2021 agus iad ag iarraidh tionchar Covid-19 a mhaolú agus cabhrú le téarnamh an gheilleagair agus na sochaí. Chuige sin, bhí áthas an domhain ar Spórt Éireann a bheith in ann €80 milliún de thacaíochtaí breise a fhógairt don earnáil i mí na Nollag 2021. Tháinig sé seo i ndiaidh mhórfhógra buiséid an Rialtais maidir le méadú ar an maoiniú foriomlán spóirt do 2022, rud a threisigh arís an mhuinín sin go bhfuil tacaíocht ar fáil don earnáil. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre lenár gcomhlachtaí maoinithe agus tá súil againn go mbeidh 2022 dearfach againn go léir.

Lean Catherine Martin, an tAire Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Jack Chambers, an tAire Stáit don Spórt agus don Ghaeltacht, leis an tacaíocht sin a thabhairt, go háirithe maidir le cistiú breise a áirithiú. Cuirfidh sé sin ar chumas Spórt Éireann leanúint le tacú le forbairt inbhuanaithe earnáil spóirt na hÉireann trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus tacú le téarnamh na hearnála ag an am céanna. Ní féidir an obair luachmhar a dhéanann eagraíochtaí a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann deiseanna a sholáthar do gach duine páirt a ghlacadh sa spórt, beag beann ar a n-aois, a gcúlra agus a gcumas, a mheas faoina luach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas agus ómós a thabhairt do Choiste Feidhmiúcháin Spórt Éireann, do mo chomhghleacaithe ar an mBord agus do na Comhaltaí Coiste as a gcuid cabhrach agus tacaíochta leanúnaí.

Kieran Mulvey

2. Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Is í seo an tuarascáil bhliantúil ó Spóirt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021. Cuirtear faoi bhráid an Aire Spóirt mar a cheanglaítear faoi alt 17 den Acht um Spóirt Éireann, 2015.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhghnéithe den obair a dhéanann

Spóirt Éireann, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- an líon daoine a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil
- ardfeidhmíocht a chothú trína chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann sa scothspóirt idirnáisiúnta; agus
- acmhainneacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú; agus
- leanúint le Campas Spóirt Éireann a fhorbairt

Tá an-áthas orm mo chéad Tuarascáil Bhliantúil mar Phríomhfheidhmeannach ar Spóirt Éireann a chur i láthair. San áireamh anseo, tá sonraí faoin mbealach ar thacaigh Spóirt Éireann leis an earnáil spóirt le linn na paindéime domhanda agus ina dhiaidh.

Seasann an focal athléimneacht amach dom agus mé ag léamh tríd an tuarascáil seo. Tá bród ar Spóirt Éireann gur thacaigh sé le hearnáil an spóirt ar leor bealaí le 12 mhí anuas agus, le comhoibriú agus athléimneacht na bpáirtithe leasmhara go léir, bhí ríméad ar chách go rabhamar in ann filleadh go sábháilte.

Cé gur léirigh ár CRNanna agus ár CÁSanna athléimneacht maidir le filleadh ar an ngnáthshaol spóirt, léirigh ár lúthchleasaithe chinntiú a cháiligh do Thóiceo a ndíograis trí ionadaíocht a dhéanamh ar a dtír le honóir agus le mórtas.

Bhí éiginnteacht ag baint leis an tréimhse roimh chluichí Thóiceo toisc go raibh an víreas fós ann ach bhí vacsaíní ar fáil ar fud an domhain, rud a chiallaíonn go raibh lúthchleasaithe agus lucht féachana in ann taisteal go sábháilte chuig na cluichí.

Le linn na gluichí sin, bhain Éire boinn Oilimpeacha nua amach sa Dornálaíocht agus sa Rámhaíocht agus tháinig ár lúthchleasaithe ar ais go hÉirinn le dhá bhonn óir agus dhá bhonn cré-umha.

Bhain Kellie Harrington Bonn Óir Oilimpeach amach sa Dornálaíocht, díreach mar a rinne Katie Taylor in 2012. Bhain Fintan McCarthy agus Paul O'Donovan bonn óir amach i dTóiceo freisin i gcomórtas bád beirte éadrom na bhFear, rud a chur ríméad an domhain ar mhuintir na hÉireann.

Bhain Aidan Walsh bonn cré-umha Marcmeáchain na bhFear amach agus bhí mí-ádh leis nach raibh sé in ann dul san iomaíocht sa bhabhta leathcheannais de dheasca gortaithe. Mar sin féin, ba ghaisce mór é gan aon agó.

Bhain an fhoireann rámhaíochta Aifric Keogh, Eimear Lambe, Fiona Murtagh agus Emily Hegarty bonn Oilimpeach Cré-umha sa chomórtas ceathrair gan liagóir agus ba mhór an ghaisce é d'fhoireann na hÉireann gan aon dabht.

Rinne ár lúthchleasaithe Parailimpeacha ionadaíocht orainn le bród, agus tar éis a n-iarrachtaí iontacha sa teas i dTóiceo, d'fhill siad ar Éirinn agus ceithre bhonn óir, dhá bhonn airgid agus bonn cré-umha amháin acu.

Le linn 2021, d'oibrigh na CRNanna agus na CÁSanna agus an earnáil spóirt go léir le chéile chun normáltachta a aimsiú agus a chinntiú arís, cibé rud atá i gceist le normáltacht i ndiaidh paindéime domhanda.

Tháinig go leor gníomhaíochtaí spóirt ar ais, agus cuireadh deireadh leis na srianta de réir a chéile, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte agus sábháilteachta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár CRNanna agus CÁSanna go léir as a ndúthracht, a solúbthacht agus a n-athléimneacht le linn na paindéime agus as a gcúnamh le filladh sábháilte ar an spórt.

Tá ról suntasach ag an spórt maidir le leibhéal na gníomhaíochta coirp a ardú i measc mhuintir na tíre toisc go mbaineann go leor buntáistí leis ó thaobh na sláinte agus na folláine de. Mar a shonraítear sa tuarascáil seo, tá líon mór daoine ag glacadh páirt i gcúrsaí spóirt agus gníomhartha coirp ar fud na tíre, agus is léiriú é seo ar chlár rannpháirtíochta na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla.

I rith na bliana, bímid ag obair go dlúth leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus is mian liom aitheantas a thabhairt don Ard-Rúnaí Katherine Licken, an Rúnaí Cúnta Cian Ó Lionáin, an Rúnaí Cúnta Gníomhach John Kelly agus a gcomhghleacaithe go léir sa Roinn as a gcúnamh agus as a dtacaíocht leanúnach. Beidh fíorthionchar ag an gcistiúchán breise atá faighte do 2021 ar earnáil spóirt na hÉireann, rud a thabharfaidh cobhsaíocht a bhfuil géarghá léi agus gach duine againn ag súil le todhcháí níos gile.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Bord agus le foireann Spóirt Éireann as a ndúthracht agus as a ndua leanúnach chun a chinntiú go bhfuil an earnáil spóirt ionchuimsitheach agus taitneamhach do chách.

An Dr Una May

Struchtúr Spórt Éireann

3. Bord Spórt Éireann

Kieran Mulvey - Cathaoirleach

Tá Kieran Mulvey ina Chathaoirleach ar Spórt Éireann. Bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ón mbliain 1991 go dtí an bhliain 2016. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, agus ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile roimhe seo. Tá sé ina stiúrthóir ar Independent News and Media agus tá sé ar an gCathaoirleach ar Adare Human Resources. Tá Kieran ina Chomhalta d'Institiúid Oideachais na hAlban agus tá sé ina Chomhalta Oinigh den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt. Tá Dochtúireachtaí Oinigh ó Ollscoil na hÉireann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag Kieran. Thug sé faoi roinnt tionscadal thar ceann an Rialtais, an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

Lynne Cantwell

Is í Lynne Cantwell an bhean is mó cluiche d'fhoireann rugbaí na hÉireann. Bhí sí ina Leaschaptaen agus ina Captaen ar fhoirne 15 imreoir agus seachtar imreoirí na hÉireann freisin. D'imir sí d'fhoireann na hÉireann 86 uaire thar thréimhse 13 bliana agus bhí sí i gcomhcheannas ar an bhfoireann nuair a bhuaigh Éire an Choróin Thriarach agus an Chaithréim Mhór agus nuair a fuair an fhoireann an lámh in uachtar ar an Nua-Shéalainn, buaiteoirí Chorn an Domhain, sa séasúr 2013/14. Ba í sin an chéad uair riamh a bhain an fhoireann an méid sin amach. Ó d'éirigh sí as an spórt i leith, tá sí ag leanúint le hionadaíocht a dhéanamh don spórt agus dul chun cinn a dhéanamh air. Tá Lynne ar Bhainisteoir Feidhmíochta na mBan le Cumann Rugbaí na hAfraice Theas.

Mary Dorgan

Is iar-Phríomhfheidhmeannach Cúnta ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta í Mary. Tháinig Mary isteach san údarás Sláinte agus Sábháilteachta ó Waterford Crystal, áit a raibh ról aici mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna. D'fhóin Mary ar go leor Boird agus coistí agus faoi láthair tá sí ar Bhord Chúram Leanaí Phort Láirge Teo. I measc na mBord eile ar a raibh sí roimhe seo, tá Pobal, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Cumann Lucht Tráchtála Phort Láirge (iar-Uachtarán) agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Is ball deimhnithe í Mary d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann agus tá taithí fhairsing aici mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon. Ceapadh Mary ar Bhord an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha le déanaí agus tá an-suim aici i ngach spórt agus go háirithe i rannpháirtíocht a chur chun cinn.

Jerry Grant

Ina theannta sin, tá sé ina Stiúrthóir agus ina Chomhairleoir Feidhmiúcháin ag a bhfuil an-taithí ar an earnáil Fónais agus ar an earnáil Foirgníochta. Áirítear leis an taithí sin 25 bliana a chaitheamh i ról ar Leibhéal Stiúrthóra, mar shampla mar stiúrthóir ar MC O'Sullivan Consulting Engineers (MCOS), agus téarma deich mbliana mar Stiúrthóir Bainistíochta ar RPS in Éirinn. Bhí Jerry i seilbh na ról mar Chomhairleoir Speisialtóra, mar Cheann um Bainistíocht Sócmhainní agus mar Stiúrthóir Bainistíochta le hUisce Éireann ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2018. I láthair na huaire, tá sé ar an Stiúrthóir Bainistíochta ar Jerry Grant & Associates, tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le Murphy Surveys agus tá sé ina Chomhalta Seachtrach de Chomhlacht Ceannais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá Jerry ina bhall d'Institiúid na nEadránaithe agus tá cáilíochtaí aige sa Dlí agus Eadráin, anuas ar a bheith ina Chomhalta Cairte d'Innealtóirí Éireann.

Olive Loughnane

Bhí Olive in iomaíocht mar lúthchleasaí ardfheidhmíochta ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2013. Rinne sí ionadaíocht d'Éirinn ag ceithre Chluiche Oilimpeacha i ndiaidh a chéile agus ba í Seaimpín Lúthchleasaíochta an Domhain í sa bhliain 2009. Ó d'éirigh sí as an spórt iomaíoch sa bhliain 2013 i leith, tá Olive ag fónamh mar chomhalta de Choiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann. I láthair na huaire, tá sí ar an gCathaoirleach ar Choiste Taighde agus Rannpháirtíochta Spórt Éireann agus déanann sí ionadaíocht do Spórt Éireann ar Choiste Ainmniúcháin Chumann Peile na hÉireann. Tá céim MA i gCeannaireacht agus Straitéis ag Olive. Díríodh sa chuid taighde dá céim MA ar athrú eagraíochta a sholáthar agus ar athchóiriú rialachais a chur chun feidhme i ndiaidh géarchéim eagraíochta. Oibríonn sí faoi láthair mar Staitisteoir sa Phríomh-Oifig Staidrimh.

Padraic Moran

Ghlac Padraic páirt sna Cluichí Parailimpeacha dhá uair agus tá sé ina iarsheaimpín sa spórt Boccia. Ós rud é gur chaith sé breis agus 20 bliain i mbun iomaíochta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá raidhse eolais aige ar chúrsaí ar fud na hearnála míchumais spóirt. Anuas ar thaithí fhairsing ar dhisciplíní atá ann cheana, tá sé ag glacadh páirt le déanaí i bPeil Cathaoireach Cumhachta a fhorbairt in Éirinn. D'oibrigh sí le Youth Sport Trust UK roimhe seo agus tá sé ag obair faoi láthair le East Coast FM agus le Sky Ireland.

Patrick O'Connor

Is Aturnae, Cróinéir, Eadránaí agus Nótaire Poiblí é Pat O'Connor. Tá sé ina chomhalta de roinnt comhlachtaí gairmiúla agus rialála agus cumann gairmiúil agus rialála, lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Chairte na nEadránaithe, an Binse Meabhair-Shláinte agus Painéil Araíonachta Chumann Rugbaí an Domhain, Chraobh na Sé Náisiún agus Chumann Rugbaí na hÉireann. D'fhóin Patrick mar chomhalta, mar chathaoirleach agus mar stiúrthóir le raon leathan eagraíochtaí gairmiúla, spóirt agus daonchairdiúla roimhe seo.

Áirítear leo sin Bord Bainistíochta Phobalscoil Louis, Teach Dóchais, Cumann na hÉireann um Eolaíocht an Fhéinmharaithe, an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha, Bord na Seirbhíse Cúirteanna agus Comhairle Preasa na hÉireann. Bhí ról éagsúla aige laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann, an ceann ba shuntasáí dóibh mar Uachtarán (1998-99).

Roger O'Connor

Tá Roger an-cháilithe mar Cheannaire Gnó Spóirt, ós rud é gur bhain sé Céim Bhaitisiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Riarachán Gnó amach as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina lánchomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ón mbliain 1997 i leith. Tá taithí fhairsing aige ar obair a dhéanamh i réimse an scothspóirt ghairmiúil, áit ar oibrigh sé mar Stiúrthóir Bainistíochta agus mar Cheann Airgeadais agus Rialachán in ERC, arb é eagraí agus sealbhóir ceart an chomórtais rugbaí Corn Heineken é, agus mar Phríomhoifigeach Airgeadais ar Curragh Racecourse Ltd, ar cuideachta a athfhorbraíodh le déanaí í. Tá sé ina Stiúrthóir, Gnóthaí Tráchtála faoi láthair le ICON plc.

Iognáid Ó Muircheartaigh

Tá Iognáid ag caitheamh a ghairme i réimsí an riaracháin, an taighde, an léinn agus na bainistíochta. Tá sé ina iar-Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Le linn a théarma oifige, stiúir sé an Ollscoil trí thréimhse fáis nach bhfacthas roimhe ó thaobh an lín mac léinn, forbairtí caipitil, ioncam taighde agus cruinniú airgid daonnchairdiúil de. D'fhóin sé mar Chathaoirleach agus mar chomhalta Boird de Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Tá a chuid taighde le fáil in irisleabhair idirnáisiúnta agus d'fhóin sé mar ollamh ar cuairt in Ollscoil Stanford, i Scoil Iarchéime Chabhach na Stát Aontaithe i Monterey, California, in Ollscoil Connecticut agus in Ollscoil Ghlaschú. D'fhóin sé freisin ar a lán Bord san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach. Ghlac sé páirt sa lúthchleasaíocht mar iomaitheoir ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus roghnaíodh é mar Chaptaen ar an gcéad fhoireann (aontaithe) de chuid na hÉireann ó bhí an bhliain 1937 ann a chuaigh san iomaíocht ar leibhéal idirnáisiúnta i gCorn na hEorpa, a cuireadh ar siúl i Seantrabh sa bhliain 1967. Chóitseáil sé lúthchleasaíocht agus d'fhóin sé ar Bhord Lúthchleasaíocht Éireann freisin. Imríonn sé galf agus tá sé ar an gCathaoirleach agus ina chomhalta Boird d'Aontas Gailf na hÉireann, a threoraigh sé tríd an bpróiseas um an Aontas a chomhcheangal le hAontas Gailf Ban na hÉireann. De bharr na hoibre sin, bunaíodh Galf Éireann, ar comhlacht aonair é chun an galf a chur chun cinn in Éirinn.

Michelle Tanner

Oibríonn Michelle mar Cheann Spóirt agus Áineasa i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Áirítear lena cuid oibre forbairt straitéiseach, próifíl, bainistíocht, soláthar foirne, soláthar acmhainníú agus cur chun cinn spóirt, tionscadail bhonneagair, ionadaíocht, rannpháirtíocht le geallsealbhóirí agus pleanáil. Tá sí freagrach as punann de 67 acra d'áiseanna spóirt faoin aer agus 13,000 méadar cearnach d'áiseanna spóirt laistigh. Tá sí i gceannas ar thionscadail ó thús go deireadh ar scálaí éagsúla, lena n-áirítear príomh-áiseanna spóirt ag Coláiste na Tríonóide a fháil, a dhearadh agus a fhorbairt. Is ball gníomhach Boird agus coiste í, agus bhí

Is ball gníomhach Boird agus coiste í, agus bhí ról éagsúla aici mar oifigeach éigin i Spórt Éireann na Mac Léinn le 16 bliana anuas. Bhí sí páirteach freisin in Eitpheil Éireann i gcáil chomhairleach.

Deirdre Ryan

Tá Deirdre ina Stiúrthóir ar Inbhuanaitheacht agus Dearbhú Cáilíochta (Origin Green) i mBord Bia áit a bhfuil sí freagrach as forbairt agus bainistiú a dhéanamh ar chláir um Dhearbhú Cáilíochta Bhord Bia le 54,000 ball is feirmeoirí agus táirgeoirí iad, agus 300 ball cuideachta Origin Green. Mar bhall d'Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach Bhord Bia, cuireann sí le rialachas corparáideach leanúnach agus bainistíocht bhuiséadach na heagraíochta, le fócas ar leith ar an mBord um Dhearbhú Cáilíochta. Roimh 2020 bhí sí ina Ceann ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach le Lidl Éireann agus Tuaisceart Éireann, agus bhí sí ina Ceannaire Cumarsáide Eatramhach freisin.

Miriam O'Callaghan

Tá Miriam ina Feidhmeannach Sinsearach Acmhainní Daonna agus ina Bainisteoir Tionscadail le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá taithí breis agus 30 bliain aici sna seirbhísí sláinte ag leibhéal oibriúcháin shinsearach agus thar ghnéithe éagsúla AD, bainistíocht tionscadail agus bainistíocht seirbhísí. Áirítear lena saineolas Bainistíocht Seirbhísí Ospidéal agus Pobail, Caidreamh Fostaithe, Pinsin, Earcaíocht agus Bainistíocht Tionscadal. Bhí sí ina ball de roinnt boird stáit – An Ghníomhaireacht um Chomhionannas Fostaíochta, An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin, Údarás Forbartha Champas Náisiúnta Spóirt na hÉireann – agus tá sí ag fónamh faoi láthair ar Bhord Clárúcháin Fisiteiripeoirí CORU.

Páraic Duffy

Tá taithí ar feadh an tsaoil ag Páraic ar rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt, mar riarthóir agus mar rannpháirtí.

Ó 2008 go dtí 2018 bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar Chumann Lúthchleas Gael. Mar Ard-Stiúrthóir, bhí dearcadh straitéiseach agus anailíse aige agus d'fhorbair sé beartais ar raon leathan saincheistanna don Chumann. I measc na ról atá aige faoi láthair i spórt na hÉireann, tá sé ina Uachtarán CLG Scoileanna Uladh; ball neamhspleách de bhord CLG Uladh; comhalta den Údarás um Réiteach Díospóidí agus Cathaoirleach ar Phainéal na mBreithiúna do 'Gradaim Oibrithe Deonacha Spóirt na hÉireann' de chuid Chónaidhm Spóirt na hÉireann. Is Oifigeach Cóitseála é ina chlub áitiúil CLG, Baile an Scothaigh.

Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe Boird in 2021

	Leamlán
Kieran Mulvey	11
Lynne Cantwell	11

Mary Dorgan	11
Jerry Grant	11
Olive Loughnane	8
Padraic Moran	11
Pat O'Connor	10
Roger O' Connor	10
Iognáid Ó Muircheartaigh	11
Liam Sheedy*	4
Páraic Duffy*	6
Miriam O'Callaghan*	6
Michelle Tanner*	6
Deirdre Ryan*	6

Nótaí: Ceapadh Miriam O Callaghan, Páraic Duffy, Michelle Tanner agus Deirdre Ryan chun an Bhoird ar an 26 Iúil 2021. D'éirigh Liam Sheedy as a ról ar an mBord ar an 3 Meitheamh 2021.

4. Baill Foirne Spórt Éireann

Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	
John Treacy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	
Airgeadas & Seirbhísí Corparáideacha	
Jason McLoughlin	Stiúrthóir Airgeadais & Seirbhísí Corparáideacha
June Menton	Stiúrthóir Tionscadal Airgeadais
Joanna Gurtman	Bainisteoir Airgeadais
David Gash	Bainisteoir Cumarsáide & Gnóthaí Poiblí
Anne McCarthy	Bainisteoir Margaíochta agus Brandála
Nicola Connolly	Feidhmeannach Airgeadais
Colin Murphy	Feidhmeannach Soláthair
Miriam Browne	Fáilteoir
An tAonad Rialachais, Riosca, Comhlíonta & Straitéise	
Colm McGinty	Stiúrthóir Rialachais, Riosca, Comhlíonta & Straitéise
Alan O'Hare	Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus Forbartha agus Athraithe Eagraíochta
Sinéad Gordon	Stiúrthóir Rialachais agus Straitéise
Cian Spillane	Ceann Riosca agus Comhlíonta
Sarah Murphy	Bainisteoir Acmhainní Daonna
An tAonad Rannpháirtíochta & Eitice	
Una May	Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice
Emma Jane Clarke	Iar-Stiúrthóir Rannpháirtíochta
Louise Burke	Stiúrthóir Rannpháirtíochta
Siobhán Leonard	Stiúrthóir Frithdhópála agus Eitice
Benny Cullen	Stiúrthóir Taighde, Meastóireachta agus Nuálaíochta
Ciara Munnely	Bainisteoir um Áineas Amuigh Faoin Spéir
Cólleen Devine	Bainisteoir Tras-Chomhoibrithe
Cormac Mac Donnell	Bainisteoir Nuálaíochta
Helen McHugh	Bainisteoir Cumhdaigh, Éagsúlachta agus Cuimsithe
Melissa Morgan	Bainisteoir Tástála Frithdhópála agus Cáilíochta
Paul O'Donovan	Oideachas Frithdhópála & Bainisteoir Luachanna
Vydehi Muppavaru	Bainisteoir Meastóireachta & Taighde
Gerard Nowlan	Oifigeach Eolaíochta Frithdhópála
Michael Collins	Feidhmeannach Cumhdaigh & Eitice
Janine Merriman	Feidhmeannach Frithdhópála

Oisín Foley	Feidhmeannach Comhpháirtíochtaí
Orla Duke	Bainisteoir Comhpháirtíochtaí
An tAonad Ardfheidhmíochta agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	
Paul McDermott	Stiúrthóir Ardfheidhmíochta agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Shane Califf	Stiúrthóir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Niamh O'Sullivan	Stiúrthóir Ardfheidhmíochta
Brian Staunton	Bainisteoir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Erika Murphy	Bainisteoir Deontas
Cormac Powell	Córais Ardfheidhmíochta & Bainisteoir Measúnaithe
Gillian Brosnan	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Peter Brosnan	Feidhmeannach Ardfheidhmíochta
Melanie Lettis	Feidhmeannach Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Louise Carey	Riarthóir Ardfheidhmíochta
An tAonad Cóitseála	
Michael McGeehin	Stiúrthóir Cóitseála
Deirdre Morrissey	Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir
Diarmaid Moloney	Teicneoir TF
Sheelagh Quinn	Ceann Seirbhísí Corparáideacha
Ann McMahon	Riarthóir
Helen Quain	Riarthóir
Declan O'Leary	Ceann Seirbhísí Cóitseála
Adrian Byrne	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Fiona Larkin	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Hayley Harrison	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Yvonne Byrne	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Anthony Wright	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Institiúid Spórt Éireann	
Bernie O'Shea	Fáilteoir
Shane Keane	Cúntóir Snámh Éireann
Sharon Deedigan	Riarthóir

5. Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

Ról an Choiste		Líon na gCruinnithe
Iniúchadh & Riosca Ról an Choiste	Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíochta riosca Spórt Éireann; Faireachán a dhéanamh ar iomláine na ráiteas airgeadais, agus breithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais á n-athbhreithniú; Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá feidhm iniúcháireachta inmheánaí Spórt Éireann.	4
Coiste Ardfheidhmíochta	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le barr feabhais a bhaint amach sa spórt iomaíoch.	6
Coiste na nDeontas	Breithniú a dhéanamh ar dheontais an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil.	2
Coiste Frithdhópála	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-airítear cúnamh agus comhairle a chur ar fáil do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, agus cúnamh agus comhairle a chur ar fáil do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i bhfeidhm.	3
An Coiste Cóitseála	Comhairle a chur ar Spórt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis maidir le cóitseáil ahis cóitseálaithe a fhorbairt ar oileán na hÉireann.	4
An Coiste Taighde & Rannpháirt	Maoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde Spórt Éireann agus comhairle agus treoir a sholáthar don Bhord agus don Fheidhmeannas maidir le Plean Rannpháirtíochta Spórt Éireann.	6
Coiste Champas Spórt	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena fheidhmeanna a bhaineann le Campas Spórt Éireann a fhorbairt ar an láithreán, de réir alt 6(4)(a) de Sceideal 1 den Acht um Spórt Éireann, 2015.	6
An Coiste Incháilitheachta	Is é ról an Choiste Incháilitheachta moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí is iarratasóir na critéir incháilitheachta arna gcomhaontú ag an mBord.	2
An Coiste Stúirtha um Mná sa Spórt	Tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí um Mná sa Spórt.	4

Pleanáil Comharbais	Cabhrú leis an mBord maidir leis an bpróiseas atá le leanúint i ndáil le hearcú agus ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh, agus cabhrú le Cathaoirleach Spórt Éireann maidir le comharbas a phleanáil do chomhaltaí an Bhoird.	9
An Chomhairle Oideachais & Oiliúna	Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an dearbhaithe cáilíochta sna cláir oideachais & oiliúna arna gcur ar fáil ag Spórt Éireann.	3

Forbhreathnú ar Fheidhmíocht

6. Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Forbhreathnú ar an Aonad

Tá Aonad na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta de chuid Spórt Éireann dírithe go príomha ar thacú le hoibríochtaí leanúnacha, rialachas agus bainistíocht airgeadais earnaíl na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Tá ról ríthábhachtach ag an Aonad freisin maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh le haonaid oibriúcháin eile laistigh de Spórt Éireann, amhail an tAonad Ardfheidhmíochta, an tAonad Cóitseála, an tAonad um Eitic, an tAonad Rannpháirtíochta agus an tAonad Frithdhópála.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Is cuid dháil de spóirt na hÉireann iad na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt arna n-aithint ag Spóirt Éireann. Tá Spóirt Éireann tiomanta d'earnáil láidir éagsúil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a fhorbairt, a sholáthraíonn dea-thorthaí don phobal spóirt in Éirinn. Príomhdhírú de chuid Spóirt Éireann is ea cabhrú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta struchtúir inbhuanaithe éifeachtacha a fhorbairt chun líon méadaithe rannpháirtithe agus oibríthe deonacha sa spóirt a éascú. Tá gníomhaíocht an Aonaid Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ina cuid lárnach de na cuspóirí foriomlána atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta an Rialtas um Spóirt a bhaint amach, agus spreagtar roinnt mhaith de na cuspóirí sin chun cinn trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Tacaíonn an tAonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le Comhlachtaí Rialaithe agus iad ag fónamh mar phríomhghníomhaireachtaí soláthair i mbaint amach na spriocanna straitéiseacha seo a leanas:

- ✓ **Mír Gníomhaíochta 04 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:**
 - Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.
- ✓ **Mír Gníomhaíochta 05 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:**
 - Colún feidhmíochta spóirt na hÉireann a fhorbairt, rud atá ríthábhachtach do dhaoine spóirt gníomhacha iomaíocha.
- ✓ **Mír Gníomhaíochta 06 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:**
 - An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an-éifeachtacha a mhéadú go 40.
- ✓ **Mír Gníomhaíochta 07 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:**
 - Sainaitheint a dhéanamh ar spóirt thosaíochta a bhfuil an seans is mó ann go mbainfidh siad tairbhí buana amach ar fud an tsaoil uile agus infheistíocht mhéadaithe a thabhairt do na spóirt sin thar thréimhse na straitéise.
- ✓ **Mír Gníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:**
 - Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann caighdeáin atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach.

Tionchar Covid -19 ar Earnáil CRN

Ba bhliain thar a bheith deacair agus dúshlánach í 2021 don spórt eagraithe. Rinneadh leibhéil shuntasacha de ghníomhaíochtaí CRN lena n-áirítear oiliúint, iomaíocht, cóitseáil agus imeachtaí oll-rannpháirtíochta a laghdú, a chur siar nó a chur ar ceal mar gheall ar Covid-19.

Ba phríomhthosaíocht do Spórt Éireann le linn na tréimhse seo an earnáil spóirt a chosaint ar aon dochar buan airgeadais nó straitéiseach. Bhí sé mar aidhm leis seo a chinntiú go raibh an cumas ag an Earnáil cur go mór le sláinte phoiblí an náisiúin i ré iar-Covid. D'aithin Spórt Éireann gurbh amhlaidh, chun go bhféadfadh an earnáil spóirt téarnamh go tapa ón ngéarchéim sláinte poiblí, go mbeadh ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta na baill foirne agus na struchtúir riachtanacha a choinneáil.

I mí na Nollag 2021, dháil Spórt Éireann pacáiste maoinithe breise de €73.6 milliún ar fud earnáil spóirt na hÉireann. Bhí sé mar aidhm ag an gcistiú aghaidh a thabhairt ar aon bhagairt láithreach ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar a líonraí clubanna agus, a bhúis leis sin, cuireadh ar chumas eagraíochtaí spóirt aon chaillteanais shuntasacha a fhritháireamh agus costais a atosú mar gheall ar an bpaindéim.

Ní féidir a mheas faoina luach tábhacht na hinfheistíochta seo maidir le bonneagar fisiciúil agus oibriúcháin spóirt na hÉireann a chosaint agus maidir le rannchuidiú leis an bhfreagairt fhoriomlán sláinte poiblí don ghéarchéim. A luaithe a fógraíodh na Scéimeanna, tugadh cobhsaíocht don earnáil agus d'fheidhmigh sé mar rannchuidiú luachmhar in am an-éiginnteach ar fad.

Bhí na Comhlachtaí Rialaithe i riocht níos fearr chun príomhfhoireann agus bonneagar a choinneáil, gníomhaíochtaí a phleanáil agus a sheachadadh, táillí club & cleamhnachta a bhailiú agus a choinneáil, urraíochtaí & conarthaí tráchtála a ath-idirbheartú agus tacaíochtaí airgeadais agus creidmheasa eile a tharraingt anuas.

Fuair líon suntasach foirne agus clubanna spóirt tacaíocht dhíreach ó scéimeanna arna mbunú ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt. Cuireadh cistiú tiomnaithe ar leataobh chun tacú leis na dúshláin uathúla airgeadais agus spóirt a bhí roimh an spórt do dhaoine faoi mhíchumas agus rompu sin a sholáthraíonn deiseanna do dhaoine scothaosta. Cuireadh Ciste Atosaithe ar fáil freisin do CRNanna chun tacú le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a thabhairt ar ais tar éis na paindéime.

Forbhreathnú ar an gClár & Buaiophointí an Chláir:

Infheistíocht i gComhlachtaí Rialaithe (Roimh Covid-19)

Faigheann an-chuid Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cistiú chun tacú lena n-oibriúcháin lárnacha go príomha. Cumhdaítear leis an bPríomhdheontas do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cur chun feidhme a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha agus ar chlár rannpháirtíochta, cóitseálaithe a fhorbairt, baill foirne ghairmiúla a fhostú agus na costais riaracháin a bhaineann leis an spórt a fhorbairt agus a sholáthar. Úsáidtear an bunchistiú chun Cód Eitice agus Clár Frithdhópála Spórt Éireann a chur chun feidhme freisin.

Agus infheistíocht á déanamh aige i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, tugann Spórt Éireann aird ar an tábhacht náisiúnta a bhaineann le gach spórt, ar cháilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, ar na leibhéil rannpháirtíochta, ar an líon ball, ar an líon oibríthe deonacha agus ar an gcaipiteal sóisialta a bhaineann leo freisin.. Ba mhaith le Spórt Éireann a fheiceáil freisin go mbeadh raon éagsúil spórt ar fáil do mhuintir na hÉireann agus tá sé ag leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh i raon leathan Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Admhaíonn Spórt Éireann nach mbeidh ach acmhainn theoranta ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga mórbheartas an Rialtais a chomhlíonadh.

Tá Spórt Éireann ag súil leis gurb amhlaidh, maidir leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a fhaigheann leibhéil shuntasacha chistiúcháin, go n-oibreoidh siad ar son aidhmeanna sonraithe Spórt Éireann agus mórbheartas an Rialtais a chomhlíonadh ar leibhéal an phobail. Iarrtar ar gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a thaispeáint go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann siad na príomhbheartais ó thaobh dlí, rialachais, eitice, oibríocháin, bainistíocht riosca agus cánach/muiníne de.

Ó fhoilsiú an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 i leith, tháinig méadú ar an mbunchistiú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ó €10.8m sa bhliain 2017 go €13.8m in 2020 & 2021.

Is é an toradh atá ar an infheistíocht mhéadaithe sin go dtugtar deis do Spórt Éireann an earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a neartú tuilleadh chun cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann agus na cuspóirí sin a shainaithnítear sa bheartas spóirt ón Rialtas a chomhlíonadh.

Don bhliain 2021, coinníodh an Bunchistiú ar fud fhormhór na CRNanna feidhmíochta agus eagraíochtaí maoinithe. Bhí sé mar aidhm ag an maoiniú seo cobhsaíocht agus cinnteacht a sholáthar do CRNanna mar a bhí beartaithe acu don bhliain amach romhainn.

Infheistíocht Dhírithe Bhreise

Sa bhliain 2021, lean Aonad na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta lena chuid oibre leis an Roinn Spóirt agus leis an Roinn Sláinte araon chun sainaitheint a dhéanamh ar aon deiseanna infheistíochta breise atá ann d'earnáil na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi Scéimeanna Deontais Chiste na gCuntas Díomhaoin agus an Chiste Éire Shláintiúil. Táthar ag leanúint le Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a chur ar fáil do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun go mbeidís in ann forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh nuálacha spóirt agus ghníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo freastal ar cheann amháin nó níos mó de na grúpaí tairbhíthe seo a leanas:

- Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta
- Forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil
- Daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000)

Tá sé mar aidhm le Cistiú ón gClár Éire Shláintiúil tacú le Comhlachtaí Rialaithe agus iad ag iarraidh tionscadail agus tionscnaimh atá nuálach, a théann thar earnálacha difriúla agus atá fianaisebhunaithe a

sholáthar, ar thionscadail agus tionscnaimh iad a thacaíonn le cur chun feidhme Phlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

An Clár um Mná sa Spórt

Tar éis tionscadal fairsing a sheoladh le linn na bliana 2018, d'fhoilsigh Spórt Éireann a bheartas nua um Mná sa Spórt sa bhliain 2019. Sa Bheartas, atá ina treoir le haghaidh na hoibre agus na hinfheistíochta a dhéanfaidh Spórt Éireann amach anseo sa réimse, sainiúidh ceithre réimse thábhachtacha inarb ann do bhearnaí reatha agus do dheiseanna amach anseo maidir le mná sa spórt.

Is iad seo a leanas na ceithre réimse sin:

1. Cóitseáil & Réiteoireacht
2. Rannpháirtíocht Ghníomhach
3. Ceannaireacht & Rialachas
4. Infheictheacht

Chun tacú le cur i bhfeidhm an bheartais agus chun a aithint go dteastaíonn cur chuige fadtéarmach ó chlár éifeachtacha agus inbhuanaithe, d'infheistigh Spórt Éireann €4 milliún in earnáil na gcomhlachtaí rialaithe chun tacú leis an gclár. Cumhdaíodh tréimhse dhá bhliain leis an infheistíocht sin (2021 & 2022).

Leis an dámhachtain dhá bhliain, cuireadh ar chumas na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar a gcuspóirí straitéiseacha do mhná sa spórt. Tabharfar cuireadh do Chomhlachtaí Náisiúnta iarratais nua a dhéanamh sa bhliain 2022.

An Clár Aitheantais

Feidhmíonn Spórt Éireann próiseas aitheantais d'eagraíochtaí atá ag iarraidh bheith incháilithe do thacaíocht a fháil mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Leis na critéir aitheantais, leagtar amach na ceanglais íosta do gach eagraíocht atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ó Spórt Éireann.

Tá na Critéir reatha i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 i leith. Níor thug Spórt Éireann aitheantas d'aon chomhlachtaí rialaithe breise sa bhliain 2021.

7. Coiste Ardfheidhmíochta

Forbhreathnú ar an Aonad

Tacaíonn an tAonad Ardfheidhmíochta le cláir shistéamacha agus inbhuanaithe a fhorbairt a shaothraíonn feidhmíocht ó lúthchleasaithe agus foirne ag leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach. Díríonn sainchúram agus freagracht an Aonaid Ardfheidhmíochta ar infheistíocht, rialachas, agus gníomhaíochtaí straitéiseacha as a dtiocfaidh torthaí córais dearfacha. Déanann an tAonad Ardfheidhmíochta maoirseacht ar sholáthar infheistíochta do lúthchleasaithe aonair, foirne agus cláir fheidhmíochta. Tá Straitéis Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann 2021-2032 mar bhonn agus mar thaca ag an tsamhail chistithe chomhtháite seo.

Is naisc ríthábhachtacha iad Institiúid Spóirt Éireann agus Campas Spóirt Éireann le hobair an Aonaid Ardfheidhmíochta. Cuidíonn comhoibriú láidir idir na haonaid éagsúla de Spóirt Éireann chun córas ardfheidhmíochta den gcéad scoth a fhorbairt.

Buaicphointí an Aonaid

Tréimhse fhorásach chúig bliana a bhí i dTímhriall Thóiceo do chóras ardfheidhmíochta na hÉireann, agus bhain Spóirt Éireann agus an pobal ardfheidhmíochta i gcoitinne raon cuspóirí amach lena linn. I measc Phríomhghnóthachtálacha 2021, tá:

- **Dul chun cinn na Scéime Cardála Idirmáisiúnta.** Bhí sé seo i gcomhréir le prionsabail na Straitéise Ardfheidhmíochta 2021-2032 agus bhí leibhéal níos airde dámhachtainí i gceist leis; maoiniú ilbhliantúil in 2023 agus 2024; agus tháinig méadú ar an méid cistithe faoi Chlár Aistrithe Gairme na Lúthchleasaithe
- **An tAthbheithniú ar Chluichí Thóiceo a thabhairt chun críche.** Cuireadh tús leis an Athbheithniú ar Chluichí Thóiceo roimh na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha agus cuireadh i gcrích é go déanach in 2021. Tugann an próiseas athbheithnithe cuimsitheach seo measúnú neamhspleách ar ullmhúchán agus feidhmíocht na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.
- **Ceapachán - Ceannasaí na Cóitseála Ardfheidhmíochta.** Cheap Spóirt Éireann Stephen Maguire mar Cheannasaí na Cóitseála Ardfheidhmíochta i mí Eanáir 2021. Tá ‘cóitseáil’ ina príomhthosaíocht straitéiseach faoin Straitéis Ardfheidhmíochta agus léiríonn ceapachán Stephen Maguire tiomantas Spóirt Éireann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus feabhas a chur ar thimpeallacht na cóitseála ardfheidhmíochta in Éirinn.

Nasc le Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 – Mír Gníomhaíochta 24

Foilsíodh Straitéis Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann 2021-2032 i mí an Mheithimh 2021. Chuir tréimhse láidir chuimsitheach comhairliúcháin laistigh den phobal ardfheidhmíochta agus ionadaithe uile na bpríomheagraíochtaí páirtithe leasmhara bonn eolais faoi fhorbairt na Straitéise. Leis an Straitéis seo, leagtar amach an uailmhian agus an fhís do spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn, chomh maith leis an mbealach i dtreo éachtaí thar na bearta. Déanann Coiste Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann maoirsiú ar chur chun feidhme na Straitéise Ardfheidhmíochta.

Nasc leis an bPlean Gníomhaíochta Spóirt 2021-2023 - Gníomh 1.1: *“Leanúint le bobair go dlúth leis na comhlachtaí spóirt agus tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a thabhairt dóibh chun gur féidir leo leanúint lena spóirt a sboláthar.”*

In 2021, chuir Spóirt Éireann maoiniú ar fáil do CRNanna, rud a chabhraigh leo a spóirt a sheachadadh ag leibhéal ardfheidhmíochta. Mar ullmhúchán do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha athsceidealta, ba ríthábhachtach cobhsaíocht an mhaoinithe agus an tiomantas a thug Spóirt Éireann maidir leis na costais gan choinne a bhain le Covid-19 a íoc.

Choinnigh Spóirt Éireann Maoiniú Chlár Ardfheidhmíochta 2020 do 2021 (€8.5m) agus chuir sé €2.5m de Mhaoiniú Tionchair Ardfheidhmíochta ar fáil, ag cinntiú gur tugadh aghaidh leordhóthanach ar chostais láithreacha agus dhearbhaite maidir le Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo. D'éascaigh sé seo na lúthchleasaithe agus na foirne ina gcuid ullmhúcháin, rud a lig dóibh díriú ar a gcuid feidhmíochta sna Cluichí.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann - Mír Gníomhaíochta 9: *“Tuilleadh ratha agus bonn le linn Thimthriall na gCluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha agus creat nua infheistiúchta do Spóirt Ardfheidhmíochta mar bbonn agus mar thaca leis sin”*

In 2021, bhain CRNanna a fhaigheann tacaíocht dhíreach ó Mhaoiniú Chlár Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann 62 mórbhonn amach ag comórtais ar leibhéal na hEorpa agus an Domhain thar réimse spóirt sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha. Ó 2017 go dtí 2020, baineadh amach 244 mórbhonn ar fad. Bhain Éire breis agus 300 mórbhonn amach le linn thimthriall sínte na gCluichí.

Ba rathúil Cluichí Oilimpeacha Thóiceo d'Éirinn ó thaobh feidhmíochta de. Baineadh amach ceithre bhonn agus chríochnaigh 13 lúthchleasaí san ochtar ab fhearr ina gcomórtais. Bhí na torthaí sin i gcomhréir leis an ionchas a leagtar amach sa Straitéis Ardfheidhmíochta.

Bhain Éire seacht mbonn agus amach agus chríochnaigh 27 lúthchleasaí san ochtar ab fhearr i gCluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí sé seo beagán faoi bhun na sprice maidir le boinn arna leagan amach sa Straitéis Ardfheidhmíochta (8-10).

Nasc chuig Straitéis Spóirt Éireann - Mír Gníomhaíochta 11: *“Cur chuige comhpháirtíochta láidir a fhorbairt agus a chothabháil idir na páirtithe leasmhara uile sa spóirt Ardfheidhmíochta.”*

Cuireann an tAonad Ardfheidhmíochta béim ar chaidrimh a chothú agus a chur chun cinn idir na príomhpháirtithe leasmhara ar fud an chórais ardfheidhmíochta. Tá soiléireacht ról agus sainchúraim ríthábhachtach chun na caidrimh seo a uasmhéadú. Tugann Coiste Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann deis do roinnt príomh-chomhpháirtíochtaí dul chun cinn a dhéanamh, ag éascú rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara chun an córas ardfheidhmíochta a fheabhsú.

Is fochoiste de Bhord Spórt Éireann é an Coiste Ardfeidhmíochta. Feidhmíonn sé chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt ar bhonn leanúnach ar ábhair a bhaineann le feidhm Spórt Éireann faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann 2015; “spórt iomaíoch a spreagadh, a fhorbairt agus a chomhordú agus sármhaitheas a bhaint amach sa spórt iomaíoch”. Tá ionadaithe ar an gCoiste ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann, ó Chumann Parailimpeacha na hÉireann, agus ó Spórt Thuaisceart Éireann.

8. *Institiúid Spóirt Éireann*

Forbhreathnú ar an Aonad

Faoin Acht um Spóirt Éireann 2015, is iad seo a leanas na feidhmeanna a chuireann Institiúid Spóirt Éireann i gcrích go hiomlán nó go páirteach thar ceann Spóirt Éireann:

- cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spóirt iomaíoch, a spreagadh;
- tacú le scoth-lúthchleasaithe barr feabhais a bhaint amach sa spóirt;
- faisnéis a scaipeadh maidir leis an spóirt iomaíoch nó an spóirt áineasa

Oibríonn Institiúid Spóirt Éireann go díreach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Ardfheidhmíochta agus soláthraíonn sí na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí Eolaíochta agus Leighis Spóirt
- Scileanna saoil agus tacaíocht chomhairleach do lúthchleasaithe
- Cláir Forbartha Daoine Ardfheidhmíochta arna soláthar ag ár rannóg Cumais agus Saineolais
- Tacaíocht do phleanáil feidhmíochta
- Ionad Traenála Ardfheidhmíochta

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Is í Institiúid Spóirt Éireann an t-aonad soláthair tacaíochta feidhmíochta i Spóirt Éireann agus tá sí dírithe go sonrach ar thacú le Spóirt Ardfheidhmíochta in Éirinn agus leis na lúthchleasaithe dá gcuid atá ag iarraidh ardfheidhmíocht a bhaint amach ag Cluichí Oilimpeacha agus ag Cluichí Parailimpeacha. Ba é an príomhghníomh sa réimse ardfheidhmíochta ná Straitéis Ardfheidhmíochta a fhorbairt. Tar éis a fhoilsithe, athbhreithníodh Ráiteas Straitéise na hInstitiúide 2020-2024 chun é a cur i gcomhréir dhíreach leis an Straitéis Ardfheidhmíochta. I measc na bpríomhghníomhartha a tháinig chun cinn, bhí naisc níos láidre a fhorbairt leis an earnáil 3ú leibhéal, tacaíochtaí feabhsaithe feidhmíochta do lúthchleasaithe, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe ar an gconair chuig na spóirt thosaíochta.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann 2018-2022

Tá Institiúid Spóirt Éireann (i gcomhar leis an Aonad Ardfheidhmíochta) freagrach as Gníomhartha 9, 11 agus 12 de Straitéis Spóirt Éireann 2018-2022 a chur i bhfeidhm mar seo a leanas:

Gníomh 9: Tuilleadh ratha agus bonn a bhaint amach le linn thimthriall na gCluichí Oilimpeacha agus na gCluichí Parailimpeacha, rud a mbeidh creat infheistíochta nua don Spóirt Ardfheidhmíochta mar bhonn agus thaca aige

Gníomh 11: Cur chuige comhpháirtíochta láidir a fhorbairt agus a chothabbáil idir na príomh-gheallsealbhóirí uile sa spórt Ardfeidhmíochta

Gníomh 12: Beidh Institiúid Spórt Éireann i gceannas ar chóras a mbeidh ardchaighdeán i bhfeidhmíocht, i gceannaireacht, i gcóitseáil agus i seirbhísí mar shaintréithe de

Buaicphointí an Chláir

Tóiceo 2020

Bhí Institiúid Spórt Éireann ina Comhpháirtí Oifigiúil Soláthair Tacaíochta Feidhmíochta do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann le haghaidh Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo 2020. Bhí ár dtacaíocht á rialú ag Meabhráin Tuisceana leis an dá eagraíocht.

Is iad seo a leanas na príomhthorthaí a tharla mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht le Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann:

- Thug 24 ball foirne tacaíocht d'Fhoireann na hÉireann sa tSeapáin ag Cluichí Thóiceo nó ag campaí traenála réamhchluiche.
- Thug 6 bhall foirne tacaíocht d'Fhoireann na hÉireann go cianda ó Éirinn – go príomha sna disciplíní seirbhíse Anailís Feidhmíochta agus Síceolaíochta.
- Ba ón Institiúid a tháinig beirt bhall as an seisear a bhí ar an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta Fhoireann na hÉireann do Thóiceo:
- Líonadh 6 cinn de na 8 bpost Ceannasaithe Tacaíochta Feidhmíochta ó fhoireann na hInstitiúide
- D'fheidhmigh beirt dár bhfoireann mar Leas-Bhainisteoirí Campa ag Campa Coinneála Fhoireann Oifigiúil Éireann i gCathair Fukuroi.
- Tugadh duine amháin dár bhfoireann oibríochtaí ar iasacht do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann chun ról Oifigeach Idirchaidrimh Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann um Covid a líonadh.

Is iad seo a leanas na príomhthorthaí a tharla mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht le Cumann Parailimpeach na hÉireann:

- Cuireadh 6 bhall foirne ar fáil chun tacaíochta a thabhairt d'Fhoireann na hÉireann sa tSeapáin ag Cluichí Thóiceo nó ag campaí traenála réamhchluiche.
- D'oibrigh Cinn Tacaíochta Feidhmíochta go dlúth le ceannaireacht na dtrí paraspórt tosaíochta ar son na hInstitiúide le linn thimthriall na gCluichí i spóirt Para-Lúthchleasaíocht, Para-Rothaíocht agus Para-snámh.

Cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil ar fud na glár Oilimpeach agus Parailimpeach araon, mar shampla:

- Chuir 4 dár bhfoireann le Grúpa Comhairleach Chónaidhm Oilimpeach/Parailimpeach na hÉireann ar Covid, a bhfuil de chúram orthu bealach sábháilte Covid a chinntiú do lúthchleasaithe agus don fhoireann chuig na Cluichí agus tríothu
- Comhordaíodh agus seachadadh an clár Tástála PCR (Tástáil um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaraíse) Réamhchluichí chun a chinntiú go gcoítear le Leabhar Imeartha Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha. Rinneadh 571 tástáil san iomlán do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus 92 tástáil do Chumann Parailimpeacha na hÉireann.

- Cuireadh Clár Trasdula Thóiceo i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear tacaíocht ar an láthair i dThóiceo a chuir baill dár bhfoireann síceolaíochta agus scileanna saoil ar fáil.
- Tacaíocht iomlán trasna disciplíní seirbhíse maidir le hullmhacht réamhchluichí do lúthchleasaithe agus don fhoireann tacaíochta trí Shraith de Seimineáir agus Ceardlanna de chuid Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann maidir le bheith Réidh le dul go Tóiceo.

Páras 2024

I ndiaidh an athbhreithnithe ar Thóiceo 2020, tá Institiúid Spórt Éireann tar éis Meabhráin Tuisceana feabhsaithe a chur i gcrích chun tacaíocht a sholáthar do lúthchleasaithe Oilimpeacha agus Parailimpeacha na hÉireann do thréimhse Chluichí Pháras 2024.

Bearta Sábháilte Covid

D'imir an t-ardú tobann ar líon na gcásanna in Éirinn idir Eanáir agus Feabhra 2021 tionchar an-mhór ar lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta i spóirt ardfeidhmíochta agus tuairiscíodh go leor cásanna sa phobal ardfeidhmíochta ag an am sin. Chuir an Institiúid tacaíocht chomhairleach ar fáil an t-am ar fad do lúthchleasaithe chun tacú le taisteal sábháilte Covid (lena n-áirítear seirbhís fhairsing tástála Covid) chomh maith le comhairle agus tacaíocht leighis a sholáthar do lúthchleasaithe chun filleadh go sábháilte ar thraenáil agus iomaíocht tar éis ionfhabhtú Covid-19.

Cuireadh clár tástála na hInstitiúide i bhfeidhm chun tacú le cáiliú agus ullmhúchán le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha. Ó Dheireadh Fómhair 2020 go Lúnasa 2021, choimisiúnaigh an Institiúid 2,613 tástáil san iomlán ó sholáthraithe tríú páirtí.

An Suirbhé Bliantúil ar Thuairimí Lúthchleasaithe

Baintear úsáid as an suirbhé anaithnidithe seo chun tuairimí an phríomhghrúpa úsáideoirí is lúthchleasaithe ar na seirbhísí tacaíochta agus na baill foirne san Institiúid a rianú gach bliain ar mhaithe lena chinntiú go mbíimid ag freastal ar riachtanais lúthchleasaithe. Baineadh amach spriocráta sásaimh 80% i ngach disciplín agus bhain cáilíocht na tacaíochta ráta sásaimh 88% amach do 2021.

Forbhreathnú ar an gClár – Buaicphointí

- Seoladh an Clár Creidiúnaithe Déghairme agus rinneadh breithniú ar na chéad dámhachtainí. Bhain 5 Institiúid um Ard-Oideachas lánchreidiúnú amach agus bhain institiúid eile stádas cleamhnaithe amach.
- Ghlac an fhoireann athshlánúcháin páirt i dtionscadaíl ildisciplíneacha éagsúla sa bhliain 2021, na cinn seo a leanas san áireamh:
 - a. Áiríodh leo sin: Tionscadal Easnamh Fuinnimh Choibhneasta sa Spórt (RED-S) in Institiúid Spórt Éireann
 - b. Seisiúin Nuálacha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí
 - c. Pian Bhalla an Chliabhraigh/Gortú Struis Easna: Conair Chúraim Chliniciúil
 - d. Tionscadal Comhtholgha: Cleachtas comhtháite
 - e. Tionscadal um Barrfheabhsú na hÁite Rothaíochta Fiseolaíocht

- Rinne piarghrúpa gairmiúil síceolaithe spóirt curaclam meabhairscileanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do lúthchleasaithe a bhí ag dul go Tóiceo. Bhí ceithre thopaic i gceist leis an gcuraclam seo:
 1. Déileáil le Roghnú
 2. Ullmhú do na Difríochtaí Cultúir agus Comhshaoil sa tSeapáin
 3. Pleanáil Theagmhasach le haghaidh na gCluichí
 4. Déileáil leis na meáin agus leis na meáin shóisialta.
- Faomhadh Straitéis um Chumas agus Saineolas chun tacú leis an earnáil Spóirt Ardfeidhmíochta agus cuirfear tús lena cur chun feidhm iomlán in 2022. Díróinn an straitéis ar thacaíochtaí saincheaptha do 5 ghrúpa foghlama gairmiúla: Stiúrthóirí Feidhmíochta, Cóitseálaithe, cleachtóirí Eolaíochta Spóirt & Leighis, pearsanra tacaíochta Feidhmíochta agus lúthchleasaithe.
- Ghlac 22 cóitseálaí páirt sa Chlár Saothrú Sármhaitheasa a cuireadh i bhfeidhm le hullmhú dó Thóiceo, 2020.
- Bunaíodh Clár Scoir ACT (Aistriú Gairme Lúthchleasaithe) in 2021 leis an Aonad Ardfeidhmíochta chun tacú le lúthchleasaithe cardáilte ó thaobh airgeadais de agus go praiticiúil tríd an bpróiseas aistrithe chuig gairm eile luath go leor ina saol.
- Den chéad uair riamh, rinne anailísithe feidhmíochta mar chuid de Líonra Tacaíochta Feidhmíochta anailís ar fhoireann na hÉireann a bhí san iomaíocht ag Cluichí Oilimpeacha agus bhí 3 anailísí i láthair i dTóiceo i gceist agus 3 anailísí eile lonnaithe in Éirinn ag obair ar feadh na hoíche chun tacaíocht chiananailíse a sholáthar do 7 spórt ar an iomlán, lena n-áirítear dornálaíocht, raonrothaíocht, haca na mban, seómharcaíocht, badmantan, tumadóireacht agus gleacaíocht. Chuir an líonra sruthanna físe fíor-ama ar fáil a roinneadh le cóitseálaithe agus anailísithe i dTóiceo trí leas a bhaint as ardáin éagsúla comhroinnte.
- Lean an t-éileamh ar thacaíocht síceolaíocht chliniciúil ar aghaidh ag fás in 2021, go háirithe go luath sa bhliain nuair a bhí srianta Covid ar an leibhéal ab airde in Éirinn, ach bhí gá le taisteal idirnáisiúnta a atosú mar gheall ar cháilíocht Oilimpeach. Rinne an Institiúid freastal ar an éileamh seo trínár gcumas sa disciplín seo a dhúbailt.
- Fuair an t-ochtair buaiteoirí bonn Oilimpeach i dTóiceo tacaíocht dhíreach maidir le neart & aclaíocht ó Fhoireann Nirt & Aclaí na hInstitiúide.

9. Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna atá ag Spóirt Éireann i réimse na frithdhópála faoin Acht um Spóirt Éireann, 2015:

- caighdeán dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spóirt a éascú trí threoirlínte agus cóid chleachtais a fhógairt;
- tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfaidh Spóirt Éireann a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spóirt a chomhrac;
- pleanáil, cur chun feidhme, meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chláir oideachais agus faisnéise chun dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spóirt a éascú;
- ina cháil mar eagraíocht náisiúnta frithdhópála sa Stát, bailiú samplaí a ordú, bainistiú a dhéanamh ar thástáil samplaí agus ar thorthaí tástála, agus freastal ar éisteachtaí, de réir mar is gá.

1. Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá an tAonad Frithdhópála dírithe ar ionracas laistigh d'eagraíochtaí earnála spóirt agus déantar cothrom na Féinne, meas, eitic, ionracas agus sábháilteacht a chur chun cinn agus a chothú ar fud an chórais spóirt le gníomhaíochtaí an Aonaid.

2. Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 14 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Rialachas Spóirt Éireann - Forbairt earnála an-éifeachtach spóirt a bhrú chun cinn, ar earnáil í a mbeidh tionchar aici ar fud na tíre. Leanúint le feidhmeanna Frithdhópála agus Eitice a oibriú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde ó thaobh tástála, oideachais agus taighde de.

3. Buaicphointí an Chláir

- Bailíodh 1,354 cinn de shamplaí fola agus fuail ó lúthchleasaithe.
- Chuir níos mó ná 8,300 duine aonair an cúrsa ríomhfhoghlama frithdhópála ar líne i gcrích.
- Sa bhliain 2021, rinneadh níos mó ná 11,821 fiosrúchán rathúla ar shuíomh gréasáin an tseiceálaí cógais ar www.cirpharm.com.

4. Forbhreathnú ar an gClár

Bhailigh Spóirt Éireann 1,354 cinn de shamplaí fola agus fuail sa bhliain 2021. Bailíodh na samplaí ó 29 spóirt éagsúla. Ba shamplaí lasmuigh de chomórtas iad 84% de na samplaí a bailíodh.

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Comórtas	Lasmuigh de Chomórtas	Fuil	Iomlán
Lúthchleasaíocht Éireann	35	86	81	202
Badmantan Éireann	7	1	0	8
An Cumann Camógaíochta	4	0	0	4
Aontas Canúála na hÉireann	0	15	7	22
Cruicéad Éireann	2	0	0	2
Rothaíocht Éireann	19	102	100	221
Cumann Peile na hÉireann	28	45	0	73
Cumann Lúthchleas Gael	40	76	24	140
Galf Éireann	2	0	0	2
Gleacaíocht Éireann	0	6	1	7
Haca Éireann	0	15	0	15
Eachspórt Éireann	9	0	0	9
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	4	44	8	56
Cumann Júdó na hÉireann	0	13	1	14
Aontas Gailf Ban na hÉireann	2	0	0	2
Cumann Rugbaí na hÉireann	4	102	57	163
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	0	17	1	18
Cumann Taekwondo na hÉireann	0	3	1	4
Cumann Tarraingt Téide na hÉireann	2	0	0	2
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Saíú	0	3	1	4
Cumann Pheil na mBan	8	0	0	8
Gluaisrothaíocht Éireann	2	0	0	2
Cumann Rásaíochta Mótair na hÉireann	21	0	0	21
Cumann Parailimpeach na hÉireann	0	47	14	61
Peantatlan Éireann	0	10	7	17
Rámhaíocht Éireann	5	61	61	127
Cumann Snámha na hÉireann	14	53	42	109
Trí-atlan Éireann	9	14	14	37
Tógáil Meáchain Éireann	4	0	0	4
Iomlán	221	713	420	1354

Íoc mar a Úsáidtear

Thug Spórt Éireann faoi thástáil faoin gClár 'Íoc mar a Úsáidtear'. Is é atá i gceist leis sin go n-íocann eagraíochtaí spóirt as tástáil. Le linn 2021, rinneadh 204 dtástáil faoin gclár seo – 159 tástáil fuail agus 45 tástáil fola.

Tábla 3

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Comórtas	Lasmuigh de Chomórtas	Fuail	Iomlán
Aonad Ionracais na Lúthchleasaíochta	0	8	8	16
Lúthchleasaíocht Éireann	2	0	0	2
Lárionad Cheanada um Eitic sa Spórt	0	4	2	6
Cumann Lúthchleas na hEorpa	24	24	24	72
Federation Equestre Internationale	5	2	0	7
Federation Internationale de Hockey	0	2	0	2
Federation Internationale de Natation	0	1	0	1
Cónaidhm Idirnáisiúnta Sciála Uisce & Clúchleasaíochta Spóirta	0	1	0	1
Cumann Rugbaí na hÉireann	20	0	0	20
Gníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe	0	3	0	3
Cumann Lúthchleasaíochta an Domhain	6	0	0	6
Cumann Ramhaíochta an Domhain	2	0	0	2
Cumann Rugbaí an Domhain	20	35	11	66
Iomlán	79	80	45	204

Reáchtáladh an oiliúint bhliantúil ar Phearsana Bailiúcháin Samplaí (SCP) ar líne ar an 3 agus 18 Samhain agus tá 39 SCP creidiúnaithe do 2022.

Cuireadh oiliúint ar 10,150 lúthchleasaí agus pearsana tacaíochta lúthchleasaithe trí sheimineáir aghaidh ar aghaidh, trí sheisiúin oideachais ar líne agus trí shuíomh ríomhfhoghlama Frithdhópála Spórt Éireann. Is méadú é sin ar fhiigiúr 2020 nuair a cuireadh oiliúint ar 6,544 lúthchleasaí agus pearsana tacaíochta lúthchleasaithe.

Leanann Spórt Éireann ag cur le grúpa comhairleach oideachais Chomhairle na hEorpa. In 2021, d'fhreastail Spórt Éireann ar chúig chruinniú ar líne san iomlán mar chuid den ghrúpa seo. Dhírigh príomhchuid oibre na gcruinnithe seo ar chreat aontaithe a fhorbairt maidir le conas a théann Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála i dteagmháil lena bpáirtithe leasmhara, go háirithe Cónaidhmeanna Náisiúnta nó Comhlachtaí Rialaithe, i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an oideachais frithdhópála.

Ag leanúint ar aghaidh ó Thionscadal taighde RESPECT roimhe seo, tá Aonad Frithdhópála Spórt Éireann mar chuid de thionscadal Taighde Erasmus Plus atá dírithe ar chabhrú le guth na lúthchleasaithe atá san iomaíocht i bParaspóirt a ardú.

Is é sprioc an ghrúpa seo smaointeoirí agus cleachtóirí comhaimseartha a thabhairt le chéile chun taighde atá ar ardchaighdeán ar dhópáil agus cosc dópála atá bunaithe ar fhianaise a chothú.

In 2021, mar chuid de cheann de na pacáistí oibre a chuimsítear sa staidéar, rinne taighdeoirí sé agallamh ar leith le pearsanra tacaíochta lúthchleasaí a oibríonn go díreach le para-lúthchleasaithe in Éirinn. Tá sé beartaithe go réachtálfar fócasghrúpa lúthchleasaí go luath in 2022 mar chuid den phacáiste oibre eile atá sa staidéar. Éascóidh taighdeoir oile lúthchleasaí an fócasghrúpa seo.

As na hiarratais bhailí a rinneadh chuig Spórt Éireann ar Dhíolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUE) sa bhliain 2021 (15 cinn), cheadaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach 11 cinn tar éis dó comhad leighis cothrom le dáta a fháil. Bhí ceithre iarratas fós ina n-iarratais neamhiomlána ag deireadh 2021 toisc go raibh na TUEanna rangaithe mar iarratais oiriúnacha le cur isteach mar iarratais TUE iarthástála, rud nach gá do lúthchleasaithe áirithe faoi Rialacha Frithdhópála na hÉireann TUE a fháil roimh ré. Ina theannta sin, d'fhaomh an Coiste TUE iarratas amháin Iar-Thástála TUE tar éis comhad leighis bailí a fháil.

Rinneadh iniúchadh Deimhnithe ISO Bliantúil an Aonaid Frithdhópála Déardaoin an 21 Deireadh Fómhair 2021.

Ní bhfuarthas fionnachtain ar bith agus tá an tAonad Frithdhópála slán go dtí Samhain 2022.

Rinneadh iniúchadh inmheánach an Aonaid Frithdhópála Dé hAoine an 26 Samhain 2021. Ní bhfuarthas ach 3 fhionnachtain an-bheag. Ar bhonn thorthaí an iniúchta inmheánaigh, bhain KOSI de thátal as gur féidir dearbhú den scoth a chur ar an mbealach ina ndéantar bainistiú inmheánach ar an Aonad Frithdhópála i Spórt Éireann.

10. Campas Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Tá an tAonad Forbartha Campais freagrach as na nithe seo a leanas: an máistirphlean don champas a chur chun feidhme; formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt saoráidí aonair ar an gcampas; straitéisí agus tograí a cheapadh le haghaidh forbairt agus úsáid saoráidí amach anseo; agus úsáid an champais a chur chun cinn ar gach leibhéal, idir ardfeidhmíocht agus rannpháirtíocht daoine den phobal i gcoitinne. Is í fochuideachta atá faoi lánúinéireacht Spóirt Éireann atá freagrach as oibriú laethúil na saoráidí ar an gCampas.

Naisc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt

“Le Campas Spóirt Éireann, soláthraítear saoráidí ardfeidhmíochta ina bhfuil timpeallacht úrscothach traenála do na lúthchleasaithe is fearr in Éirinn chun tacú leo ullmhú do chomórtais. Agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht a chur chun cinn á haithint againn, feicimid freisin ról níos leithne don Champas i rochtain a éascú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, do chlubanna, do phobail agus do scoileanna ar bhealach atá ag teacht leis an bpríomhphrionsabal lena gcinntítear rochtain tosaíochta fud fad na bliana do na lúthchleasaithe is fearr atá againn.” Cuirfidh an obair a dhéanfaidh an t-aonad forbartha campais na spriocanna sin chun cinn trí mháistirphlean agus straitéisí tógála nua a fhorbairt sna deich mbliana atá romhainn.

Nasc le Straitéisí Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 5 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Timpeallacht úrscothach ag Campas Náisiúnta Spóirt Spóirt Éireann

Buaicphointí an Chláir

Máistirphlean an Champais – Beidh Campas Spóirt Éireann ina ionad áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun barr feabhais a bhaint amach sa spóirt in Éirinn. Beidh an Campas ina bhaile nua d’fhorbairt lúthchleasaithe agus ina lárphointe do chur chun cinn an spóirt, na sláinte agus na folláine laistigh den phobal.

Bainfear é seo amach trí mháistirphlean straitéiseach a chur i bhfeidhm a sholáthraíonn creat chun saoráidí spóirt forásacha agus den chéad scoth a sholáthar. Cuirfidh an máistirphlean ar chumas Spóirt Éireann freisin acmhainneacht an Champais a uasmhádú lena úsáid ar chúiseanna pobail, oideachais agus áineasa. Beidh fócas soiléir sa mháistirphlean ar dhaoine, idir lúthchleasaithe den scoth agus an pobal i gcoitinne, agus ar na buntáistí go léir a d’fhéadfadh an spóirt a bhaint amach. Léireoidh an máistirphlean oidhreacht agus stair an spóirt in Éirinn, agus é ag iarraidh áiteanna gníomhacha a chruthú a chruthóidh oidhreacht nua do na glúnta atá le teacht.

Féachann an máistirphlean le fíis nua a bhunú don Champas, le foirgnimh agus áiseanna suite laistigh de ghréasán inbhuanaithe nasctha de ghluaiseacht agus tírdhreach, ag cruthú sraitheanna d’áiteanna sainiúla, cuimhneacha agus tréitheacha lena mbaineann an caighdeán dearaidh is airde.

Eolas chun Dáta 2021:

Cuireadh an dréacht-Mháistirphlean faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2021 le faomhadh an Aire agus an Rialtais a fháil.

Veileadróm & Lárionad Badmantain – Is ceann de na chéad tionscadail a sholáthrófar mar chuid de Mháistirphlean an Champais ná an Veileadróm agus Lárionad Badmantain Náisiúnta nua. Beidh an tsaoráid nua seo ina sainchomhartha go háitiúil agus ar fud na hÉireann. Beidh an chéad raon veileadróm laistigh in Éirinn sa tsaoráid seo, rud a chruthóidh baile buan do Rothaíocht Éireann agus Badmantain Éireann. Feidhmeoidh an foirgneamh nua mar spreagadh d'fhorbairt na n-áiseanna ardfheidhmíochta spóirt ar an gCampas amach anseo, agus cuideoidh sé freisin le tairbhí na rothaíochta a chur chun cinn don phobal i gcoitinne. D'fhaomh an tAire Réamhchás Gnó don tionscadal i mí na Samhna 2021.

Cóiríocht do Lúthchleasaithe – thug Spórt Éireann roinnt réamh-mheasúnuithe chun críche maidir le hinmharthanacht agus dearadh Mol Cóiríochta do Lúthchleasaithe ar an gcampas, lena n-áirítear anailís mhionsonraithe éilimh agus tuarascáil measúnaithe straitéisigh. Beidh riachtanais na lúthchleasaithe mar príomhfhócas agus spreagadh i bhforbairt an Champais ar fad agus i bhforbairt na n-áiseanna aonair atá molta laistigh den mháistirphlean, lena n-áirítear cóiríocht. Cinnteoidh an cur chuige iomlánaíoch seo go dtabharfar tacaíocht agus go ndéanfar freastal ar gach gné de shaol lúthchleasaí, laistigh agus lasmuigh dá n-oiliúint, ar an gCampas.

Forbhreathnú ar an gClár - Ba é an príomhfhócas do 2021 ná athbhreithniú a dhéanamh ar mháistirphlean an champais. Mar ghníomhaireacht reachtúil don spórt in Éirinn, féachann Spórt Éireann leis an gclár oibre náisiúnta spóirt a threorú. Déanaimid é sin trí luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha, agus an coincheap um 'spórt ar feadh an tsaoil do gach duine' á bhaint amach agus tacaíocht á tabhairt do rath ardfheidhmíochta. Chuige sin, teastaíonn uainn Campas beo Spórt Éireann atá chomh tairbhíúil do shiúlóirí áineasa agus do dhaoine den phobal áitiúil is atá sé do lúthchleasaithe Oilimpeacha agus seaimpíní domhanda.

Comhdhlúthóidh agus comhlonnóidh an máistirphlean cóiríocht oifige do Spórt Éireann, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Parailimpeacha Éireann agus na comhlachtaí rialaithe náisiúnta laistigh den Champas. Trí bhaile náisiúnta nua agus comhtháite a chruthú do rialachas spóirt in Éirinn, tá sé mar aidhm ag an máistirphlean comhoibriú a spreagadh idir eagraíochtaí agus éiteas nuálaíochta a chur chun cinn laistigh den spórt.

Soláthrófar saoráidí saintógtha oifige agus comhdhála den chéad scoth spásanna oibre cruthaitheacha agus solúbtha agus áiseanna cruinnithe comhroinnte chun tacú leis an spórt ardfheidhmíochta a fhorbairt. Tacóidh Ionad Nuálaíochta nua leis seo trí thacú le fás an taighde agus an teicneolaíochta spóirt a chothú in Éirinn.

Tá freagracht ar Spórt Éireann cur le gealltanais idirnáisiúnta na hÉireann maidir le hastaíochtaí a laghdú agus a bheith chun tosaigh maidir le dul i ngleic leis an éigeandáil reatha um athrú aeráide. Beidh príomhról ag forbairt an Champais maidir le tairbhí sóisialta agus geilleagracha an spóirt a uasmhéadú agus ár dtimpeallacht nádúrtha

a chosaint agus a fheabhsú go hinbhuanaithe. Féachann fíis an mháistirphlean lena chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht agus athléimneacht aeráide fite fuaite i ngach gné de phleanáil, dearadh, tógáil agus oibriú Champas Spóirt Éireann. Mar chuid de phróiseas an mháistirphlean, tá measúnú inbhuanaitheachta mionsonraithe á ullmhú chun féachaint ar na deiseanna comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha don Champas.

Leanann an t-aonad forbartha i Spóirt Éireann de bheith ag dul i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann saoráidí eile a fhorbairt ar an gcampas ar mhaithe leis an spóirt ar gach leibhéal, idir áineas agus ardfeidhmíocht. Aidhm ar leith atá aige is ea ionaid nua bharr feabhais a fhorbairt. Cuirfear toradh an phlé sin san áireamh sa mháistirphlean nua, a bheidh ina chuid den chlár forbartha sna blianta atá le teacht.

Táthar ag súil go ndéanfar tionscadail aonair tógála agus bonneagair a sheachadadh i sraith céimeanna thar shaolré an mháistirphlean. Is ar riachtanais na lúthchleasaithe agus ar fhás an spóirt in Éirinn a bheidh céimniú agus pleanáil mhionsonraithe an tseachadta bunaithe.

11. Cóitseáil Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Imríonn Aonad Cóitseála Spóirt Éireann an príomhról ó thaobh cóitseála spóirt de, ar bhonn uile-oileáin in Éirinn. Ag obair dúinn i gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus leis an mórearnáil spóirt, stiúraimid forbairt na cóitseála in Éirinn trí chlár tacaíochta oideachais ar ardchaighdeán a chur chun feidhme do chóitseálaithe agus do theagascóirí.

Nasc le Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus an Plean Gníomhaíochta Spóirt 2021-2023

Forbraíodh an Plean Cóitseála 2021-2025. Leagann an Plean amach na cuspóirí do Chóitseáil Spóirt Éireann thar na cúig bliana amach romhainn faoi chúig phríomhréimse - Comhpháirtíochtaí; Oideachas agus Oiliúint; Cóitseáil agus Pobail; Taighde agus Nuálaíocht agus Ceannaireacht. Seoladh an Plean i mí na Nollag 2021.

Is gné thábhachtach de Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an Inniúlacht Fhísiciúil, go háirithe comhtháthú na hinniúlachta fisiciúla le hobair na n-eagraíochtaí sin a bhfuil baint acu le spóirt agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn. In 2021, choimisiúnaigh Spóirt Éireann, i gcomhar le Spóirt Thuaisceart Éireann, comhfhoireann taighde a chuimsigh Ollscoil Uladh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun Ráiteas Uile-Oileáin ar Inniúlacht Fhísiciúil a chur le chéile. Tá an Ráiteas Comhaontaithe Uile-Éireann um Inniúlacht Fhísiciúil le seoladh in 2022.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Leagtar na cuspóirí seo a leanas le haghaidh Cóitseála amach i Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann 2018-2022:

- Clár lánfhorbartha forbartha cóitseála a bheith ann i níos mó ná 60 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta
- A chinntiú go ndéantar cáilíochtaí cóitseála a chreidiúnú ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
 - Spóirt Éireann a fhorbairt mar phríomhghníomhaireacht don oideachas spóirt in Éirinn.

Buaicphointí an Chláir

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an athbhreithniú leanúnach ar an gClár Forbartha Cóitseála d'Éirinn atá le críochnú in 2022. Leagtar caighdeán náisiúnta amach ann maidir le forbairt agus seachadadh clár forbartha cóitseálaithe agus oideachais do gach spóirt comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile. Dheimhnigh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (CCÉ) an clár Forbartha Cóitseálaithe agus rinneadh é a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag Leibhéal 7 mar Dhámhachtain Sainchuspóireach (45 creidiúint). Cuireann bailíochtú CCÉ go mór le próifíl an chláir agus le próifíl an chláir Forbartha Cóitseálaithe, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus is céim lárnach é i dtreo Spóirt Éireann a bheith ar an bpríomhghníomhaireacht d'oideachas spóirt in Éirinn (Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann 2018-). 2022). Comhlíonann sé freisin ceann d'aidhmeanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt (2018-2027) maidir le cáilíochtaí a bhaineann le spóirt a áireamh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Bunaíodh an chéad Chomhairle Oideachais agus Oiliúna de chuid Spóirt Éireann. Is í Cóitseáil Spóirt Éireann a stiúran an Chomhairle seo agus soláthraíonn sí maoirseacht agus cinnteoireacht ar ábhair a bhaineann le dearbhú cáilíochta an oideachais agus na hoiliúna i Spóirt Éireann. Déanfaidh an Chomhairle moltaí do Bhord Spóirt Éireann agus do Choistí eile de chuid Spóirt Éireann maidir le hoideachas agus oiliúint, agus cabhróidh sí le cur chuige comhordaithe a sholáthar maidir le hoideachas agus oiliúint i Spóirt Éireann ar fud na nAonad ábhartha.

Forbraíodh clár Forbróirí Oifigeach chun oiliúint a chur orthu siúd laistigh de CRN atá freagrach as oiliúint a chur ar oifigigh. Cuireadh an chéad chuid den chlár i bhfeidhm ar bhonn píolótach in 2021. Nuair a thiocfaidh sé sin chun deiridh, déanfaidh an Painéal Athbhreithnithe Clár Seachtrach agus Comhairle Oideachais agus Oiliúna Spóirt Éireann athbhreithniú ar an gclár.

Lean Aonad Cóitseála Spóirt Éireann de bheith ag obair le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn dóibh Cúrsaí Oideachais do Chóitseálaithe a fhorbairt dá gConairí Cóitseála faoi seach.

Lean Aonad Cóitseála Spóirt Éireann le hobair a dhéanamh in 2021 ar thrí thionscadal atá cistithe ag an gclár Erasmus+. Bhí baint ag an Aonad Cóitseála freisin leis an athbhreithniú ar Chreat Forbartha Cóitseálaithe na Comhairle Idirnáisiúnta um Fheabhas Cóitseála (ICCE), a fhoilseofar go luath in 2022.

Forbhreathnú ar an gClár

Tá obair ar bun ar shainaitheint a dhéanamh ar na riachtanais le haghaidh bunachar sonraí nua Oideachais agus Oiliúna lena úsáid ar fud gach ceann d'Aonaid Spóirt Éireann.

Cuireadh tús in 2021 le hathbhreithniú ar an gClár Forbartha Cóitseála d'Éirinn um Chóitseáil Daoine faoi Mhíchumas. Mar chuid den ghrúpa oibre a bhí ag obair air seo, bhí ionadaithe ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, CARA agus Cumann Parailimpeach na hÉireann I gcomhar le CARA, cuireadh tús le hobair chun acmhainn ríomhfhoghlama a fhorbairt is féidir le CRNanna a úsáid mar chuid dá ndámhachtainí oideachais cóitseálaithe agus mar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do chóitseálaithe cáilithe.

Bhí baint mhór i gcónaí ag Cóitseáil Spóirt Éireann leis an nGluaiseacht iCoachKids ag díriú in 2021 ar leanaí idir 12-18 mbliana d'aois (trí thionscadal iCoachKids+); ceardlanna a fhorbairt chun cailíní sna déaga a chóitseáil, daoine óga agus tuismitheoirí a chóitseáil; agus cuidiú chun an cúigiú comhdháil Idirnáisiúnta iCoachKids a reáchtáil.

12. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Forbheathnú ar an Aonad

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Leagtar amach go soiléir i gClár an Rialtais don bhliain 2020 cuspóirí nua uailmhianacha atá le comhlíonadh ag an spóirt, go háirithe maidir leis na spriocanna rannpháirtíochta spóirt, a méadaíodh ó spóirt a bheith á imirt ag 50% d'aoisigh ar bhonn rialta, mar a leagadh amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018, go spóirt a bheith á imirt ag 60% d'aoisigh ar bhonn tráthrialta faoin mbliain 2027. Chun an méid sin a bhaint amach, leagtar béim sa bheartas ar an ngá atá ann le dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta ach spriocdhírú ar ghrúpaí inár sochaí ar lú go mór a rannpháirtíocht ná an meán foriomlán. Áirítear leo sin daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíochta ísle, mná agus cailíní, agus grúpaí mionlaigh eitnigh, amhail an Lucht Taistil.

Tugann Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann tacaíocht do líonra náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá croí-obair an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag teacht le cuspóirí Straitéis Spóirt Éireann agus cuspóirí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Mar chuid den obair sin, tugann an Líonra faoi Fhorbairt Straitéiseach Spóirt sa Phobal agus soláthraíonn sé Clár Náisiúnta, Tionscnaimh Oideachais agus Oilúna, an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt, Clár um Mná sa Spóirt, Clár Chumhdaigh agus clár ghinearálta rannpháirtíochta.

Bhí cúigear ball foirne ar a laghad ag gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt sa bhliain 2021, ba iad sin:

- Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt,
- Riarthóir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt,
- Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt),
- Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal,
- Oifigeach Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá 57 gníomh san iomlán sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus is le rannpháirtíocht sa spóirt a bhaineann 26 cinn díobh. Gné lárnach de Ghníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh is ea cur leis an gcumas atá ag an earnáil spóirt dea-thorthaí a bhaint amach, go háirithe i measc na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt. A bhui leis an infheistíocht mhéadaithe a fuair sé ón Rialtas sa bhliain 2021, bhí Spóirt Éireann in ann an infheistíocht i gclár Chomhpháirtíochta a mhéadú chun forbairt, leathnú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar thionscdaí fhianaisebhunaithe lena spriocdhírítear ar phobail faoi mhíchumas.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt na ról thábhachtacha a imríonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt maidir le rannpháirtíocht sa spóirt a chothú agus an dóigh ar féidir leo cabhrú leis na gníomhartha rannpháirtíochta atá leagtha amach sa Bheartas a chomhlíonadh.

Imríonn líonra na CÁSanna ról buntábhachtach agus tá sé tugtha de chúram dóibhsean go háirithe le leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a ardú, go háirithe i measc na gcodanna den tsochaí a bhfuil a n-ionadaíocht sa spóirt faoi bhun an mbeáim faoi láthair.

Nearc luachmbar ar leith is ea a n-inniúlacht le deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spórt forásach, nuálach agus iomlán ionchuimsitheach ar leibhéal áitiúil. Láidreacht luachmbar ar leith is ea an cumas atá acu deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spórt forásach, nuálach agus lánchuimsitheach ar leibhéal áitiúil.” – Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Gníomhaíochta 1 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Stiúradh a dhéanamh ar an uaimhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

Mír Gníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Gníomhaíochta 3 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Cur le struchtúir chruthaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.

Mír Gníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Buaicphointí an Chláir

- Ghlac 279,973 dhuine páirt i 1,204 cheann de thionscnaimh rannpháirtíochta ar sholáthair na CÁSanna iad ar bhonn áitiúil.
- Mná ab ea 61% de na rannpháirtithe i gcláir na CÁSanna sa bhliain 2021.
- Ghlac 83,920 chailín agus 48,812 bhean páirt i gcláir CÁSanna. Ghlac 15,177 bhean páirt i 96 ceann de chláir spriodhíthe um Mná sa Spórt.
- Trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann, chláraigh 1,000,000 dhuine do 695 imeacht ar fud na tíre le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt. Ar na himeachtaí suaitheanta le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt 2021 bhí Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa, an Lá Náisiúnta Corpacmhainne, an Míle Fíorúil Teaghlaigh, Lá Céaslóireachta #BíGníomhach, agus an Lá Náisiúnta Siúil
- Ghlac 13,320 dhuine páirt in idirghabhálacha ar thacaigh an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leo, lena n-áiríodh an Míle Laethúil, parkrun, Marcanna Clós Súgartha, tionscnaimh um Obair Bhaile Gníomhach, agus soláthar acmhainní gníomhaíochta fisiciúla.
- Ghlac 6,862 duine páirt i dtionscnaimh a bhí spriodhíthe ar Dhaoine Scothaosta.
- Ghlac 8,513 duine faoi mhíchumas páirt i dtionscnaimh Chomhpháirtíochta agus fuair 1,915 duine eile oiliúint i gcláir Feasachta ar Mhíchumas, i gcláir um Uathachas sa Spórt agus i gcláir Oilíúna agus Oideachais i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas de chuid Ionad CARA.
- Tacaíodh le 29 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt chun daoine faoi mhíchumas i 29 CÁS a spreagadh páirt a ghlacadh sa spórt.
- Tacaíodh le 29 nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal chun pobail áitiúla a ghníomhachtú trí chlár, oideachas agus oiliúint spriodhíthe a sholáthar do chlubanna agus pobail in 29 CÁS.

- Cuireadh 10 Mol nua um Spórt agus Gníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt do na 37 mol a bhí ann cheana ar fud na tíre trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
 - Tionscnaíodh 15 cinn de thionscdaíil um Eachtraíocht i Limistéir Uirbeacha ar fud na tíre chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.
 - Trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tacaíodh le 137 chúrsa Ceannaireachta Óige i 19 CÁS chun daoine óga a chumasú seisiúin ghníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt.
- Fuair 20 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun sainoilúint a sholáthar d'Oibrithe Deonacha ionas go bhféadfaidís tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhírthe.
- Infheistíodh €2.2 milliún sa líonra CÁS trí Chiste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19. Leithdháileadh €1.6 milliún ar an líonra Comhpháirtíochtaí chun Scéim Deontas Beag Covid-19 do Chlubanna a riar; leithdháileadh €600,000 chun Ciste Atosaithe Bunleibhéil Covid-19 a riar.

Forbhreathnú ar an gClár

Sa bhliain 2021, leithdháileadh €9.8m chun tacú le croí-obair an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a sholáthar: Clár náisiúnta; Tionscnaimh Oideachais agus Oiliúna; Forbairt Straitéiseach; Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal; an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt; Clár um Mná sa Spórt; agus clár ghinearálta rannpháirtíochta. Clár náisiúnta; Tionscnaimh Oideachais agus Oiliúna; Forbairt Straitéiseach; Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal; an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt; Clár um Mná sa Spórt; agus clár ghinearálta rannpháirtíochta. Infheistíodh €945,000 sa Chlár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt chun an líonra de 29 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt a chothabháil ar mhaithe le rannpháirtíocht a éascú do dhaoine faoi mhíchumas. Tugann an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt spreagadh agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus clár inbhuanaithe a fhorbairt faoi Ghníomh 49 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Tá an infheistíocht sin ag teacht le Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt.

Infheistíodh €729,400 sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal, a thacaíonn le 29 nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal pleananna agus clár inbhuanaithe ghníomhaíochta fisiciúla atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil a fhorbairt faoi Ghníomhartha 44 agus 46 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Dírítear sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal freisin ar mhórtionscnaimh chuimsithe lena gcomhlíontar cuspóirí na Straitéise ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Lánpháirtíú Imirceach.

Infheistíodh €265,000 sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoin gClár um Mná sa Spórt, a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú trí dheiseanna rannpháirtíochta a thabhairt agus a chothú do mhná, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná imirceacha, mná scothaosta agus cailíní sna déaga. Tá an infheistíocht sin faoin gClár um Mná sa Spórt ag teacht le Beartas

Spórt Éireann um Mná sa Spórt. Ina theannta sin, rinne Spórt Éireann ranníocaíocht €607,605 sa bhreis chun tacú le cláir do Dhaoine Scothaosta tríd an gclár “Beir Beo ar an Saol” a reáchtálann Aostacht agus Deiseanna.

Mar aon le tionscnaimh de chuid Spórt Éireann a sholáthar, buntacaíonn na CÁSanna le cur i bhfeidhm náisiúnta an chroíchistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus le cuid mhór tionscnamh atá á gcistiú ag an gCiste Éire Shláintiúil. D'éirigh le Spórt Éireann €4.5m a áirithiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2021, airgead a chuaigh go díreach chun tairbhe do CÁS ar fud na hÉireann. Fuair Spórt Éireann €21,759 ón gCiste Éire Shláintiúil le haghaidh tionscnaimh de chuid CÁS.

Cuireadh dhá cheann déag nua de Mhoil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt don 36 mol a bhí ann cheana ar fud na tíre. Méadaíonn Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal an líon daoine de gach aois a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina bpobal, faoi mar a sainaithníodh faoi Gníomh 41 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is é an cuspóir atá leis na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal i limistéir faoi mhíbhuntáiste ná daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus baile a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa limistéar áitiúil.

Cuireadh 13 Thionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha i bhfeidhm sa tír don tríú bliain i ndiaidh a chéile sa bhliain 2021. Cinntítear leis na tionscnaimh sin go mbíonn deiseanna ag daoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha, i gcomhréir le Gníomh 37 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is beag deis a bhíonn ag daoine óga a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste blaiseadh a fháil de spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir mar thoradh ar an timpeallacht nádúrtha atá le fáil ina limistéar féin, mar thoradh ar an achar idir iad agus suíomhanna traidisiúnta amuigh faoin spéir (foraoisí, sléibhte, etc.) ina dtairgtear gníomhaíochtaí de ghnáth, agus mar thoradh ar an trealamh, ar an maoirseacht, ar an oiliúint agus ar an tacaíocht a theastaíonn chun gabháil do spóirt den sórt sin.

Tá an clár um Cheannaireacht Óige ag teacht le Gníomh 48 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil – ‘Cláir a fhorbairt chun dul i ngleic le titim amach as gníomhaíocht fhisiciúil agus as an spórt’. Díríonn an clár ar chálíochtaí bunúsacha ceannaireachta a fhorbairt agus áirítear leis, i measc nithe eile, oiriúnuithe a bhfuil mar aidhm leo spórt a dhéanamh cuimsitheach. Díríonn an clár ar chálíochtaí bunúsacha ceannaireachta a fhorbairt agus áirítear leis, i measc nithe eile, oiriúnuithe a bhfuil mar aidhm leo spórt a dhéanamh cuimsitheach. Reáchtáiltear modúl ar chonairí sa spórt agus san áineas ag deireadh an chláir. Chomh maith leis sin, tá acmhainneacht ag an gclár dul i ngleic le rátaí luathfhágála scoile i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus le rátaí titim amach as an spórt laistigh den aoisghrúpa spriocdhíríthe. Dá réir sin, nascann a lán CÁS an clár go dlúth leis na Cláir Chríochnaithe Scoile atá ar bun sa limistéar áitiúil. Trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tacaíodh sa bhliain 2021 le 137 chúrsa Ceannaireachta Óige i 19 CÁS chun daoine óga a chumasú seisiúin ghníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oilíúna Spóirt.

Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh um Thacaí d'Oibrithe Deonacha sainaithint a dhéanamh ar dhaoine aonair spriocdhíríthe a dhéanann obair dheonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas agus

cúnamh a thabhairt dóibh scileanna ceannaireachta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a ghnóthú lena n-úsáid sa phobal, e.g. mar chóitseálaithe, mar cheannairí, mar réiteoirí, mar chomhaltáí coiste, etc. Is iad torthaí beartaithe an tionscnaimh ná méadú a dhéanamh ar an líon oibríthe deonacha ar ceannairí sa spórt iad agus oibrí deonach ar chaighdeán níos airde a tháirgeadh sa spórt, rud as a dtiocfaidh leibhéal níos airde rannpháirtíochta agus a chumhachtófar oibríthe deonacha tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhíríthe. Fuair 20 Comhpháirtíocht Áitiúla Spóirt cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun sainoilúint a sholáthar d'Oibríthe Deonacha ionas go bhféadfaidís tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhíríthe.

Ciste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19

Mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, d'infheistigh Spórt Éireann €2.2 milliún sa líonra CÁS trí Chiste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19. Leithdháileadh €1.6 milliún ar an líonra Comhpháirtíochtaí chun Scéim Deontas Beag Covid-19 do Chlubanna a riar. Bhí sé mar aidhm leis an scéim sin an riosca go leathfaí Covid-19 i dtimpeallachtaí club agus spóirt phobail a laghdú. Forbraíodh an ciste chun tacú le clubanna, ar féidir nach mbeidh an t-airgeadas acu chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na prótacail sláinteachais agus scartha shóisialta a bhaineann le Covid-19. Leithdháileadh cistiú ar 1,637 club tríd an scéim sin. Leithdháileadh €600,000 breise chun an ciste atosaithe ag an mbunleibhéal a réachtáil chun cláir a chur chun cinn agus a fhorbairt atá dírithe ar spórt ag an mbunleibhéal agus ar phobail tearcionadaíochta, tionscnaimh a thacaíonn le filleadh ar obair dheonach agus chun tacú le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil arís.

13. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Mná sa Spórt

Forbhreathnú ar an Aonad

Tar éis tionscadal fairsing a sheoladh le linn na bliana 2018, d'fhoilsigh Spórt Éireann an beartas nua uaidh um Mná sa Spórt i mí an Mhárta 2019. Leagtar amach sa bheartas an fhís atá ag Spórt Éireann do mhná sa spórt, áit a bhfaigheann mná comhdheis chun barr a gcumais a bhaint amach agus a mbaineann siad taitneamh as rannpháirtíocht sa spórt ar feadh an tsaoil. Tá rún daingean ag Spórt Éireann méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht mharthanach na mban sa spórt mar chóitseálaithe, mar oibríthe deonacha, mar bhaill de chlubanna, mar lúthchleasaithe, mar thathantóirí, mar cheannairí agus mar rannpháirtithe, idir an leibhéal gnáthphobail agus an póidiam. Fostaíodh Nora Stapleton mar Cheannaire um Mná sa Spórt chun gníomhú go húdarásach agus go straitéiseach chun rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní sa spórt a fhorbairt agus a chur chun cinn, ó cheannaireacht go rannpháirtíocht go hardfheidhmíocht. Cuirfidh an ról seo le seachadadh fhís straitéiseach na heagraíochta maidir le 'earnáil spóirt den scoth a fhorbairt a fheidhmeoidh de réir na gcaighdeán is airde rialachais agus cuntasachta.' Is príomhthoradh an ról seo an beartas seo a threorú, a thacú agus a mheasúnú. Tríd an mBeartas um Mná sa Spórt, shaináithin Spórt Éireann ceithre réimse thábhachtacha inarb ann do bhearnaí reatha agus do dheiseanna amach anseo maidir le rannpháirtíocht na mban sa spórt.

1. Cóitseáil agus Réiteoireacht
2. Rannpháirtíocht Ghníomhach
3. Ceannaireacht agus Rialachas
4. Infheictheacht

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Cuid dhá de na réimsí uile d'obair Spórt Éireann agus a Aonad éagsúil is ea Mná sa Spórt, go háirithe i dtaca le Comhlachtaí Rialaithe Spóirt, le rannpháirtíocht, le rialachas, le cóitseáil, le réiteoireacht, le tras-chomhoibriú, le forbairt agus athrú eagraíochta, le héagsúlacht agus cuimsiú, le margáiocht agus le cumarsáid. De bhreis air sin, cuirtear Mná sa Spórt san áireamh le linn formhór na ngníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh. Ar na ngníomhartha a bhaineann go háirithe le cúrsaí inscne, cúrsaí éagsúlachta agus Mná sa Spórt, tá na cinn seo a leanas: Gníomh 5, 6, 9, 10, 27, 28, 30, 31 agus 32.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 1 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Stiúradh a dhéanamh ar an uailmhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

Mír Ghníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Ghníomhaíochta 3 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Cur le struchtúir chruthaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 08 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Spóirt Éireann a fhorbairt mar phríomhghníomhaireacht don oideachas spóirt in Éirinn.

Mír Ghníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann caighdeán atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach

Mír Ghníomhaíochta 15 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Na Cláir Thaighde agus Mheastóireachta a leathnú mar acmhainn ríthábhachtach maidir leis an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a fhorbairt de réir a chéile

Buaicphointí an Chláir

- Eisiúint na Tuarascála Taighde do Girls Get Active agus seoladh chlár píolótach Girls Get Active.
- Sraith Straitéisí um Éagsúlacht Inscne ar Bhoird a fhorbairt.
- Comhardú Inscne ar Chláir - Léiriú a Trí eisiithe.
- Seachadadh leanúnach ar chlár meantóireachta sainiúil do mhná tríd an Aonad Eagraíochta, Forbartha agus Athraithe.
- Forbraíodh clár oilúna ar na meáin d'anailísithe agus painéalaithe is mná iad.
- Reachtáladh Seachtain um Mná sa Spórt..
- Cuireadh sraith d'fhíseáin maidir le heiseamláirí do lúthchleasaithe ar fáil.
- Seachadadh físeáin maidir leis an gclár 'Mná sa Spóirt' do CRNanna.
- Bunaíodh Sraith Spóirt 'Women on Wednesday'.
- Bunaíodh Grúpa Oibre um Mná i gCóitseáil agus rinneadh pleananna le haghaidh Líonra Cóitseála Mná den Scoth.
- Eisiúidh Tuarascáil Taighde maidir le Mná mar Chóitseálaithe.
- Cruthaíodh agus seoladh Sraith Straitéisí Cóitseála - Mná sa Spóirt.
- Forbraíodh Ceardlann Chóitseála Cailíní sna Déagóirí
- Soláthraíodh Clár Ceannaireachta Lúthchleasaithe (Podium Performance).
- Eisiúidh babhta nua maoinithe CRN do chláir um Mná sa Spóirt i mí an Mheithimh 2021.

Forbhreathnú ar an gClár

Leis an gclár um Mná sa Spóirt sa bhliain 2021, tugadh tacaíocht leanúnach do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus díriodh ar chláir a fhorbairt nó a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta chun dul chun tairbhe do pháirtithe leasmhara.

An Tionscadal 'Girls Get Active'

D'eisigh Spóirt Éireann a thionscadal taighde 'Girls Get Active'. Faoin tionscadal seo a cistíodh le cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, d'fhéach Spóirt Éireann le hacmhainn a fhorbairt lena húsáid ag an earnáil spóirt

(CÁSanna agus CRNanna) chun tacú leo forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar chláir spóirt lena gcabhraítear le cailíní ógánta i limistéir faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Seoladh an tuarascáil [Girls Get Active](#) i mí Eanáir 2021 agus léirítear ann na rudaí tábhachtacha i saol cailíní trí chúig phríomhphointe. Trí iniúchadh ar shaol níos leithne cailíní agus ar an méid atá tábhachtach dóibh a chomhcheangal lenár dtuiscint ar a n-eispéiris agus bacainní sa spórt, d'fhorbair na taighdeoirí ocht bprionsabal thábhachtacha chun aghaidh a thabhairt ar chailíní sna déaga agus ceangal a dhéanamh leo, chun tacú leo spórt agus le gníomhaíocht choirp a ghlacadh isteach ina saol. Is féidir le heagraíochtaí spóirt na hOcht bPrionsabal um Rathúlacht seo a úsáid chun cláir atá ann cheana féin a sheiceáil agus a imscrúdú chun feabhas a chur ar a dtarraingteacht agus a n-ábharthacht don spriocluacht éisteachta/féachana. Is féidir iad a úsáid freisin chun tionscnaimh nua a chumadh agus a fhorbairt trí shúile cailín sna déaga.

D'fhonn na hocht bprionsabal atá luaite thuas a chur i ngníomh agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir iad a chur i bhfeidhm, d'fhorbair Spórt Éireann ceithre chlár phíolótacha um spórt agus gníomhaíocht choirp. Thug an t-imeacht [Girls Get Active Hackathon](#) i mí Aibreáin 2021 deis fhíorúil tobsmaointeoireachta do chailíní sna déaga, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, d'oifigigh forbartha spóirt, d'oibrithé deonacha sa spórt agus d'aon duine eile ar spéis leo, teacht le chéile chun cabhrú le cláir spóirt a dhearadh do chailíní sna déaga. Cuireadh na ceithre chlár píolótacha i bhfeidhm i gceithre Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt le linn R3 agus R4 de 2021 agus bhí meastóireacht agus monatóireacht leanúnach ina gcuid dóibh. Cuireadh sruth maoinithe do Girls Get Active ar fáil trí Chuntais Dhíomhaoiné 2021 agus chuir roinnt Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt isteach ar mhaoiniú chun cláir a chruthú a bhaineann leas as na 8 bPríomhphrionsabal.

Ceardlann um Chailíní a Chóitseáil

Sheol Spórt Éireann ceardlann oiliúna il-spóirt do chóitseálaithe cailíní sna déaga. Is é is aidhm leis an gceardlann ná breisoiliúint agus oideachas a chur ar chóitseálaithe na bhfoirne/lúthchleasaithe cailíní sna déaga chun aghaidh a thabhairt ar chailíní sna déaga atá ag éirí as spórt/gníomhaíocht fhisiciúil. Reáchtáladh na ceardlanna i CÁSanna agus CRNanna ar fud na hÉireann ó Dheireadh Fómhair 2021. Mar chuid den tionscadal, tá Spórt Éireann agus an Cumann Camógaíochta tar éis dul i gcomhpháirtíocht chun an cheardlann a mheas agus a rathúlacht maidir le cailíní a choinneáil sa spórt a chinneadh. Leanfar le píosa meastóireachta an tionscadail seo go dtí 2022

Cothromaíocht Inscne ar Bhoird

I mí an Mhárta 2020, scaoil Spórt Éireann an chéad léargas uaidh ar na figiúirí comhdhéanta boird ar fud na hearnála Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar an dul chun cinn a rinneadh ar chothromaíocht inscne a bhaint amach ar bhoird. Leagadh béim sa léargas sin gur tháinig méadú go 29% ar an gcéatadán de mhná atá ag fónamh ar bhoird na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, i gcomparáid le 24% i mí an Mhárta 2019. Scaoileadh dara léargas inar achoimríodh ról cheannaireachta na mban i CRNanna agus CÁSanna i mí na Nollag 2020 agus ba é 29% an toradh ar an gceann sin freisin. Léirigh an Roghbhlúire is déanaí a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair 2021 go bhfuil an céatadán seo méadaithe go 32%.

I mí na Nollag 2020, sheol Spóirt Éireann Sraith Straitéisí um Éagsúlacht Inscne ar Bhoird lena húsáid ag an earnáil spóirt (Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta) chun treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar mhaithe le boird agus coistí atá níos cothroime ó thaobh inscne de a fhorbairt. In 2021, d'óstáil Spóirt Éireann trí sheimineár gréasáin don fhoireann, do chomhaltaí Boird agus do chomhaltaí coistí ó CRNanna agus CÁSanna chun an fhoireann uirlisí agus a tairbhe a léiriú.

Cuireadh modúil éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a chuireann béim ar chúrsaí inscne leis an gclár Ceannaireachta Arena agus leis an gclár bainistíochta Accelerate chun tacú le feasacht ghinearálta ar thábhacht an chomhionannais inscne sa spórt.

Tuarascáil Taighde ar Mhná mar Chóitseálaithe

I mí an Mheithimh 2020, thug Spóirt Éireann faoin gcéad staidéar uaidh riamh inar spriocdhíríodh go hiomlán ar bhanchóitseálaithe gníomhacha agus neamhghníomhacha ar fud na spóirt uile ar oileán na hÉireann. Ba iad seo a leanas na haidhmeanna sonracha a bhí leis an taighde:

- Tuiscint níos cuimsithí a fhorbairt ar stádas na mban i ról chóitseála in Éirinn,
- Imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann maidir leis an líon ban atá ag cóitseáil ar fud na spóirt uile agus ar gach leibhéal a mhéadú; agus
- Úsáid a bhaint as an aiseolas chun forbairt a dhéanamh ar chláir dhea-chleachtais, acmhainní nó straitéisí ar féidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad a úsáid chun banchóitseálaithe a earcú, a choinneáil, a fhorbairt agus a chur ar aghaidh.

I mí an Mhárta 2021, d'eisigh Spóirt Éireann a Thuarascáil Taighde ar Chóitseáil um Mná sa Spórt a thugann forbhreathnú ar thorthaí an taighde agus ar na príomhthéamaí atá ag teacht chun cinn agus atá le feiceáil thíos. Rachaidh an tuarascáil chun tairbhe Cóitseáil Spóirt Éireann, CRNanna agus CÁSanna ina gcuid oibre chun banchóitseálaithe a earcú, a thacú, a fhorbairt agus a choinneáil

Sraith Straitéisí um Mná mar Chóitseálaithe

Ag baint úsáide as an bhfaisnéis a fuarthas sa Tuarascáil Taighde ar Mhná mar Chóitseálaithe, forbraíodh agus seoladh Sraith Straitéisí um Mná mar Chóitseálaithe i Meán Fómhair 2021. Tacaíonn an fhoireann uirlisí le heagraíochtaí maidir le mná a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil mar chóitseálaithe. Is é seo an chéad doiciméad dá leithéid in Éirinn agus cuireann sé na céadta réiteach praiticiúil agus bearta molta ar fáil d'eagraíochtaí chun líon na mban is cóitseálaithe iad a mhéadú. Reáchtáladh Siompóisiam um Fhoireann Uirlisí Cóitseála i mí na Samhna chun ábhar na huirlisí agus conas é a úsáid a chur in iúl níos fearr d'fhoireann CRNanna. D'fhreastail breis agus 60 ionadaí ón spórt ar an Siompóisiam agus pléadh smaointe agus gníomhartha dá spóirt féin, ag díriú ar mhná a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil mar chóitseálaithe. Trí leas a bhaint as na moltaí sa tSraith Straitéisí, tá súil ag an lucht spóirt bonn na mbranchóitseálaithe a leathnú agus an céatadán díobh siúd a théann ar aghaidh go dtí an taobh ardfheidhmíochta den spórt a mhéadú.

Podium Performance – Clár Ceannaireachta Lúthchleasaithe

Ar mhaithe le tacaíocht níos fearr a thabhairt do chuid de na banfhoirne Náisiúnta is mó le rá, chuir Spórt Éireann clár ceannaireachta i bhfeidhm do na captaein/ceannairí ó chúig fhoireann CRN. Cuireadh tús leis an gclár i mí an Mhárta 2021 agus é mar aidhm aige é a chur ar chumas ceannairí lúthchleasaithe iad féin a fhorbairt chun an cheannaireacht is fearr is féidir leo a thabhairt a chur ar fáil ar bhonn comhsheasmhach. Beidh sé lárnach d'fhorbairt an lúthchleasaí a gcuid feidhmíochta ceannaireachta a aistriú ó leibhéal maith go leibhéal iontach, trí thuiscint níos fearr a fháil orthu féin agus ar cheannaireacht i dtimpeallacht ardfeidhmíochta. Chuir an clár tacaíocht mheantóireachta aonair ar fáil freisin do gach rannpháirtí ó bhancheannairí a bhfuil taithí acu a thuigeann na dúshlán shonracha atá le sárú agus ar féidir leo cabhrú le lúthchleasaithe cur lena gcumas léargas, eolas agus tuiscint a fháil orthu féin.

Clár Oiliúna Spórt Éireann d'Anailísithe Spóirt

I mí an Mhárta 2021, sheol Spórt Éireann a chlár meán chun cabhrú le líon na mbaneiseamláirí atá le feiceáil sna meáin spóirt a mhéadú. Ba é aidhm an chlár breisoiliúint a chur ar bhananailísithe agus ar bhanphainéalaithe ar fud na bpríomhsport chun cabhrú leo, chun iad a ullmhú agus chun tacú leo i róil sna meáin spóirt. Cuidíonn an clár seo le hinfheictheacht ghinearálta na mban sa spórt agus sna meáin. Mar gheall ar éileamh gan fasach ó iarratasóirí, chuir Spórt Éireann tacaíochtaí breise ar fáil dóibh siúd nár éirigh lena n-iarratas.

Seachtain um Mná sa Spórt 2021

Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh in 2021, reáchtáil Spórt Éireann a chéad Seachtain um Mná sa Spórt riamh ón 8-14 Márta 2021. Úsáideadh mar ócáid í chun aird a tharraingt ar thionscadaíl leanúnacha laistigh de Spórt Éireann, chomh maith le feasacht a chothú ar bhanlúthchleasaithe agus clár WIS sna Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. D'éirigh go hiontach leis an tseachtain ó thaobh cur le hinfheictheacht agus rannpháirtíocht na mban sna meáin shóisialta de. Tá sé ar intinn ag Spórt Éireann an t-imeacht seo a reáchtáil ar bhonn bliantúil thart ar an am céanna agus Lá Idirnáisiúnta na mBan.

Timthriall Cistiúcháin CRN um Mná sa Spórt 2021/2022

I mí Feabhra 2021, d'fhógair Spórt Éireann méadú €1 milliún ar a bhuiséad CRN do Mhná sa Spórt agus osclaíodh an próiseas iarratais. D'éirigh le 45 CRN ina n-iarratas ar infheistíocht faoin gclár Mná sa Spórt agus dámhadh an maoiniú i mí an Mheithimh thar ghealltanais dhá bhliain.

Thacaigh Spórt Éireann le clár píolótach i CRNanna a bhí dírithe ar chóitseálaithe do mhná meánaosta. Rinne Trí-atlan Éireann é a chomhordú lena gcóitseálaithe féin agus cóitseálaithe ó thrí spórt eile (Rothaíocht Éireann, Snámh Éireann, agus Lúthchleasaíocht Éireann). Díoladh amach an clár, rud a léiríonn an-éileamh ó chóitseálaithe ar spéis leo breisoiliúint a fháil agus iad i mbun oibre le mná ag céimeanna éagsúla de mheanapás.

14. Tras-chomhoibriú

Forbhreathnú ar an Aonad

Bunaíodh an tAonad Tras-chomhoibríthe mar chuid den Aonad Rannpháirtíochta agus tá sé freagrach as obair chomhoibríoch a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud na hearnála spóirt chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú. Áirítear le réimsí oibre áirithe na foirne Tras-chomhoibríthe freagracht a ghlacadh as cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, as cistiú ón gCiste Spóirt Éireann, as Seachtain Eorpach an Spóirt a sholáthar agus as Straitéis d'Oibríthe Deonacha a fhorbairt.

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin, tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn gach ceann de na comhlachtaí a gcistéonn Spóirt Éireann iad i gcomhar lena chéile chun cuspóirí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil agus an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh. Soláthraíonn an fhoireann Tras-chomhoibríthe tacaíocht trí chruinnithe agus comhdhálacha a óstáil, faisnéis a chomhroinnt, agus béim a leagan ar an gcleachtas is fearr chun an fás leanúnach sa réimse seo a bhainistiú. Tá comhpháirtíochtaí agus comhoibríthe lánbhriú ag tarlú ar fud na timpeallachta spóirt idir CRNanna, CÁSanna agus comhlachtaí maoinithe eile, agus cabhraíonn an t-aonad seo leo siúd fás agus forbairt a dhéanamh. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go leantar leis an gcomhoibriú ar fud na hearnála a mhéadú. Cabhraíonn an fhoireann leis an obair laistigh de Spóirt Éireann agus leis an mórearnáil spóirt a chur le chéile freisin. De bhreis air sin, féachann sé le feabhas a chur ar an nasc antábhachtach atá ann leis na heagraíochtaí a bhfuil caidreamh ar leith acu lenár spriocphobail éagsúla ar mhaithe le gníomhartha ábhartha de chuid an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá freagracht ar an bhfoireann Tras-chomhoibríthe as obair chomhoibríoch a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud na hearnála spóirt chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú. Ós rud é gur trí thras-chomhoibriú agus obair i gcomhpháirt a dhéanfar cuid mhór de chuspóirí straitéiseacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhrú chun cinn agus a bhaint amach, tá acmhainneacht ag gníomhaíocht na foirne chun rannchuidiú go mór le cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha sa doiciméad. Ar na gníomhartha a bhaineann go háirithe leis an bhfoireann Tras-chomhoibríthe, tá Gníomh 3, 5, 6, 9, 14, 28, 34, 45 agus 48.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Ghníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 6 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an-éifeachtach a mhéadú go 40.

Mír Ghníomhaíochta 7 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Sainaitheint a dhéanamh ar spóirt thosaíochta a bhfuil an seans is mó ann go mbainfidh siad tairbhí buana amach ar fud an tsaoil uile agus infheistiú mhéadaithe a thabhairt do na spóirt sin thar thréimhse na straitéise.

Buaicphointí an Chláir

Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin in 2021

Thug Spóirt Éireann cuireadh do CRNanna, CÁSanna agus comhlachtaí maoinithe eile iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin in 2021 chun leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair a bhí ar siúl acu le linn na paindéime Covid-19.

Déanann an tAonad Tras-chomhoibrithe bainistiú ar bhuiséad foriomlán Chiste na gCuntas Díomhaoin agus oibríonn sé leis an Aonad Rannpháirtíochta agus Aonad na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun bainistiú a dhéanamh ar mhaoiniú do na 29 Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil, na 64 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta, CARA, Éire Ghníomhach, agus Aostacht agus Deiseanna. Chomh maith le tionscail sheachtracha, faigheann aonaid éagsúla laistigh de Spóirt Éireann maoiniú le haghaidh tionscail inmheánacha.

Cuireadh moltaí chun tacú le tionscail na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi bhráid Choiste Deontais Spóirt Éireann ar an 5 Bealtaine, 2021. Cuireadh na moltaí sin faoi bhráid Bhord Spóirt Éireann ina dhiaidh sin. Chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, síniú leis na moltaí seo i mí na Samhna 2021 agus ansin rinneadh leithdháilt ar na tionscail ábhartha. Clúdaíonn an maoiniú seo raon réimsí lena n-áirítear Tacaíochtaí Oibrithe Deonacha, Ceannaireacht Óige, agus tionscail Rannpháirtíochta CRNanna.

Ciste Éire Shláintiúil 2021

Rinne an tAonad Tras-chomhoibrithe an Ciste Éire Shláintiúil a bhainistiú agus a riar in 2021. Leithdháil an Roinn Sláinte €800,000 ar Spóirt Éireann in 2021. I R1 2021, d'fhéach Spóirt Éireann le hiarratais a fháil ó eagraíochtaí spóirt agus aonaid inmheánacha ar leith ar Mhaoiniú Éire Shláintiúil. Chuir Spóirt Éireann moltaí faoi bhráid Choiste Deontais Spóirt Éireann i mí Aibreáin 2021, agus ansin faoi bhráid Bhord Spóirt Éireann i mí na Bealtaine 2021. Tacaíonn an maoiniú seo le tionscail mar an Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta agus Cuir Éire ag Snámh/ag Rothaíocht/ag Rith.

Seachtain Eorpach an Spóirt 2021

Is é Spóirt Éireann an Comhlacht Comhordúcháin Náisiúnta ar ainmnigh an Coimisiún Eorpach é le haghaidh Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn. Bhí Seachtain Eorpach an Spóirt ar siúl idir an 23 Meán Fómhair agus an 30 Meán Fómhair 2020. Imeacht seachtaine ina gceiliúrtar an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil is ea Seachtain Eorpach an Spóirt. Sa bhliain 2021, cuireadh breis agus 600 imeacht ar siúl ar fud na tíre le linn na seachtaine., lena n-áirítear Lá Céaslóireachta #BíGníomhach, an Lá Náisiúnta Siúil agus Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa.

Cuireadh raon leathan imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine, idir gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir agus gníomhaíochtaí fíorúla. Áirítear leo snámh amuigh faoin spéir, treodóireacht, ióga agus ranganna aclaíochta amuigh faoin spéir. Chuir Spóirt Éireann próiseas clárúcháin ar líne chun feidhme ina raibh clubanna agus eagraíochtaí in ann a n-imeacht féin do Sheachtain Eorpach an Spóirt a chlárú. Ghlac níos mó ná 1,000,000 duine san iomlán páirt sna himeachtaí le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt.

Bhí imeachtaí suaitheanta Sheachtain Eorpach an Spóirt ag teacht le straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann ach tacú le himeachtaí suaitheanta ina spriocdhírítear ar spriocghrúpaí sonracha sa phobal, lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine scothaosta, daoine óga agus teaghlaigh agus na himeachtaí sin a chur chun cinn.

Forbhreathnú ar an gClár

Ag gníomhú dó le tacaíocht ó Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ón mbliain 2015 i leith, tá Spóirt Éireann ag féachaint le hobair chomhoibríoch ar fud na hearnála a mhéadú chun rannpháirtíocht áineasa sa spórt a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar na grúpaí is doilí le rochtain. Iarrann Spóirt Éireann iarratais nuálacha ar Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú leis na Gníomhartha ón mBeartas Náisiúnta Spóirt agus ón bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil maidir le cláir rannpháirtíochta atá dírithe ar phobail faoi mhíbhuntáiste a chur chun feidhme agus tacaíocht a thabhairt do na cláir sin. Moltar do thionscail cur leis na hinfeistíochtaí go dtí seo agus a thaispeáint go bhfuil siad ag obair i gcomhpháirt go cuí le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta eile, le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt nó le gníomhaireachtaí ábhartha eile. Tá sé mar aidhm ag Spóirt Éireann leanúint le tacaíocht a thabhairt do chláir éagsúla trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, á chinntiú go mbeidh comhlachtaí spóirt réidh le filladh ar an spórt agus go leanfaí le haghaidh a thabhairt ar na grádáin lena dtéitear i bhfeidhm ar ghrúpaí atá doiligh le rochtain.

Is é *Éire Shláintiúil, Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025* an creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíochta chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú sna blianta atá le teacht. Roghnaigh an Roinn Sláinte agus Éire Shláintiúil Spóirt Éireann mar phríomh-chomhpháirtí soláthair faoi Shnáithe 2 den Chiste Éire Shláintiúil. Tugann Spóirt Éireann cuireadh d'eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar chistiú chun cur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhartha scoite sonracha atá ag teacht leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil ó Éire Shláintiúil. Tá sé mar phríomhaidhm leis an gCiste tacú le tionscail agus tionscnaimh thrasearnála a chabhraíonn le cur chun feidhme a dhéanamh ar phríomhbheartais náisiúnta i réimsí amhail stádas sláinte, meáchan, murtall, úsáid tobac, úsáid alcóil, gníomhaíocht fhisiciúil, folláine mheabhrach, nascacht shóisialta, sláinte ghnéasach agus rochtain ar spásanna glasa. Tá sé mar aidhm ag Spóirt Éireann leanúint le tacaíocht a thabhairt do chláir éagsúla trí chistiú ón gCiste Éire Shláintiúil, ag tacú dó le tionscail agus tionscnaimh thrasearnála nuálacha a chabhraíonn le cur chun feidhme a dhéanamh ar phríomhbheartais náisiúnta a bhfuil mar aidhm leo sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú.

Seoladh Seachtain Eorpach an Spóirt sa bhliain 2015 agus cuirtear ar siúl í gach bliain ón 23 Meán Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair. Cruthaíodh Seachtain Eorpach an Spóirt mar fhreagairt don ghéarchéim neamhghníomhaíochta a bhí ag dul in olcas. Cé go gcuireann an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil go mór le folláine shaoránaigh na hEorpa, is amhlaidh i roinnt tíortha nach bhfuil an leibhéal gníomhaíochta fisiciúla a dhéantar ag méadú agus go bhfuil sé ag laghdú, fiú i dtíortha áirithe. Is do gach duine an tseachtain seo, beag beann ar aois, ar chúlra nó ar chorpachmhainn. Agus díriú á leagan aici ar thionscnaimh sa phobal, tá sé mar chuspóir leis an tseachtain níos mó daoine san Eoraip a spreagadh #BíGníomhach ar bhonn níos rialta agus níos mó aclaíochta a dhéanamh ar fud na bliana, go háirithe le linn thréimhse an fheachtais. Is é Spóirt Éireann an Comhlacht Comhordúcháin le haghaidh Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn agus faigheann sé cistiú ón gCoimisiún Eorpach chun an tionscnamh a sholáthar.

15. Eitic Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

I réimse an chumhdaigh, is é an sainchúram atá ar Spóirt Éireann treoirleánte agus cóid chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le leanaí a chosaint sa spóirt, ar aon dul leis an treoir agus an reachtaíocht um chosaint leanaí.

Chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh, déanann Spóirt Éireann idirchaidreamh le níos mó ná 60 ceann neamhspleách de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt chun feasacht a mhéadú ar iompraíochtaí chun seasamh le dea-chleachtas agus cothrom na Féinne i ngach spóirt agus chun na hiompraíochtaí sin a chur chun cinn.

Maidir le hÉagsúlacht agus Rannpháirtíocht, tá an tAonad Eitice i gceannas ar an spóirt cuimsitheach a fhorbairt, ag gníomhú dó le gach ceann d'aonaid Spóirt Éireann chun cláir chuimsithe agus éagsúlachta a leabú agus a chur chun feidhme sa phobal spóirt ina iomláine.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Éagsúlacht agus Cuimsiú: Gníomh 6

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht: Cuspóir uimh. 4 de Straitéis Spóirt Éireann

Cumhdach: Cuspóir uimh. 14 de Straitéis Spóirt Éireann

Buaicphointí an Chláir

Cumhdach

Creat Iniúcháireachta Spóirt Éireann um Chumhdach

Tacaíonn Creat Iniúcháireachta Spóirt Éireann um Chumhdach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ó thaobh cloí le beartais agus nósanna imeachta um chumhdaigh a neartú, rud a chinntíonn go gcosnaítear leanaí agus daoine óga sa spóirt. Deartar é chun cabhrú le heagraíochtaí spóirt leanaí a chosaint ó dhochar, a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus an cleachtas is fearr a ghlacadh.

I mí an Mhárta 2021, cuireadh tús le céim Fhéinmheasúnaithe Club de Chreat Iniúcháireachta Spóirt Éireann um Chumhdach. Soláthraíonn sé seo uirlis do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal comhlíonta i measc clubanna cleamhnaithe. Leis seo, comhlánfaidh gach club ina bhfuil baill faoi aois ceistneoir tiomnaithe um chumhdach agus cuirfear faoi bhráid a mBord Rialaithe Náisiúnta é lena athbhreithniú.

Tá an próiseas le bheith ar siúl ar feadh 12 mhí agus cuirfear i gcrích é i mí an Mhárta 2022.

Comhthionscadal an Aontais Eorpaigh/Chomhairle na hEorpa um Chumhdach

Tá Spórt Éireann (an tAonad Eitice) ag glacadh páirt faoi láthair sa tionscadal de chuid Chomhairle na hEorpa dar teideal “Child Safeguarding in Sport. Up your game, strengthen your squad!” (CSiS). Iarradh ar Spórt Éireann an ról mar shainchomhairleoir saineolaíoch a chomhlíonadh, mar thoradh ar an taithí leathan atá aige ar an dea-chleachtas agus na ceanglais dhlíthiúla a chur chun feidhme sa réimse um Dhaoine óga a chumhdach sa spórt agus ar líonra Oifigeach Náisiúnta Leanaí a bhunú.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Agus tacaíocht á tabhairt aige do ghníomhartha ábhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh, chuir Spórt Éireann tús le beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe a fhorbairt chun scóip a shainchúraim éagsúlachta agus cuimsithe a leathnú tuilleadh. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas cur le rath agus tionchar Bheartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus le rath agus tionchar Bheartas Spóirt Éireann um Mná sa Spórt.

Chun cabhrú le Spórt Éireann tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais na hearnála sa réimse seo, réachtáil Spórt Éireann próiseas comhairliúcháin forleathan i rith 2021. Chuir na léargais a fuarthas le linn an phróisis seo bonn le Beartas Spóirt Éireann ar Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht sa Spórt. Foilseofar an beartas seo in 2022.

Forbheathnú ar an gClár

a. Cumhdach

Rud ríthábhachtach do Spórt Éireann is ea leanaí a chumhdach sa spórt. Tá Spórt Éireann ag leanúint lenár gclár eitice a fhorbairt agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann chun a chinntiú gur spráitil agus taitneamhach a bhíonn eispéiris leanaí agus daoine óga sa spórt agus go scoltar na heispéiris sin de mheon chothrom na Féinne.

Gníomhaíonn Spórt Éireann i gcáil threorach agus thacaíochta do níos mó ná 60 ceann aitheanta de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt i réimse an Chumhdaigh agus na Cosanta Leanaí. Is é an sainchúram atá orainn treoirlínte agus cóid chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le leanaí a chosaint sa spórt, ar aon dul leis an reachtaíocht um chosaint leanaí.

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bhfeidhm sin, soláthraíonn Spórt Éireann sraith uirlisí agus acmhainní, lena n-áirítear:

Treoir Chumhdaigh Spóirt Éireann do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt:

Tá sé mar aidhm le Treoir Chumhdaigh Spóirt Éireann do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt cabhrú le comhlachtaí spóirt cruthú a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta lena gcuirtear leas na leanaí agus na ndaoine óga a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí spóirt chun cinn. Forbraíodh an treoir chun tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus le clubanna a chinntiú go mbeidh siad in ann cloí leis na freagrachtaí atá orthu ó thaobh cumhdach leanaí agus cosaint leanaí de. Cuireadh le chéile í i gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus dá gclubanna gach lá, á chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas reatha agus go gcomhlíontar reachtaíocht ábhartha an lae inniu ag an am céanna.

Cuirtear ar áireamh sa doiciméad treoír agus faisnéis maidir leo seo: measúnú riosca a dhéanamh; Ráiteas faoi Chumhdach Leanaí a fhorbairt; agus forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta le haghaidh leanaí agus daoine óga a chumhdach agus a chosaint.

Cuirtear ar áireamh sa doiciméad freisin roinnt teimpléad beartais agus nós imeachta ar féidir le Comhlacht Rialaithe Náisiúnta iad a chur in oiriúint do riachtanais shonracha a spóirt agus a bhall.

□ Ceardlanna Cumhdaigh Spóirt Éireann:

Tá clár Cumhdaigh Spóirt Éireann dírithe ar cheannairí spóirt agus ar aosaigh a ghabhann do ghníomhaíochtaí spóirt a eagrú do leanaí agus do dhaoine óga. Is é sprioc an chláir feasacht a mhéadú ar an dea-chleachtas agus ar cheanglais dhlíthiúla i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí. Chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh, tairgeann Spóirt Éireann trí cheardlann i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh. Áirítear leo sin ceardlann bunfheasachta do gach ceannaire spóirt, mar aon le hoiliúint atá sonrach don ról d'Oifigigh Leanaí an Chlub agus do Theagmhálaithe Ainmnithe.

□ Acmhainní

Chruthaigh Spóirt Éireann roinnt uirlisí agus acmhainní chun tacú leis an gcumhdach sa spóirt. Is é is Staying Safe Online ann ná acmhainn ar líne atá spriocdhírithé ar gach duine ag a bhfuil baint leis an spóirt agus le gníomhaíocht fhisiciúil. Is éard atá san aip Safe Sport ná uirlis fhaisnéise agus threorach do gach duine ag a bhfuil baint leis an spóirt do leanaí agus do dhaoine óga. Tá an aip dírithe ar tuilleadh feasachta agus tuisceana a chruthú ar na prionsabail um chumhdach agus dea-chleachtais sa spóirt do leanaí. Dearadh Creat Iniúcháireachta Cumhdaigh Spóirt Éireann chun tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cloí leis an gcumhdach laistigh dá spóirt.

□ Ceannaireacht a Thabhairt i Réimse an Chumhdaigh

Tá an tAonad Eitice ag leanúint le cur chun cinn a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le leanaí agus daoine óga a chumhdach sa spóirt. Trínár dteagmháil leis an earnáil spóirt agus trínár gcomhoibriú lenár gcomhghleacaithe i Spóirt Thuaisceart Éireann agus le comhpháirtithe straitéiseacha eile, rannchuidíonn an tAonad Eitice lenár gcuid taithí agus saineolais ar fheasacht a mhéadú ar thábhacht an chumhdaigh sa spóirt.

b. Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht

D'fhonn tiomantas Spóirt Éireann don Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht a chur chun cinn, tá baint ag an Aonad Eitice leis na nithe seo a leanas a sheachadadh:

□ Próiseas Comhairliúcháin maidir le hÉagsúlacht agus Rannpháirtíocht

Le linn an chéad leath de 2021, reáchtáil Spóirt Éireann próiseas comhairliúcháin cuimsitheach chun bonn eolais a chur le forbairt a chéad Bheartais um Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht.

Mar chuid den phróiseas sin, rinneadh suirbhé, agallaimh leathstruchtúrtha agus sraith d'fhócasghrúpaí. Chuir breis agus 2,500 duine/eagraíocht leis an bpróiseas ar fud na modhanna éagsúla comhairliúcháin.

□ Ionchur Idir-rialtasach

Déanann an tAonad Eitice ionadaíocht d'Éirinn ar an gCoiste Faireacháin agus Comhordaithe ar Imeascadh na nImirceach, agus rannchuidíonn sé leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú na dTaistealaithe agus na Romach, leis an Straitéis LADTI+ agus leis an Straitéis Óige LADTI+.

Tá an tAonad Eitice ag leanúint le tábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn trínár dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe straitéiseacha, agus é mar aidhm leis a chinntiú go leabaítear an éagsúlacht agus an cuimsiú ar fud na heagraíochta agus na hearnála spóirt.

□ Tacaíocht LADTI+

I mí an Mheithimh 2021, reáchtáil Spóirt Éireann an Feachtas #LetsGetVisible i gcomhar le Sporting Pride. Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas tacaíocht a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hinfheictheacht agus ionadaíocht i measc an phobail LGBTQI+ agus an tábhacht sin a chur chun cinn. Roinn Spóirt Éireann agus réimse páirtithe leasmhara an teachtaireacht #LetsGetVisible ar fud ardáin Spóirt Éireann.

16. Aonad Spóirt Éireann um Gníomhaíocht Amuigh faoin Spéir

Forbhreathnú ar an Aonad

Imríonn Aonad Spóirt Éireann um Gníomhaíocht Amuigh faoin Spéir ról lárnach i rannpháirtíocht i ngach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla amuigh faoin spéir in Éirinn a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus i bhforbairt inbhuanaithe na hearnála sin. Áirítear leis sin bainistiú a dhéanamh ar Chlár na gCosán Náisiúnta agus ar an gcóras creidiúnaithe cosán in Éirinn agus tacaíocht a thabhairt do roinnt forbairtí bonneagair agus tionscnaimh rannpháirtíochta amhail Glasbhealaí, Gormbhealaí, Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht.

Oibríonn an t-aonad i ndlúthchomhar le raon leathan comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt agus an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, chun deiseanna a chruthú do dhaoine páirt a ghlacadh sa spóirt amuigh faoin spéir in Éirinn.

Áirítear leis an spóirt amuigh faoin spéir gach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla is féidir a dhéanamh i suíomhanna nádúrtha amuigh faoin spéir – siúl áineasa, rothaíocht, spóirt uisce agus spóirt eachtraíochta thalamhbhunaithe ina measc.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Díríonn an tAonad um Gníomhaíocht Amuigh faoin Spéir ar thacú le roinnt comhlachtaí spóirt agus eagraíochtaí eile forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar spóirt amuigh faoin aer. Anuas air sin, tacaíonn an tAonad le cosáin áineasa a fhorbairt fud fad na hÉireann. Forbraítear iad uile chun níos mó daoine a spreagadh bheith gníomhach amuigh faoin spéir.

Is ann do lear gníomhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ina ndéantar tagairt dá thábhachtaí atá an t-áineas amuigh faoin spéir agus do dhóigheanna ar féidir leis an mórthimpeallacht nádúrtha agus thógtha cabhrú le rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe Gníomh 13. Is cinnte go rannchuideoidh an obair atá á déanamh ag an Aonad um Gníomhaíocht Amuigh faoin Spéir i láthair na huairé agus an obair a dhéanfaidh an tAonad sa todhchaí lena chinntiú go mbainfear na gníomhartha sin amach.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann 2018-2022

Mír Gníomhaíochta 1 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Stiúradh a dhéanamh ar an uaimhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

Mír Gníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spóirt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Gníomhaíochta 3 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Cur le struchtúir chruthaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.

Mír Gníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Buaicphointí an Chláir

- Cuireadh tús le forbairt iomlán sa Bhunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta in 2021
- Chomhthreoraigh Spórt Éireann forbairt na Straitéise Náisiúnta trasrialtasach um Chaitheamh Aimsire Lasmuigh
- Seachadadh an feachtas don chéad tSeachtain HER Outdoors
- Forbraíodh na Critéir um Chosáin Áineasa do Chapaill in Éirinn.
- Tugadh ceannaireacht ar an bhFeachtas Sábháilteachta Uisce idirghníomhaireachta #BeWaterSafe
- Forbraíodh Leabhráin Spórt Éireann um Chosáin Allamuigh i gcomhar leis an Irish Examiner
- Liostaíodh níos mó ná 900 cosán ar Chlár na gCosán Náisiúnta
- Rinneadh 248 measúnú teicniúil Cosán ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta in Éirinn
- Leanadh le Polasaí Árachais na gCosán Náisiúnta a bhainistiú
- Soláthraíodh 13 cinn de Thionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha tríd an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Forbhreathnú ar an gClár

Bunachar Sonraí Náisiúnta de Thaitneamhachtaí Spóirt & Áineasa

Tháinig tionscadal Bunachar Sonraí Náisiúnta de Thaitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa de chuid Spórt Éireann isteach i gcéim a forbartha iomláine in 2021, agus rinneadh dul chun cinn suntasach air. Reáchtáladh sraith chruinnithe faisnéise agus comhairliúcháin freisin chun eolas a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus iad a chur i mbun rannpháirtíochta, lena n-áirítear ranna rialtais, údarais áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt, agus comhlachtaí rialaithe náisiúnta spóirt.

Forbairt & Tacaíocht Bonneagair

Lean Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le tacú le forbairt inbhuanaithe líonra cosán áineasa na hÉireann sa bhliain 2021, lena n-áirítear cosáin siúil, cosáin rothaíochta agus cosáin uisce (Gormbhealaí). Cuireann an clár caighdeán agus dea-chleachtas do chosáin chun cinn agus coinníonn sé Clár na gCosán Náisiúnta ar bun.

D'eisigh Spórt Éireann Critéir nuashonraithe um Chosáin Áineasa do Chapaill in Éirinn in 2021 freisin.

Beidh na critéir sin mar thagarmharc do chosáin do chapaill a fhorbairt ar fud na tíre ag cinntiú go bhfuil bonneagar ardchaighdeán á fhorbairt chun deiseanna marcaíochta inrochtana, sábháilte agus taitneamhach a chur ar fáil in Éirinn. Leagann na critéir córas cuí amach freisin chun cosáin do chapaill a rangú agus a ghrádú i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Rinne Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir 248 measúnú teicniúil ar bhonneagar siúil agus rothaíochta in Éirinn.

Lean Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le hacmhainn a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus do phobail trí chlár oideachais agus oiliúna a sholáthar in 2021 agus tríd an gcúrsa 'Introduction to Walking Trail Planning' a sholáthar ar líne. Seachadadh 11 chúrsa ar líne in 2021.

Straitéis Náisiúnta um Áineas Tuaithe

Tá Spórt Éireann i gcomhcheannas ar Straitéis Náisiúnta um Áineas Tuaithe atá á forbairt ag Comhairle na Tuaithe (comhlacht comhairleach náisiúnta na hÉireann ar áineas allamuigh) i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tá ionadaithe ó eagraíochtaí feirmeoireachta, úsáideoirí áineasa agus comhlachtaí stáit a bhfuil freagracht nó leas acu faoin tuath páirteach i gComhairle na Tuaithe. Soláthróidh an straitéis fíis agus creat uileghabhálach d'fhás agus d'fhorbairt áineasa allamuigh in Éirinn, ag cruthú cur chuige comhroinnte don iliomad straitéisí, clár, gníomhaireachtaí agus gnéithe in earnáil áineasa allamuigh na hÉireann.

Clúdaíonn raon na straitéise gníomhaíochtaí áineasa a bhíonn ar siúl ar thalamh, ar uisce agus san aer. Beidh an turasóireacht ghníomhaíochta agus taitneamh éighníomhach a bhaint as an taobh amuigh san áireamh sa straitéis freisin.

Feachtas Sheachtain Allamuigh na mBan

In 2021, chuir Spórt Éireann an chéad Sheachtain Allamuigh na mBan ar fáil chun mná a spreagadh chun dul i mbun eachtraíochta a fháil agus taithí a fháil ar gach rud atá amuigh faoin aer ó thaobh gníomhaíochtaí coirp de. Le breis is 250 imeacht ar siúl ar fud na tíre agus beagnach 5,000 bean ghníomhach thar 7 lá, tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas seo gach bean sa tír a spreagadh le dul i mbun spóirt faoin aer, triail a bhaint as rud éigin nua, agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht shóisialta. Tháinig Spórt Éireann, mar aon leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt faoin aer le chéile chun gníomhaíochtaí a éascú agus a reáchtáil le linn Sheachtain Allamuigh na mBan, rud a spreag mná idir óg agus aosta le dul amach faoin aer agus triail a bhaint as rud éigin difriúil mar iarracht chun leibhéal ghníomhaíochta fisiciúil a mhéadú i measc na mban ar fud na hÉireann.

Feachtas Sábháilteachta Uisce #BíSábháiltesanUisce

Bhí Spórt Éireann i gceannas ar fheachtas um Shábháilteacht Uisce in Éirinn in 2021. Mar iarracht comhdhluthú agus comhoibriú a dhéanamh maidir le cumarsáid san earnáil agus teachtaireachtaí a neartú maidir le sábháilteacht agus daoine amuigh faoin aer, d'fhorbair Spórt Éireann preasráiteas comhoibríoch agus sócmhainní meán sóisialta comhtháite a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara go léir le húsáid lena chinntiú go raibh gach duine ag brú amach na teachtaireachtaí comhsheasmhacha céanna chun oideachas a chur ar an bpobal maidir le sábháilteacht uisce.

Leabhráin an Irish Examiner agus Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir maidir le Cosáin

Chomhoibrigh Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir leis an Irish Examiner in 2021 chun sraith trí pháirt a chur i láthair ina dtaispeántar 100 cosán siúlóide agus rothaíochta ar fud na tíre a bhféadfadh daoine taitneamh a bhaint astu i rith míonna an tsamhraidh. Chuimsigh na leabhráin seo sraith de chosáin siúlóide agus rothaíochta slímharcáilte a tógadh ó Chlár na gCosán Náisiúnta arna fhorbairt ag pobail agus eagraíochtaí áitiúla in Éirinn.

Cláir & Tionscnaimh Rannpháirtíochta

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir leis an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl’ a threorú sa bhliain 2021. Chomhoibrigh Spóirt Éireann le Get Ireland Walking agus sé Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt, chun áiseanna spóirt le cosáin siúil a spreagadh chun a ngeataí a oscailt in 2021, chun tacú le cúram a thabhairt d’fholláine agus do mheabhairshláinte daoine.

Le blianta beaga anuas, tá na céadta clubanna CLG ar fud na tíre tar éis na soilse a chasadh ar a gcosáin chun siúlóirí a éascú le linn mhíonna an gheimhridh. Arís in 2021, thacaigh líon suntasach clubanna CLG leis an tionscnamh. Chuaigh cúig Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt eile leo den chéad uair in 2021, a bhí sin le feachtas Éire Shláintiúil - Coinnigh Folláin de chuid an Rialtais, le leas a bhaint as maoiniú ó Sláintecare agus comhpháirtíocht Spóirt Éireann, rud a cheadaigh do leathnú amach an fheachtais. Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le hobair i gcomhar le Rothaíocht Éireann agus le geallsealbhóirí eile san earnáil rothaíochta sa bhliain 2021 chun an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht’ a fhorbairt. Tá an tionscadal sin ag teacht le beartas rothaíochta na Roinne Iompair. Tá Spóirt Éireann ag leanúint freisin le hobair i gcomhpháirt leis an aonad forbartha Glasbhealaí sa Roinn Iompair chun tacú le forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar Ghlasbhealaí in Éirinn.

Thug Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir tacaíocht do 13 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha a sholáthar in 2021. Tá sé mar aidhm leis an gclár seo, atá á chistiú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin, deiseanna nua a chruthú do dhaoine páirt a ghlacadh i spóirt amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.

Forbhreathnú ar an gClár

Lean Spóirt Éireann le tacaíocht a thabhairt don chlár ‘Ná Fág Aon Rian’ in Éirinn sa bhliain 2021. Tá sé mar aidhm leis an gclár sin áineas stuama amuigh faoin spéir a chur chun cinn trí thaighde, oideachas agus for- rochtain a sholáthar chun go mbeidh gach duine a théann amach in ann an saol amuigh faoin spéir a chosaint agus taitneamh a bhaint as go stuama.

Chomh maith leis sin, thacaigh Spóirt Éireann le feachtas feasachta poiblí náisiúnta nua a bhí faoi stiúir ag Leave No Trace Ireland. Bhain an feachtas seo go mór le hiarraidh ar an bpobal cúram agus freagracht athnuaithe a fheidhmiú agus iad amuigh faoin aer maidir le madraí a bhainistiú, bruscar a chosc, agus a chinntiú nach bhfuil aon tine ann ach amháin ar shuíomh ainmnithe.

Tá an tAonad ag leanúint le páirt a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht Gormbhealaí le Spóirt Thuaisceart Éireann, le Turasoireacht Thuaisceart Éireann, le Fáilte Éireann agus le hUiscebhealaí Éireann. Comhordaíonn an chomhpháirtíocht an obair ar fad chun Gormbhealaí a fhorbairt ar oileán na hÉireann agus tacaíonn sí leis an obair sin. Ag deireadh 2021, cuireadh 9 n-iarratas isteach chuig an gcomhpháirtíocht ar chreidiúnú Gormbhealaigh chéim 1 agus bhog dhá Ghormbhealach ar aghaidh chuig Céim 2. Tá Gormbhealaí ina gconairí ilghníomhaíochta ceadaithe brandáilte a bhfuil mar aidhm leo áineas ar an uisce agus i ngar don uisce a spreagadh agus a chothú.

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir lena chaidreamh le hIonad CARA a chothú sa bhliain 2021 chun feasacht a mhéadú ar na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht i Suíomhanna Amuigh faoin Spéir agus chun a chinntiú go mbeidh timpeallachtaí amuigh faoin spéir níos sorochtana agus níos cuimsithí do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo páirt a ghlacadh i spóirt amuigh faoin spéir.

Feidhmíonn Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir mar chomhordaitheoir náisiúnta chun bealaí EuroVelo a fhorbairt in Éirinn. Téann an bealach trí dheich gcontae ar an gcósta thiar agus theas.

17. An tAonad um Fhorbairt & Athrú Eagraíochta

Forbhreathnú ar an Aonad

Is é an phríomhaidhm atá ag an Aonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta i Spórt Éireann ná tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Baineann roinnt gnéithe le hobair an Aonaid, Forbairt Cumais, Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta, agus Líonraí ina measc.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tríd is tríd, tá gníomhaíocht an Aonaid um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta dírithe ar éifeachtacht fhoriomlán na n-eagraíochtaí san earnáil spóirt a fhorbairt, go háirithe éifeachtacht a gcuid comhaltaí boird agus fostaithe. Ós rud é gur trí obair na ndaoine aonair sin ar deireadh a bhrúfar cuid mhór de chuspóirí straitéiseacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt chun cinn go páirteach agus a bhainfear amach go páirteach iad, tá acmhainneacht ag gníomhaíocht an Aonaid chun rannchuidiú le cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha sa doiciméad agus i straitéisí gaolmhara amháil Straitéis Spórt Éireann 2018 – 2022. Go sonrach, déanann gníomhaíocht an Aonaid um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta difear do na nithe seo a leanas:

Mír Gníomhaíochta 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: Déanfaidh Spórt Éireann maoirseacht ar phróiseas trína gceanglófar ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ar gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Cód Rialachais don Spórt faoi dheireadh 2021. Mar chuid den phróiseas sin, sainaitheoidh Spórt Éireann an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn ó eagraíochtaí difriúla chun cabhrú leis an bpróiseas glactha agus cuirfidh sé an oiliúint agus na tacaí sin i bhfeidhm.

Mír Gníomhaíochta 34 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: Déanfaimid comhoibriú laistigh den earnáil spóirt agus idir an earnáil spóirt agus earnálacha eile a chothú agus a spreagadh trí thionscnaimh oiliúna agus forbartha agus trí dhreasachtaí airgeadais agus dreasachtaí eile a sholáthar chun iompraíocht chomhoibríoch a spreagadh ar gach leibhéal spóirt. Oibreoidimid ar bhonn uile-oileáin ina leith sin. Féachfaimid le caidreamh níos láidre a fhorbairt leis an gcóras oideachais go háirithe.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Gníomhaíochta 5 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Colún feidhmíochta spóirt na hÉireann a fhorbairt, rud atá ríthábhachtach do dhaoine spóirt gníomhacha iomaíocha.

Mír Gníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spórt Éireann caighdeán atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach.

Mír Ghníomhaíochta 16 de Ráiteas Straitéise Spórt Éireann:

Infheisteoidh Spórt Éireann ina fhorbairt eagraíochta féin agus i bhforbairt a fhoirne chun a chinntiú go ndéantar gach ceann dá ghníomhaíochtaí de réir na gcaighdeán is airde.

Nasc le ‘Ceangail ar Feadh an tSaoil: Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015 - 2024’ ón Roinn Sláinte/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Mír Ghníomhaíochta 5.4.2 de ‘Ceangail ar Feadh an tSaoil: Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2024: Oiliúint i bhféinmharú a chosc a chur ar bhaill foirne i ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais ar dóigh dóibh teacht i dteagmháil le daoine atá i mbaol iompraíocht féinmharaithe nó atá leochaileach ina leith.

Buaicphointí an Chláir

- Reáchtáladh an clár Fostaíochta Céimithe ASPIRE agus socraíodh céimithe i 15 eagraíocht atá á gcistiú ag Spórt Éireann..
- Cuireadh tús leis an dara babhta den chlár Forbartha Bainistíochta ACCELERATE a chuimsigh trí shruth de 22 rannpháirtí an ceann ó 36 eagraíocht dhifriúla.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gclár ‘Find Your Fit’ chun eagraíochtaí a chumhachtú tacú le folláine a bhfostaithe. D’ainmnigh 21 eagraíocht fostaí amháin ó gach eagraíocht chun tabhairt faoin ról mar Chosantóir Folláine. Tugadh tacaíocht bhreise dóibh trí sheisiúin éascaithe Ghrúpa Líonraithe Cosantóirí na bhFolláine, agus fuair siad oiliúint deimhniche Garchabhrach Meabhairshláinte. Mar chuid dá bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach, d’fhreastail Cosantóirí na Folláine ar an Ard-Diplóma i gCóitseáil Chorporáideach um Fholláine.
- Cuireadh tús leis an tríú timthriall den chlár Meantóireachta M-Power, inar ghlac 22 mheantóir agus 22 mheantaí páirt. Cuireadh an ceathrú timthriall den chlár i gcrích, ina raibh 19 meantóir agus 19 meantaí páirteach. Cuireadh tús leis an gcúigiú timthriall den chlár ina bhfuil 16 mheantóir agus 16 mheantaí páirteach.
- Leanadh leis an gClár Tacaíochta um Fheabhsú Rialachais le linn na bliana. D’fhreastail thart ar 1050 rannpháirtí ar 28 imeacht lena n-áirítear Oiliúint do Chomhaltaí Boird, Imeachtaí Líonraithe do Chathaoirligh agus Rúnaithe Boird. Áiríodh leis seo 170 duine a d’fhreastail ar an Seimineár Bliantúil um Fheabhsú an Rialtais, a bhí dírithe ar Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht ar Bhoird.
- Tosaíodh nó cuireadh Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i gcrích i gceithre eagraíocht ar bhonn saincheaptha ar leith.
- Soláthraíodh 30 uaire an chloig de chóitseáil feidhmiúcháin do 5 fhostaí earnála ó réimse eagraíochtaí.
- Cuireadh 99 cinn de thuairiscí síciméadracha i gcrích agus reáchtáladh seisiúin aiseolais le fostaíthe earnála ó eagraíochtaí éagsúla.

- Chríochnaigh nó chuir 85 rannpháirtí ón earnáil tús le réimse de chláir creidiúnaithe FGL lena n-áirítear, Idirghabháil, Ard-Diplóma i dTraenáil Phearsanta, Ceannaireachta agus Feidhmiúcháin, Ard-Diplóma i gCóitseáil Folláine Corparáideach agus Diplóma Gairmiúil Leibhéal 9 an Fhorais Riaracháin i Rialachas Corparáideach.
- D'fhreastail 246 rannpháirtí ar raon cúrsaí forbartha scileanna i réimsí lena n-áirítear Tuarascálacha Gnó a Scríobh, Urraíocht a Dhaingniú, Meáin Shóisialta agus Pleanáil Straitéiseach.

Forbhreathnú ar an gClár

Forbairt Cumais Eagraíochta

Is é atá i gceist leis seo bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar Fhorbairt Cumais Eagraíochta i gclianteagraíochtaí spóirt in ocht réimse cumais:

- Ceannaireacht Eagraíochta
- Bainistíocht Athruithe
- Bainistíocht Riosca
- Pleanáil Straitéiseach
- Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe
- Bainistíocht Tionscadail
- Rialachas Corparáideach
- Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Forbraíodh Cumas Eagraíochta trí raon seirbhísí tacaíochta um Fhoghlaím, Comhairle agus Córais, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Cúrsaí Oilíúna, Ceardlanna agus Seimineáir
- Ríomhfhoghlaim
- Cóitseáil Feidhmiúcháin
- Measúnuithe Síciméadracha & Iompraíochta
- Idirghabháil san Ionad Oibre
- Sainchomhairle – Acmhainní Daonna agus an Dlí Fostaíochta

- Sainchomhairle – Forbairt Cumais
- Tacaíocht Earcaíochta ar Leibhéal Sinsearach

Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

Rinne Spórt Éireann bainistiú ar roinnt idirghabhálacha a soláthraíodh do chliantegraíochtaí spóirt ar bhonn saincheaptha sonracha. Rinneadh na hidirghabhálacha ar leibhéal an Duine Aonair, ar leibhéal an Ghrúpa agus ar leibhéal na hEagraíochta ar fad. Ba é an bunchuspóir a bhí leis an ngníomhaíocht sin ná feabhas leanúnach a chur ar éifeachtacht Eagraíochta laistigh de chliant-Eagraíochtaí spóirt. Díríodh in idirghabhálacha den sórt sin ar réimsí amháil Measúnú Eagraíochta, Neartú Foirme, Caidreamh Idirghrúpa, Dearadh Eagraíochta agus Athrú Cultúrtha.

Líonraí

D'éascaigh Spórt Éireann réimse grúpaí líonraithe earnála a bhí comhdhéanta de ghairmithe a oibríonn i gcineálacha éagsúla gairme/róil. Is é an cuspóir atá le gach líonra ná tacú le piarfhoghlaim, comhroinnt smaointe agus líonrú idir na rannpháirtithe. Tá cúig ghrúpa den sórt sin i mbun oibre faoi láthair:

- **Ceannaireacht** (atá dírithe ar Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhordaitheoirí Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Bainisteoirí Sinsearacha eile a oibríonn san earnáil)
- **Acmhainní Daonna** (atá dírithe ar ghairmithe Bainistíochta Acmhainní Daonna a oibríonn san earnáil)
- **Cóitseáil agus Meantóireacht** (atá dírithe ar Chóitseálaithe Feidhmiúcháin agus Meantóirí a oibríonn san earnáil)
- **Gov-Enhance do Chathaoirligh Bhoird** (atá dírithe ar Chathaoirligh Bhoird a oibríonn san earnáil)
- **Gov-Enhance do Rúnaithe Boird** (atá dírithe ar Rúnaithe Boird a oibríonn san earnáil)

18. Taighde & Nuálaíocht

Forbhreathnú ar an Aonad agus ar an gClár

Bunaíodh Aonad Taighde agus Nuálaíochta Spóirt Éireann i mí Eanáir 2021. Sheol an tAire Stáit Spóirt agus Gaeltachta, Jack Chambers TD, Straitéis Taighde Spóirt Éireann ar an 7 Nollaig 2021. Léiríonn an Straitéis Taighde tiomantas Spóirt Éireann tacú le cultúr fiosracha agus dul chun cinn a bhfuil taighde láidir ar fud na hearnála spóirt mar bhonn agus mar thaca leis. Is é sprioc an Aonaid Taighde agus Nuálaíochta ná giniúint agus úsáid an eolais ar Spóirt na hÉireann a threorú, ag cur léargais shaibhre ar fáil, a chuireann bonn eolais faoi ghníomhaíocht agus nuálaíocht chun earnáil spóirt den scoth a bhaint amach.

Nasc le Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus an Plean Gníomhaíochta Spóirt 2021-2023

Aithnítear rannchuidiú an spóirt sa chéad chaibidil den Bheartas Náisiúnta Spóirt trí thagairt a dhéanamh don taighde fairsing atá déanta go dtí seo. Déantar rianú agus monatóireacht ar spriocanna, príomhtháscairí feidhmíochta agus aidhmeanna an bheartais, ag baint úsáide as croíthionscadail Taighde Spóirt Éireann amhail Monatóir Spóirt na hÉireann agus an Staidéar ar Spóirt agus Gníomhaíocht Choirp Leanaí.

Tá gníomhaíocht an Aonaid Taighde mar bhonn agus mar thaca ag go leor de luachanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027. Soláthraíonn ár dtaighde an t-eolas, an mhonatóireacht agus na léargais a theastaíonn le haghaidh beartas atá bunaithe ar fhianaise agus atá dírithe ar thorthaí. Tá obair meastóireachta an Aonaid mar bhonn agus mar thaca ag na creataí cuntasachta a cheanglaítear leis an mbeartas. Tá ár gcuid oibre sa Nuálaíocht mar bhonn agus mar thaca chun réitigh nuálacha a chothú agus a spreagadh ar na dúshláin a bhfuil an beartas ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu.

Déanann roinnt gníomhartha beartais tagairt ar leith do thaighde, lena n-áirítear Gníomh 10 maidir le taighde a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna a bhaineann le neamhrannpháirtíocht; Gníomh 35 a éilíonn ar Spóirt Éireann straitéis taighde a fhorbairt chun an caidreamh idir cleachtas, beartas agus taighde a fheabhsú agus chun stór sonraí taighde spóirt ar líne a fhorbairt; Gníomh 36 ina bhforbróidh Spóirt Éireann creataí meastóireachta caighdeánaithe chun measúnú láidir a dhéanamh ar infheistíochtaí spóirt; agus Gníomh 47 a bhfuil sé mar aidhm aige cumas na hearnála spóirt maidir le taighde, meastóireacht agus córais faisnéise a fhorbairt.

Tá Caibidil 7 den Phlean Gníomhaíochta Spóirt 2021 go 2023 dírithe ar Thaighde agus Meastóireacht le gníomhaíochtaí breise chun taighde a dhéanamh ar an méid a chuireann spóirt na hÉireann le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar rannpháirtíocht i spóirt i measc grúpaí imeallaithe.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Leagann straitéis Spóirt Éireann béim ar an ngá atá le cláir thaighde láidre chun bonn eimpíreach a chur faoi chleachtas agus beartas. Tá sé mar aidhm ag Gníomh 15 de Straitéis Spóirt Éireann cáilíocht agus méid an taighde arna fhoilsiú ag Spóirt Éireann a mhéadú, Straitéis Taighde a fhorbairt agus creataí feabhsaithe taighde agus meastóireachta a chur i bhfeidhm laistigh de Spóirt Éireann

Buaicphointí an Chláir

Straitéis Taighde Spóirt Éireann

Ar an 7 Nollaig 2021, sheol an tAire Stáit Spóirt agus Gaeltachta, Jack Chambers TD, Straitéis Taighde Spóirt Éireann, ag comhlíonadh Ghníomh 35 den Bheartas Náisiúnta Spóirt, Ghníomh 7.1 den Phlean Gníomhaíochta Spóirt agus Ghníomh 15 b) de Straitéis Spóirt Éireann . Le linn chomhairliúcháin fairsing na Straitéise Taighde, chuathas i dteagmháil le gach príomheagraíocht in earnáil spóirt na hÉireann.

Luach an Spóirt in Éirinn

Ar an 20 Meán Fómhair 2021, sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Catherine Martin TD agus an tAire Stáit don Spóirt agus don Ghaeltacht, Jack Chambers TD an tuarascáil ar Luach an Spóirt in Éirinn. Fuarthas amach sa taighde go ndéantar beagnach 100,000 cás galair a chosc gach bliain trí Rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp, rud a shábhálann nach mór €0.4bn don Rialtas ar chúram sláinte. B'ionann poist a bhain le spóirt in Éirinn agus 2.8% d'fhostaíocht iomlán in Éirinn in 2018, agus chaith tomhaltóirí €3.3bn ar earraí agus ar sheirbhísí a bhain le spóirt. Chomh maith leis sin, b'ionann na huairéanta a chuir oibríthe deonacha le Spóirt na hÉireann in 2019 agus €1.5bn. Leagann an tuarascáil Luach an Spóirt béim ar na tairbhí leathana sláinte agus eacnamaíocha a bhaineann le Spóirt in Éirinn.

Monatóir Spóirt na hÉireann agus monatóireacht Covid-19

Rinneadh obair allamuigh Mhonatóir Spóirt na hÉireann le linn 2021. Tugann taighde Mhonatóir Spóirt na hÉireann léargas ar an rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc daoine fásta atá 16 bliana d'aois agus níos sine. Cabhraíonn sé chun monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spóirt, lena n-áirítear i dtaca leis na grádáin inscne, aoise agus shocheacnamaíocha sa rannpháirtíocht sin. Bhí an obair a rinne Monatóir Spóirt na hÉireann in 2021 ríthábhachtach chun monatóireacht agus tuiscint a fháil ar an tionchar gan fasach a bhí ag an bpaindéim ar iompraíochtaí spóirt na ndaoine. Riaradh croíshuirbhé Mhonatóir Spóirt na hÉireann ar bheagnach 8,500 freagróir i 2021, agus rinne modúil sholúbtha Mhonatóir Spóirt na hÉireann taighde ar shaincheistean amhail dearcthaí i leith an spóirt le linn na paindéime, úsáid na teicneolaíochta, éagsúlacht agus cuimsiú, agus dearcthaí i leith Chluichí Oilimpeacha 2020.

Stór Sonraí Taighde Ar Líne Spóirt Éireann

Chríochnaigh Spóirt Éireann tionscadal mianadóireachta sonraí in 2021 chun an raon tacair sonraí a bhaineann le spóirt atá ar fáil go héasca in Éirinn a nochtadh agus chun tosú ar na léargais atá ar fáil ó gach tacar sonraí a thiomsú. Baineadh úsáid as na haschuir ón tionscadal mianadóireacht sonraí chun eolas a thabhairt do choimisiúnú stór sonraí ar líne i bhfoirm locha sonraí agus samhlacha agus léirshamlú sonraí gaolmhara. In 2021, táirgeadh roinnt deais léirshamlaithe píolótacha agus roinneadh iad le príomhpháirtithe leasmhara le haghaidh aiseolais agus tuairimí. Táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal i gcrích in 2022.

Scéim Deontais Taighde Spóirt Éireann

Leag comhairliúcháin Straitéis Taighde Spóirt Éireann béim ar an ngá atá le scéim bheag deontais chun tacú leis an earnáil spóirt tionscadail taighde a bhaineann le spórt agus láthair go sonrach a thabhairt chun críche. D'eisigh Spóirt Éireann scéim phiólótach maoinithe taighde i mí Dheireadh Fómhair 2021 do na comhlachtaí aitheanta spóirt. Is é aidhm na scéime seo nascacht a chothú idir an earnáil spóirt agus institiúidí tríú leibhéal chun tionscnaimh taighde a bhaineann le heagraíochtaí aonair spóirt a threorú. Fuarthas 25 aighneacht san iomlán ó 15 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta, 6 Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúla agus 4 Chomhlacht Maoinithe. Bhí eagraíochtaí in ann iarratas a dhéanamh ar uasmhéid de €15,000 agus críochnaíodh an tionscadal laistigh de 12 mhí. Leithdháil Spóirt Éireann, le tacaíocht ó Éire Shláintiúil, buiséad de €250,000 ar an scéim deontas taighde a thacaigh le 17 dtionscadal taighde.

Nuálaíocht Spóirt Éireann

Thacaigh Spóirt Éireann le 13 thionscadal Nuálaíochta um Rannpháirtíocht sa Spórt mar chuid den €1m le haghaidh Nuálaíocht do Rannpháirtíocht sa Spóirt as na Cuntais Díomhaoin in 2021. Chuir Spóirt Éireann tacaíochtaí meastóireachta agus smaointeoireacht dearaidh ar fáil do na hiarratasóirí go léir ar éirigh leo trí chlár Tacaíochta Tionscadal Nuálaíochta. Le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, críochnaíodh staidéar i mí na Nollag 2021 a scrúdaigh an fhéidearthacht de Mhol Nuálaíochta agus Fiontair don Spórt a bhunú ar Champas Spóirt Éireann.

Rinneadh athbhreithniú idirnáisiúnta ar na moil nuálaíochta agus cuireadh comhairliúchán cuimsitheach i gcrích ar fud na bpáirtithe leasmhara spóirt, tionscail agus rialtais. Cuireadh tionscadal mapála páirtithe leasmhara i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan i gcrích in 2021 ina bhfuil mapáil déanta ar an raon fiontar agus eagraíochtaí a mbíonn comhlachtaí spóirt ag obair leo ar Champas Spóirt Éireann. Cuirfidh an tionscadal bonn eolais faoin bhféidearthacht a bhaineann le Braisle Spóirt Éireann (Líonra Comhoibrithe) a bhunú a spreagfadh comhoibriú agus nuálaíocht ar Champas Spóirt Éireann.

Nuair a bhí an tuarascáil taighde Adolescent Girls in Sport curtha i gcrích agus foilsithe, d'óstáil Spóirt Éireann Hackaton Bí Gníomhach do Chailíní sna Déaga i mí Aibreáin 2021. Spreag an tionscadal comhoibrithe tras-aonad seo suim mhór ar fud na tíre agus cuireadh 60 smaoinemh faoi bhráid an chomórtais dá bharr.

Soláthraíodh maoiniú do na 4 thionscadal a bhuaigh ionas gur féidir triail a bhaint astu agus le measúnú a dhéanamh orthu i 4 CÁS.

Measúnú Spóirt Éireann

Coimisiúnaíodh roinnt measúnuithe in 2021 lena n-áirítear measúnú ar an tionscadal Active Cities, an ciste Nuálaíochta do Chuimsiú Spóirt, an Tionscnamh Eachtraíochta Uirbeach, Clár Ceannaireachta um Mná sa Spórt, Tionscadail um Rannpháirtíocht sa Spórt do dhaoine faoi Mhíchumas, Cailíní sna Déagóirí a Chóitseáil agus an Clár 'Get Active' do Chailíní sna Déaga. Go déanach in 2021 choimisiúnaigh Spóirt Éireann forbairt creataí measúnaithe do Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann, don Bheartas um Mná sa Spórt agus don Bheartas um Spórt Allamuigh. Leanadh ar aghaidh ag bailiú sonraí meastóireachta sistéamacha ar fud roinnt comhlachtaí maoinithe a chuidigh chun deais mheasúnaithe idirghníomhach a fhorbairt lena roinnt leis an earnáil.

Comhoibriú Taighde maidir le Gníomhaíocht Choirp na hÉireann

Le tacaíocht ó Éire Shláintiúil, tá Spórt Éireann freagrach as comhordú a dhéanamh ar an gComhoibriú Taighde um Gníomhaíocht Choirp na hÉireann (I-PARC). Tá comhordaitheoir I-PARC i gceannas ar roinnt tionscadal chun comhoibriú leanúnach a chothú idir taighde, beartas agus cleachtas ar fud oileán na hÉireann chun deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a mhéadú agus ag an am céanna, uirlisí meastóireachta, cur i bhfeidhm agus córais smaointeoireachta I-PARC a scaipeadh agus a chur chun cinn.

19. Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Stádas Rannpháirtíochta Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Monatóir Spóirt R3 2021: Ag leanúint ar aghaidh ó Covid, tá rannpháirtíocht spóirt dóibh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas (49%) beagnach tar éis filleadh ar leibhéal 2019 (50%), rud a chruthaigh bearna méadaithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas (27%, síos ó 33% in 2019).

Beartas

Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027: Tá freagracht dhíreach ar Spóirt Éireann as Gníomh 9 a sheachadadh, gníomh a thugann aghaidh ar neamhionannais i rannpháirtíocht spóirt, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe Spóirt Éireann: Sainaithníodh daoine faoi mhíchumas a bheith ina spriocghrúpa tábhachtach le haghaidh teagmhála agus comhairliúcháin le linn fhorbairt an bheartais. Beidh tionchar suntasach aige sin ar an spóirt cuimsitheach a chur chun cinn agus ar ghníomhartha ábhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chur chun feidhme.

Infheistíocht

- I mí na Nollag 2021, d'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, agus an tAire Stáit Spóirt agus Gaeltachta, Jack Chambers TD, in éineacht le Spóirt Éireann, maoiniú chun tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sa spóirt. Tá infheistíocht shonrach curtha ar fáil freisin d'earnáil an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas ag teacht leis an tionscnamh SportForAll, le CRNanna Spóirt Míchumais agus Cumann Parailimpeacha Éireann i measc eagraíochtaí eile ag fáil tacaíocht airgeadais de €837,000.
- Níos luaithe in 2021, trí Scéimeanna Deontas Spóirt Éireann, rinneadh an infheistíocht seo a leanas a bhaineann le Spóirt do dhaoine faoi Mhíchumas – €8,178,000 (CRNanna, CÁSanna, Cara, Lúthchleasaithe HP, Parailimpeacha Éireann, Cuntais Dhíomhaoine agus Mná sa Spóirt).

Ardfheidhmíocht

D'éirigh go han-mhaith le Foireann Parailimpeacha na hÉireann sna Cluichí Parailimpeacha i dTóiceo, áit ar buadh 7 mbonn agus inar bhain go leor lúthchleasaithe sáriarracht phearsanta amach. Rinneadh athbhreithniú ar na Cluichí mar chuid den athbhreithniú ar na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

Rannpháirtíocht

- **Oifigigh Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas:** Tacaíodh leis na hOifigigh Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas a cuireadh ag obair i 29 CÁS. Is é is aidhm leis an gClár Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas tuilleadh daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú chun páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt i ngach suíomh.
- **Lasmuigh:** Tá Spóirt Éireann chun tosaigh ar thionscnamh chun Bunachar Sonraí Náisiúnta de Thaitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa a fhorbairt. Áireofar sa bhunachar sonraí faisnéis chruinn agus chothrom le dáta ar dheiseanna a bheith gníomhach in Éirinn, lena n-áirítear faisnéis ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

Forbairt acmhainní

- **Forbairt agus Athrú Eagraíochta:** Áiríodh modúl ar éagsúlacht agus rannpháirtíocht (inscne agus míchumas) sna cláir Arena agus Accelerate do POFanna agus bainisteoirí/maoirseoirí in eagraíochtaí spóirt.

- **Cóitseáil:** Rinneadh dul chun cinn ar acmhainn ríomhfhoghlama ar Fheasacht Míchumais ina bhfuil naisc chuig acmhainní breise do chóitseálaithe. Tá an acmhainn le húsáid ag CRNanna mar chuid de dhámhachtainí oideachais cóitseálaithe nó mar FGL.
- **Clár Oibríthe Deonacha Uilechuimsitheach:** Ghlac breis is 170 oibrí deonach lena mbaineann cúlraí, spóirt agus gníomhaíochtaí éagsúla páirt sa chlár ó áiteanna ar fud na hÉireann cúlraí, spóirt agus gníomhaíochtaí éagsúla. Rinne CARA, le tacaíocht ó Spóirt Éireann, Cónaidhm Spóirt na hÉireann agus Obair Dheonach Éireann, an clár seo a fhorbairt.
- **Cairt Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas** - Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon gcláraitheoirí den Chairt, le breis agus 1,400 sínithe go dtí seo. Áirítear orthu seo gach CÁS, CRN, club spóirt, ionad fóillíochta agus spórtlann, chomh maith le heagraíochtaí eile.
- **Clár Píolótach 'Cré-umha' Xcessible** - Thacaigh agus threoraigh CARA seacht CRN & CÁSanna chun tuilleadh deiseanna a chruthú trí chóitseáil, rannpháirtíocht, obair dheonach, feidhmiú agus ardfheidhmíocht, agus ardán straitéiseach láidir á fhorbairt don rannpháirtíocht laistigh de gach ceann de na heagraíochtaí. I measc na n-eagraíochtaí, bhí: Cispheil Éireann, Snámh Éireann, Badmantan Éireann, Rotháíocht Éireann, CÁS Mhaigh Eo, CÁS an Chláir agus CÁS Chill Dara.
- **Seimineár Náisiúnta um Rannpháirtíocht** – Rinne CARA, i gcomhar le Spóirt Éireann agus FSS, craoladh beo fíorúil ar an 3 Nollaig 2021, dar teideal ‘I’m In Too – My Choice to be Active’.

Campas Spóirt Éireann

Lean Campas Spóirt Éireann ar aghaidh ag tacú le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa spórt trína chuid clár, seirbhísí agus forbairt saoráidí.

20. Gníomhaíocht Chorporáideach

Thug Spórt Éireann freagra ar 26 Ceist Pharlaiminte san iomlán sa bhliain 2021.

Rinne Spórt Éireann urraíocht ar Ghradam an Irish Times/Spórt Éireann do Bhean Spóirt na Bliana sa bhliain 2020

Thug Spórt Éireann tacaíocht do Operation Transformation arís sa bhliain 2021. Áiríodh leis an Rith 5k Operation Transformation a eagrú i bPáirc an Fhionnuisce i gcomhar le Lúthchleasaíocht Éireann

Lean Aonad Cumarsáide Spórt Éireann le tacaíocht a thabhairt sna réimsí seo a leanas: na meáin; gnóthaí poiblí; cumarsáid chorporáideach; imeachtaí; margaíocht; agus cúrsaí digiteacha

Cuireann Spórt Éireann tacaíocht chumarsáide ar fáil do Chumann Parailimpeacha Éireann roimh na Cluichí Parailimpeacha agus lena linn.

Tháinig Spórt Éireann le chéile le Cuir Éire ag Siúl chun an feachtas Coinnigh Folláin Coinnigh ag Siúl a sheoladh. Reáchtáil Spórt Éireann an chéad Seachtain Allamuigh na mBan (HER) chun mná agus cailíní a spreagadh lena gcuid eachtraíochta a fhorbairt agus taithí a fháil ar gach rud atá amuigh faoin aer i dtéarmaí gníomhaíochta coirp.

21. An Grúpa Formhaoirseachta Rialachais ar Chumann Peile na hÉireann

Leis an Meabhrán Tuisceana, bunaíodh an creat le haghaidh an chistiúcháin ó Rialtas na hÉireann do Chumann Peile na hÉireann a athbhunú, le haghaidh cistiú breise a sholáthar thar an tréimhse 2020-2023 agus le haghaidh fhreagrachtaí an dá pháirtí.

Bunaíodh an Grúpa Formhaoirseachta Rialachais de bhun an Mheabhráin Tuisceana idir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Cumann Peile na hÉireann chun formhaoirseacht, athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann Cumann Peile na hÉireann ceanglais an Mheabhráin Tuisceana chun feidhme agus a gcloíonn sé leo thar an tréimhse 2020-2023.

Bhunaigh an Grúpa Idirchaidrimh Airgeadais chun formhaoirseacht, athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar an dóigh a gcloíonn Cumann Peile na hÉireann le ceanglais airgeadais agus rialaithe inmheánaigh an Mheabhráin Tuisceana. Tháinig an Grúpa Idirchaidrimh Airgeadais le chéile deich n-uaire sa bhliain 2020. Bhí sé comhdhéanta de chomhaltaí de Spóirt Éireann agus de Choiste Feidhmiúcháin Chumann Peile na hÉireann agus rinne Roger O'Connor, comhalta de Bhord Spóirt Éireann, cathaoirleacht ar an nGrúpa.

Baill den Ghrúpa Formhaoirseachta Rialachais

- Mary Dorgan (Cathaoirleach agus Comhalta de Bhord Spóirt Éireann)
- Michael Kavanagh (Leas-Chathaoirleach agus Comhalta Neamhspleách)
- Angelo McNeive (Comhalta Neamhspleách)
- Bernard Allen (Ainmní Spóirt Éireann)
- Catherine Guy (Comhalta de Bhord Chumann Peile na hÉireann)
- Gerry McAnaney (Comhalta de Bhord Chumann Peile na hÉireann)
- John Treacy (POF, Spóirt Éireann)
- Colm McGinty (Stiúrthóir Rialachais, Riosca, Comhlíonta agus Straitéise, Spóirt Éireann)
- Jonathan Hill (POF, Cumann Peile na hÉireann)

Cruinnithe

D'ainneoin an tionchair rídhúshlánaigh airgeadais, eacnamaíoch agus shóisialta a bhí ag paindéim Covid-19, rinne Cumann Peile na hÉireann dul chun cinn suntasach ar a chlár oibre athchóirithe. Tháinig an Grúpa Formhaoirseachta Rialachais le chéile sé huair sa bhliain 2021. Bhreithnigh an Grúpa an dul chun cinn go dtí seo agus an obair bhreise a bheartaíonn Cumann Peile na hÉireann a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

A. Athchóiriú Bunreachta

- Forbraíodh struchtúir Eagrúcháin agus Rialachais nua Chumann Peile na hÉireann arna bhfaomhadh go láidir ag comhaltaí Chumann Peile na hÉireann ag Cruinniú Ginearálta Úrghnách na heagraíochta i mí an Mhárta 2021.

B. Athchóiriú Airgeadais

- Fuarthas agus breithníodh nuashonruithe ón nGrúpa Idirchaidrimh Airgeadais lena n-áirítear a n-athbhreithniú ar bhuiséid agus nósanna imeachta bainistíochta riosca Chumann Peile na hÉireann, agus obair Choiste Iniúcháireachta, Riosca, Comhlíonta agus Airgeadais Chumann Peile na hÉireann.
- Rinneadh dul chun cinn ar an iniúchadh seachtrach a rinne Grant Thornton ar Ráitis Airgeadais 2020 Chumann Peile na hÉireann.
- Rinne Cumann Peile na hÉireann dul chun cinn maidir leis an Meabhrán Tuisceana a chur i bhfeidhm agus ar mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Rialachais agus tuarascálacha KOSI a chur i gcrích.
- Rinneadh nuashonruithe ar Phlean Claochlaithe Airgeadais an FAI.

C. Athchóiriú Eagraíochta

- Straitéis nua Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt.
- Líon níos mó ban a chur i ról cheannaireachta agus rialachais i gCumann Peile na hÉireann agus na spriocanna comhaontaithe um chothromaíocht inscne a bhaint amach ag leibhéal an Bhoird agus na gCoistí.
- Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht Boird a chur i gcrích.
- Beartas nua taistil agus ticéadaithe cluichí Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt.
- Creat Dearbhaithe Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt chun tacú leis an mBord maidir lena príomh-oibleagáidí rialachais a chomhlíonadh.
- Athchóirithe cultúrtha a choinneáil agus a dhaingniú.

Beag beann ar an obair an-substaintiúil a rinneadh go dtí seo, is eol don Ghrúpa go mbeidh corp suntasach oibre fós le cur i gcrích ag Cumann Peile na hÉireann in 2022. D'aithin an Grúpa na dúshlán airgeadais agus oibriúcháin a tháinig roimh Chumann Peile na hÉireann le linn na bliana 2021 de bharr phaindéim Covid-19.

De réir an Mheabhráin Tuisceana, d'fháiltigh an Grúpa roimh fhreastal ionadaí ón Roinn Turasóireachta Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar chruinniú de chuid an Ghrúpa i mí na Nollag 2021. D'fháiltigh an Grúpa roimh an aitheantas a thug an Roinn don dul chun cinn a rinneadh cheana féin agus roimh an spreagadh a thug an Roinn do Spórt Éireann agus do Chumann Peile na hÉireann leanúint leis an bpróiseas caidrimh, mar atá leagtha amach sa Mheabhrán Tuisceana, agus leis an dea-obair a rinneadh.

An plean don bhliain 2022

Leanfaidh an Grúpa le teacht le chéile le linn na bliana 2022, agus díriú leanúnach á leagan ar na príomhghnéithe de chlár oibre Athchóirithe Chumann Peile na hÉireann, i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana. Aithníonn an Grúpa go bhfuil ról lárnach ag Cumann Peile na hÉireann maidir leis na hathchóirithe riachtanacha a leabú i rith 2022. Ceapann an Grúpa go leanfaidh an Grúpa Idirchaidrimh Airgeadais le teacht le chéile sa bhliain 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na moltaí laistigh den Ghrúpa Athbhreithnithe Rialachais agus sna tuarascálacha KOSI.

22. Pleanáil Straitéise & Bhliantúil

Forbhreathnú ar an Aonad

Díríonn Aonad Rialachais & Straitéise Spóirt Éireann ar ghníomhaíochtaí rialachais, tionscnaimh agus cláir straitéiseacha éagsúla a bhainistiú agus a chomhordú de réir Bheartas Náisiúnta Spóirt an Rialtais agus Straitéis Spóirt Éireann.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

- Mír Ghníomhaíochta 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: Déanfaidh Spóirt Éireann formhaoirseacht ar phróiseas trína gceanglófar ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ar gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Cód Rialachais don Earnáil Pobail, don Earnáil Dheonach agus d'Earnáil na gCarthanas (an Cód Rialachais Spóirt anois) a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2021. Mar chuid den phróiseas sin, sainaitheoidh Spóirt Éireann an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn ó eagraíochtaí difriúla chun cabhrú leis an bpróiseas glactha agus cuirfidh sé an oiliúint agus na tacaí sin i bhfeidhm.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

- Mír Ghníomhaíochta 6 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an-éifeachtach a mhéadú go 40.
- Mír Ghníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann caighdeáin atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach

Forbhreathnú ar an gClár – an Cód Rialachais don Spóirt a chur i bhfeidhm

Má táthar chun sainmhíniú a thabhairt ar ‘dea-rialachas’ is é an bord ag leagan amach agus ag déanamh maoirsiú ar bhaint amach chuspóirí na heagraíochta, ag cuidiú leis an eagraíocht a threorú ar aistear chun ratha – turas a threoraítear ón seomra boird.

Déanann Spóirt Éireann maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chóid Rialachais don Spóirt atá ar ceann de na creataí trína leagann Spóirt Éireann caighdeáin an dea-rialachais amach san earnáil. Is bailiúchán de chleachtas mholta é an Cód Rialachais seo a ligean d’eagraíochta a gcuspóirí a bhaint amach chun leasa na ndaoine ar a bhfreastalaíonn siad. Ní bhaineann sé le rialacha. Baineann sé le prionsabail, amháil ceannaireacht, trédhearacht, cuntasacht, ionracas etc. agus eagraíochtaí a threorú chun an rud ceart a dhéanamh ar an mbealach ceart chun cúrsaí spóirt a réachtáil ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Nuair a chloítear le prionsabail rialachais, cabhraítear chun dearbhú a thabhairt do pháirtithe leasmhara go bhfuil an spóirt sábháilte.

Maidir leis an gCód Rialachais don Spóirt a chur i bhfeidhm, is aistear leanúnach é a éilíonn cur chuige comhsheasmhach ag gach leibhéal d’eagraíocht, ón seomra boird chuig an bpáirc imeartha toisc go gcuimsíonn sé freagrachtaí feidhmíochta agus comhlíonta amháil cur i bhfeidhm straitéiseach, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, comhlíonadh, agus feidhmiú laethúil luachanna agus cultúir na heagraíochta.

Dá bhrí sin, bhí sé fós mar phríomhthosaíocht ag Spórt Éireann in 2021 cumais rialachais a fhorbairt trí na cleachtais a leagtar amach sa Chód Rialachais don Spórt san earnáil mar phríomhthosaíocht ag Spórt Éireann in 2021, i bhfianaise spriodhata an 31 Nollaig a leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt maidir leis an gCód a bheith glactha go hiomlán ag na heagraíochtaí go léir.

Chun cabhrú le cleachtais mholta an Chóid a chomhlíonadh, lean foireann rialachais Spórt Éireann ag soláthar tacaíochta, oiliúna, oideachais agus acmhainní atá i gcomhréir le cur i bhfeidhm an Chóid Rialachais, agus bhí cuid den obair seo á seachadadh i gcomhar leis an Aonad Eagraíochta, Forbartha & Athraithe. I measc na n-acmhainní sin, tá rannán tiomnaithe de shuíomh gréasáin Spórt Éireann atá tiomnaithe don Chód Rialachais don Spórt, a sholáthraíonn faisnéis mhionsonraithe ar an gCód chomh maith le sraith chuimsitheach de 60+ teimpléad rialachais, dréachtbheartais, nótaí teorach, téarmaí tagartha samplacha agus seicliostaí i bhformáid in-eagarthóireachta is féidir le heagraíochtaí aonair a oiriúnú agus a chur in oiriúint chun a bheith ábhartha dá gcúinsí féin.

Tá baint mhór ag an bhfoireann Rialachais ó thaobh cinneadh a dhéanamh ar ábhar an Chláir Feabhsaithe Rialtais (ar cuireadh tús leis i lár 2020). In 2021, tríd an gclár seo, thacaigh Spórt Éireann le tuairim is 1100 rannpháirtí thar 28 imeacht lena n-áirítear líonraí sainróil, seimineáir agus máistir-ranganna, comhairle sainchomhairleoireachta, deiseanna oiliúna creidiúnaithe/deimhnithe agus duine le duine, idirghabhálacha spriodhíthe agus acmhainní ríomhfhoghlama amhail na cinn seo a leanas:

- Teacht ar Theastas Gairmiúil Leibhéal 9 sa Rialachas. Soláthraíonn an Foras Riaracháin an teastas seo agus déanann Ollscoil na hÉireann é a chreidiúnú. Go dtí seo, bronnadh céim ar 83 rannpháirtí de chuid an chúrsa.
- Raon cruinnithe, seimineár agus líonrú a bhaineann le Rialachas a sholáthar arna, agus iad á réachtáil i gcomhar leis an bhForas Riaracháin, Carmichael Ireland agus saineolaithe rialachais eile.
 - Ceardlanna agus clinicí duine le duine ar na riachtanais tuairiscithe chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.
- Úsáid a bhaint as Ionad Carmichael chun oiliúint intí a réachtáil go sonrach do Bhoird. De ghnáth, féachann siad ar réimsí amhail Ionduchtú don Bhord agus seisiúin athnuachana ar Róil agus Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird.
- Cúrsaí lae um oiliúint ar réimsí a bhaineann le Rialachas, agus iad oscailte d'fhostaithe earnáilbhunaithe agus do chomhaltaí boird.
- Rochtain ar sheirbhís chomhairleach saor in aisce tríd an Ionad Iomaíochais a sholáthraíonn cúnamh agus comhairle faoi rún ar chúrsaí a bhaineann le Rialachas.

Buaicphointí an Chláir

I mí Eanáir 2021, d'fhógair 29 de na céad eagraíochtaí a fuair maoiniú ó Spórt Éireann go nglacfaí go hiomlán leis an gCód Rialachais don Spórt, agus tháinig méadú 81 ar an líon seo faoin 31 Nollaig 2021.

As na 81 eagraíocht a ghlac leis an gCód in 2021, is Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (CRNanna) 47 díobh, is Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) 26 cinn díobh agus is comhlachtaí maoinithe eile ocht gcinn díobh. Ina theannta sin, i dtéarmaí rangú na n-eagraíochtaí seo, is eagraíochtaí de Chineál A (eagraíochtaí beaga/deonacha) deich gcinn díobh, is eagraíochtaí de Chineál B (eagraíochtaí meánmhéide) 34 díobh agus is eagraíochtaí de Chineál C (eagraíochtaí móra) 37 cinn díobh. Aithníonn Spóirt Éireann an t-uafás oibre atá ag teastáil ón earnáil chun an spriodhata seo a bhaint amach agus an caighdeán a ardú i dtéarmaí an dea-chleachtais maidir le rialachas éifeachtach a chur i bhfeidhm.

Den chuid is mó, fuarthas aiseolas dearfach ón earnáil maidir leis an gCód a bheith ina “fhórsa na maitheasa”. Tá Canúáil Éireann agus Eitpheil Éireann i measc na n-eagraíochtaí ina bhfuil tionchar an Chóid le feiceáil. Tá gradaim buaite ag an dá eagraíocht seo le blianta beaga anuas ag Gradaim an Dea-Rialachais. Tá na heagraíochtaí Aois & Deiseanna, Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chorcaí agus Gleacaíocht Éireann ina samplaí inbhraite eile d’eagraíochtaí ina bhfuil an Cód á dhaingniú. Tá Spóirt Éireann ar an eolas freisin go bhfuil sé léirithe ag eagraíochtaí áirithe tríd an méid a chuir siad leis an gClár Feabhsaithe Rialtaisgo bhfuil siad tar éis glacadh le luachanna agus spiorad an Chóid (m.sh., Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann, Badmantan Éireann, Snámh Éireann, Cumann Treodóireachta na hÉireann, Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann).

Agus na mothúcháin dhearfacha thuas á gcomhardú agus toisc gur theip ar naoi n-eagraíocht déag an spriodhata i mí na Nollag maidir le glacadh éigeantach an Chóid Rialachais don Spórt a bhaint amach, sainithníodh roinnt dúshlán rialachais laistigh den earnáil freisin. Treisítear na dúshláin seo (m.sh. struchtúir rialaithe, doiciméid rialaithe, maoirseacht straitéiseach, cumas oibriúcháin, forbairt beartais, ionracas etc.) trí roinnt torthaí suntasacha sa chlár iniúchta inmheánaigh a leagann béim ar an ngá atá le tuilleadh oibre a dhéanamh ag leibhéal eagraíochtúil chun na cleachtas mholta a dhaingniú chun a chinntiú go bhfuil an bealach atá an dea-rialachas á chur i bhfeidhm i gcleachtas ag teacht leis an gcreat dea-rialachais atá ar pháipéar.

Toisc gur próiseas leanúnach é an próiseas rialachais seachas próiseas atá dírithe ar an toradh deiridh, beidh feabhsuithe ag teastáil i gcónaí ar chleachtas, ar bheartais agus ar nósanna imeachta a bhaineann leis an gCód. Tiocfaidh cuid de na feabhsuithe seo as aiseolas, taighde, torthaí iniúchta srl. agus forbróidh cuid acu go horgánach de réir mar a leanann an réimse rialachais spóirt ag fás agus ag forbairt. Léiríonn an fhorbairt leanúnach seo sa chleachtas is fearr an gá atá le leanúint de thacaíocht shaincheaptha a sholáthar amach anseo chun a chinntiú go leanann eagraíochtaí de na cleachtas mholta a leabú agus prionsabail an Chóid a ghlacadh chucu.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gur chríochnaigh naoi n-eagraíocht bhreise a bpáipéarachas riachtanach le linn an chéad leath de 2022, rud a thugann líon iomlán na n-eagraíochtaí atá liostaithe mar eagraíochtaí comhlíontacha ar Chlár an Chóid Rialachais go 90 agus a fhágann na deich gcinn eile mar eagraíochtaí atá “Faoi Athbhreithniú” nó fós “Ar an Aistear”.

Cur Chun Feidhme Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann 2018-2022

Tá Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann ag teacht go dlúth leis na beartais ábhartha de chuid an Rialtais, mar atá an Beartas Náisiúnta Spóirt agus an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Tá an Beartas Náisiúnta Spóirt go háirithe ar an gcomhthéacs beartais ina n-oibreoidh Spóirt Éireann agus an mhórearnáil spóirt sna blianta beaga atá romhainn. Mar chuid dá chlár oibre don bhliain 2021, bhreithnigh Bord Spóirt Éireann Plean Cur Chun Feidhme na Straitéise i mí Feabhra agus mí na Samhna 2021.

Áirítear sna táblaí thíos stádas ardleibhéil gach ceann de na sé chuspóir déag agus ocht gcinn is daichead de bhearta gaolmhara ratha ó dheireadh 2021.

A. Stádas na gCuspóirí

Colún	Cuspóirí	Curtha i gCrích	Ag dul ar aghaidh mar a beartaíodh	Tuilleadh Airde ag Teastáil	I mBaol
<i>Rannpháirtíocht</i>	4	0	4	0	0
<i>Feidhmíocht</i>	4	0	3	1	0
<i>Ardfheidhmíocht</i>	4	1	3	0	0
<i>Rialachas Spóirt Éireann</i>	4	0	3	1	0
Iomlán	16	1	13	2	0

- Tá cuspóir amháin bainte amach (Rath Ardfheidhmíochta le linn na Timthrialta Oilimpeacha agus Parailimpeacha) agus tá 13 chuspóir fós ag dul ar aghaidh mar a beartaíodh agus le baint amach faoi dheireadh na bliana.
- Is iad seo a leanas an dá chuspóir a bhfuil “tuilleadh airde” de dhíth orthu:
 - o Tharla laghdú in 2021 sna rátaí rannpháirtíochta agus ballraíochta i gcás na spóirt tosaíochta mar thoradh ar Covid-19 agus a thionchar ar imeachtaí agus comórtais.
 - o Struchtúr forbartha eagraíochta/acmhainní Spóirt Éireann chun a chinntiú go gcoimeádan sé a chaighdeán arda clársceidealaithe agus seachadta.

B. Stádas na mBearta Ratha

Colún Straitéiseach	Slat Tomhais na Rathúlachta	Curtha i gCrích	Ag dul ar aghaidh mar a beartaíodh	Tuilleadh Airde ag Teastáil	I mBaol
<i>Rannpháirtíocht</i>	11	0	11	0	0
<i>Feidhmíocht</i>	14	0	8	6	0
<i>Ardfheidhmíocht</i>	12	5	6	1	0
<i>Rialachas Spóirt Éireann</i>	11	2	6	2	1
Iomlán	48	7	31	9	1

- Tugadh seacht gcinn de shlata tomhais na rathúlachta chun críche faoi dheireadh 2021 agus tá 31 fós ag dul ar aghaidh mar a beartaíodh lena gcríochnú faoi dheireadh an tímthrialla straitéisigh.
- Baineann an mhír atá “I mBaol” le Straitéis Forbartha Fórsa Saothair a fhorbairt don earnáil, rud nach bhfuil sa liosta gníomhaíochtaí tosaíochta don Bheartas Náisiúnta Spóirt.
- Baineann cúig cinn de na míreanna a bhfuil “Tuilleadh Airde” de dhíth orthu le leibhéal rannpháirtíochta laghdaithe mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Mhionatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2021 ina iomláine, rud a raibh tionchar díreach ag Covid-19 uirthi.
- Ina theannta sin, níor comhlíonadh an ceanglas a bhí ar gach comhlacht maoinithe (100) cloí leis an gCód Rialachas don Spóirt faoi dheireadh mhí na Nollag 2021.

Próiseas Pleanála Bliantúil 2021 a chur i bhfeidhm

Mar chuid den phróiseas Pleanála Bliantúla in 2021, leag Spóirt Éireann 82 chuspóir ardleibhéal amach ar fud 15 rannóg/ fhoireann. Rinne Coiste Feidhmiúcháin Spóirt Éireann faireachán orthu sin ar bhonn rialta agus, i mí Aibreáin, rinneadh measúnú tosaigh ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar na spriocanna sin a chomhlíonadh. I gcás fhormhór na n-aonad, aithníodh gur bheag tionchar a bheadh ag an bpaindéim agus go leanfaí leis an gclianobair. Aithníodh freisin nach dtiocfadh ach moilleanna beaga (dá mba ann dóibh) as sin. Cuireadh an t-eolas chun dáta ar fáil don Bhord i mí Aibreáin (tar éis athmheasúnuithe a dhéanamh i bhfianaise thionchar Covid-19) agus i mí Iúil 2021 agus tá an t-eolas chun dáta ag deireadh na bliana le feiceáil thíos.

Plean Bliantúil 2021 Achoimre ar an Eolas ag Deireadh na Bliana					
Colún Straitéiseach	Aonad	Curtha i gCrích	Ag dul ar aghaidh mar a beartaíodh	Tuilleadh Airde ag Teastáil	Iomlán
Ard-fheidhmíocht	Ardfeidhmíocht	2	3	0	5
	Institiúid	4	2	1	7
	Saoráidí Spóirt Éireann	4	2	1	7
	Campas	2	2	1	5
Feidhmíocht	Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	6	0	0	6
	Cóitseáil	0	6	0	6
Rannpháirtíocht	Taighde	4	1	0	5
	Allamuigh	2	2	0	4
	Rannpháirtíocht	1	6	0	7
Spóirt Éireann Rialachas	Cumarsáid	5	0	0	5
	Frithdhópáil & Eitic	3	3	1	7
	Acmhainní Daonna	2	0	3	5

	Straitéis & Rialachas	3	0	1	4
	Forbairt & Athrú Eagraíochta	5	0	0	5
	Airgeadas	1	2	1	4
	Iomlán	44	29	9	82

Leanfar le díriú ar na míreanna atá “Ag dul ar aghaidh mar a beartaíodh” nó a bhfuil “Tuilleadh Airde” de dhíth orthu in

2022 agus baineann na naoi mír sa ghrúpáil deiridh leis na rudaí seo a leanas:

1. Comhpháirtíochtaí Tráchtála Institiúid Spóirt Éireann
2. Seachadadh CAPEX ag Áiseanna Spóirt Éireann DAC
3. Comhlíonadh na n-earnálacha leis an gCód Rialachais don Spórt
4. Acmhainní Airgeadais agus Foirne na heagraíochta
5. Dul chun cinn ar Thionscadal an Veileadróim
6. Críochnú an Tionscadail Éagsúlachta & Cuimsithe
7. Córais Faisnéise AD
8. Lámhleabhar Foirne
9. Creat maidir le Sláinte & Sábháilteacht

Próiseas Pleanála Bliantúil agus Réamh-mheas 2022

Tá Spóirt Éireann tar éis Phleananna Bliantúla 2022 a fhorbairt do na foirne éagsúla gnó, ina shainithnítear 77 sprioc ardleibhéal thar na 15 aonad/fhoireann a chuideoidh chun gníomhaíochtaí a shainithnítear inár bPlean Straitéiseach a chomhlíonadh. I measc na bpríomhréimsí fócais in 2022, tá na cinn seo a leanas:

- Máistirphlean an Champais a sheoladh agus dul chun cinn a dhéanamh ar an Veileadróm a sholáthar.
- Filleadh sábháilte chuig an spórt agus tacaíochtaí Covid-19 curtha i bhfeidhm.
- Athbhreithniú ar Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo, agus pleananna feidhmithe gaolmhara ag éirí as moltaí a fhoilsíú.
- Forbairt agus gníomhachtú comhpháirtíocht chomhtháite nua le Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spóirt Éireann do 2022-24.
- Feasacht leanúnach ar chaighdeán rialachais na hearnála a ardú, ag díriú ar an bpróiseas dearbhaithe a bhaineann leis an gCód Rialachais don Spórt a ghlacadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas sin.
- Beartas Spóirt Éireann ar Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht a sheoladh.
- An feachtas “Spóirt do Chách” agus an plean gníomhaíochta gaolmhar a chur i bhfeidhm.
- Fócas leanúnach a chur ar rannpháirtíocht a mhéadú trí chláir amhail “Tionscnamh an Gheimhridh” d’fhonn daoine a spreagadh chun triail a bhaint as spórt nua nár imir siad roimhe sin.
- Ráiteas Straitéise nua cúig bliana (2023-2027) a fhorbairt do Spóirt Éireann.

23. Nochtuithe Cosanta

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go bhfoirseofar tuarascáil gach bliain a bhaineann le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus le gníomhartha ar bith a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe sin.

Ní bhfuair Spórt Éireann aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2021.

24. Comhlíonadh Spórt Éireann

Tá sé comhaontaithe ag Spórt Éireann a chinntiú go gcomhlíonfar ina n-iomláine gach oibleagáid riachtanach ó thaobh rialachais chorparáidigh de (oibleagáidí faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh), lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistíocht riosca, le hiniúcháireacht inmheánach agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn don bhliain 2021.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm sheachfhoinsithe iniúcháireachta inmheánaí ag Spórt Éireann. Tháinig méadú gan fasach ar leibhéal na gníomhaíochta iniúchta inmheánaigh ag Spórt Éireann in 2021 mar gheall ar leithdháileadh cistí Covid-19 don earnáil in 2020/2021. Mar chuid de phlean Iniúcháireachta Inmheánaí Spórt Éireann don bhliain 2021, roghnaíodh roinnt Aonad Gnó de chuid Spórt Éireann agus roinnt CRNanna agus CÁSanna lena n-iniúchadh. Cuireadh tús le 31 tasc iniúcháireachta in 2021. Leanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le faireachán a dhéanamh ar stádas gach iniúchta chun a chinntiú go gcuirtear moltaí chun feidhme ar bhealach tráthúil.

Maidir leis na hiniúchtaí ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, leanann an Coiste Feidhmiúcháin le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na moltaí riachtanacha agus reáchtálar cruinnithe idirchaidrimh de réir mar is cuí.

Ráiteas faoin mbealach a oibríonn Bord Spórt Éireann

- Tá freagracht chomhchoiteann ar an mBord as gníomhaíochtaí Spórt Éireann a stiúradh agus a threorú. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean chuig an lucht bainistíochta nó chuig Coistí, ní shaoirfeadh feidhmiú na cumhachta tarmligin an Bord ón dualgas atá air maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonfar na feidhmeanna tarmligthe.
- Ba cheart don Bhord feidhmeanna tábhachtacha a chur i gcrích, lena n-áirítear iad seo a leanas: an treo straitéiseach agus mórfhleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht agus cultúr Spórt Éireann, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil agus mórinfheistíocht chaipitil.

- Seolann an Bord a chuid gnó trí chultúr ionracais agus iompraíochta eiticiúla agus de réir Chód Rialachais agus Iompar Gnó Spóirt Éireann agus de réir aon nósanna imeachta dá dtagraítear ann. Is é an príomhról a bheidh ag an mBord agus é i seisiún iomlánach ná cinneadh a dhéanamh ar nithe beartais, airgeadas straitéise agus nós imeachta, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí éagsúla de chuid Spóirt Éireann agus a Fhoirne, breithniú a dhéanamh ar mholtaí ó Choistí nó ó údarais tharmligthe eile maidir leis na critéir le haghaidh cúnamh airgeadais a dhámhachtain, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúnamh airgeadais.
- Cloífidh an Bord i gcónaí leis an bprionsabal go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar Spóirt Éireann agus go bhfuil údarás comhchoiteann aige mar chomhlacht corpraithe.
- Déanfaidh an Bord bearta cuí chun a chinntiú go soláthrófar go tráthúil dó cibé faisnéis is riachtanach nó is inmhianaithe chun cur ar chumas Comhaltaí a gcuid dualgas a chur i gcrích go sásúil.
- Cinntíonn an Bord go mbeidh gach cinneadh ar mhórmhíreanna caiteachais ailínithe le straitéisí meántéarmacha agus fadtéarmacha chun a chinntiú go mbeidh caiteachas den sórt sin dírithe ar chuspóirí agus torthaí atá sainithe go soiléir.
- Glacfaidh an Bord ráiteas straitéise do gach tréimhse chúig bliana. Is trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a thacófar le Spóirt Éireann an straitéis sin a chur chun feidhme.
- Ag gníomhú dó tríd an gCathaoirleach, téann an Bord i gcomhairle leis an Aire gach bliain chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - o na hionchais atá ag an Aire maidir le hobairt Spóirt Éireann (agus na hionchais atá ag Spóirt Éireann féin) a shainiú;
 - o an ról atá ag Spóirt Éireann maidir le forbairt beartais i réimse an spóirt a shoiléiriú; agus
 - o na paraiméadair a bhaineann le hacmhainní/ioncam Spóirt Éireann a shainiú.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas rialachais agus le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht.

Ról Cinnteoireachta agus Feidhmeanna an Bhoird

Ó am go chéile, cinneann Bord Spóirt Éireann scideal foirmiúil nithe atá forchoimeáda go sonracha lena gcinneadh aige chun a chinntiú gurb é an Bord, agus an Bord amháin, a dhéanfaidh aon chinntí maidir leis an eagraíocht a threorú, a stiúradh agus a rialú. Áireofar na nithe seo a leanas leis na feidhmeanna atá forchoimeáda don Bhord (seachas i gcás go gcinnfidh an Bord a mhalairt):

- na próisis a bhunú trína n-earcaíonn sé Príomhfheidhmeannach.
- údarás a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach chun a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh agus measúnú a dhéanamh ar a f(h)eidhmíocht
- tuairiscí maidir le gach mórghné de ghníomhaíochtaí Spórt Éireann a fháil ón bPríomhfheidhmeannach ar bhonn rialta agus breithniú a dhéanamh orthu
- caiteachas a cheadú i gcás go measfar gur mó é in aon bhliain amháin ná:
 - (a) €10,000 i gcás deontaí aonair, nó
 - (b) €100,000 i gcás Comhlacht Rialaithe Náisiúnta nó eagraíocht eile atá ag fáil deontais, nó
 - (c) €25,000 ar earraí nó trealamh a cheannach ón aon soláthraí amháin nó a bhaineann le seirbhísí gairmiúla a fháil ón aon soláthraí amháin
- gach tionscadal caipitil, Sceideal na gCreat agus na gConarthaí agus caiteachais os cionn tairisí €100,000 lena n-áirítear táillí gairmiúla (m.sh. bainistíocht tionscadail, táillí dearaidh) a fhaomhadh, i dtéarmaí an soláthraí a roghnú agus an bhuiséid atá le sannadh don soláthraí, de réir an Phróisis um Cheadú Geataithe de chuid Spórt Éireann.

Tabhair faoi deara: Tionscadail Chaipitil agus caiteachas ar mó iad ná €25,000 ach ar lú iad ná €100,000, agus ar ina leith is féidir an caiteachas iomlán a chumhdach laistigh de bhuiséad caipitil na bliana reatha, ní gá ceadú a fháil ina leith ach amháin ó Choiste Champas Spórt Éireann (agus fógra á thabhairt don Bhord faoin gcinneadh). Is gá ceadú a fháil ón mBord iomlán i leith gach tionscadail ar mó iad ná an tairseach €100,000 agus i leith gach tionscadail as a dtiocfaidh ceangaltais chonarhacha ilbhliantúla.

- tosaíochtaí straitéiseacha agus téarmaí na bpleananna straitéise, gnó agus cur chun feidhme arna n-ullmhú ag an bhfoireann a cheadú
- buiséad bliantúil agus plean corparáideach a ghlacadh
- beartais iniúcháireachta agus beartais bhainistíochta riosca a ghlacadh agus monatóireacht a dhéanamh ar na beartais sin agus tuairisc a thabhairt orthu
- tuarascálacha bliantúla, Ráitis faoi Rialú Inmheánach agus Creatáí Dearbhaithe agus ráitis airgeadais a cheadú
- gach mórchonradh, mórléas agus mórshocraíocht atá os cionn na dteorainneacha atá leagtha amach i nósanna imeachta airgeadais Spórt Éireann a cheadú
- leasuithe suntasacha a cheadú ar shochair phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na foirne;
- ar aon dul le treoirlínte ón Rialtas, beartas a bhunú maidir le luach saothair an lucht ardbhainistíochta
- ceadú a dhéanamh ar dhearbhuithé go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus le ceapachán, grádú agus coinníollacha na mball foirne go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, a cheadú;
- an oiread coistí nó grúpaí oibre is gá a cheapadh agus a threorú chun cabhrú leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus téarmaí tagartha na gcoistí nó na ngrúpaí oibre sin a cheadú/a leasú de réir mar is gá.

- ceadú a dhéanamh ar aon chinneadh chun cistiú a chur ar fionraí, a shiarchoinneáil nó a athbhunú do Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta nó d'eagraíocht eile atá ag fáil deontais, mar atá leagtha amach i mír 6.4.
- ceadú a dhéanamh ar iarratas ar aitheantas a thabhairt do Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta nó diúltú don iarratas sin.
- cultúr Spóirt Éireann a leagan síos agus faireachán a dhéanamh air, a mhéid a bhaineann leis na luachanna agus na hiompraíochtaí lena soláthraítear an straitéis, agus dearbhú a fháil go bhfuil oibríochtaí Spóirt Éireann ailínithe lena chultúr.
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na socrúithe atá leagtha amach sa Chód Rialachais agus Iompar Gnó agus, más cuí, aon athruithe ar an gCód a mholadh agus a cheadú.
- na nósanna imeachta a leanfar ag cruinnithe an Bhoird a chinneadh
- ceannach suntasach sócmhainní, diúscairt shuntasach sócmhainní agus cur as feidhm suntasach sócmhainní ag Spóirt Éireann agus ag a fhochuideachtaí a cheadú i gcás go mbeidh siad os cionn tairseach €25,000

Meastóireacht ar an mBord agus ar na Coistí

Cuireadh tús le próiseas bliantúil an Athbhreithnithe ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2020. Déanann an Bord athbhreithniú foirmiúil ar thuarascálacha scríofa ó gach Coiste ar bhonn bliantúil ar a laghad freisin.

Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht a Chur Chun Cinn

Cuirtear Éagsúlacht agus Cuimsiú chun cinn i roinnt réimsí d'obair Spóirt Éireann. Tá siad sin mionsonraithe sna rannáin ábhartha den Tuarascáil seo, lena n-áirítear Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spórt ag Daoine faoi Mhíchumas, Beartas Spóirt Éireann um Mná sa Spórt agus Beartas Eitice Spóirt Éireann.

Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Amháil an 31 Nollaig 2021, bhí seachtar fear (54%) agus de sheisear ban (46%) ar an mBord, gan aon fholúntas. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas Bord Stáit

Tá sé beartaithe na bearta seo a leanas a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a choinneáil chun tacú léi ar an mbord seo:

- De réir an Achta um Spóirt Éireann, is é an tAire atá freagrach as an bpróiseas um chomhaltáí Bhord Spóirt Éireann a cheapadh.
- Chuir Spóirt Éireann an tAire ar an eolas faoin ngá atá ann le cothromaíocht inscne níos fearr a chur chun cinn i gcomhaltas an Bhoird i dtaca le folúntais reatha.
- Tá sé ina príomhthosaíocht ag Spóirt Éireann cothromaíocht inscne a chinntiú ar choistí Spóirt Éireann

Measúnú Riosca

Rinne an Bord sainaitheint agus measúnú láidir ar na príomhrioscaí atá roimh Spóirt Éireann. Áirítear leo sin rioscaí arbh é an toradh a bheadh orthu ná go bhfulaingeodh Spóirt Éireann cailteanas, damáiste nó míbhuntáiste, nach mbainfeadh Spóirt Éireann tairbhe as deiseanna atá ar fáil dó nó nach ngnóthódh Spóirt Éireann na cuspóirí atá aige de bharr eachtraí nó gníomhartha inmheánacha nó seachtracha atá neamh-inmhianaithe nó éiginnte.

Déantar na príomhrioscaí a chatagóiriú i gceann amháin de na ceithre chatagóir seo a leanas:

- Rioscaí Straitéiseacha*: an teip cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, a ghnóthú agus an teip leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn
- Rioscaí Oibriúcháin*: an teip cuspóirí oibriúcháin Spórt Éireann a ghnóthú, lena n-áirítear an teip cailteanas a chosc a eascraíonn as próisis agus córais inmheánacha a bheith neamhimleor
- Rioscaí Airgeadais*: neamhchosaint ar chaillteanais airgeadais a thagann chun cinn as rialuithe a bheith neamhimleor nó as an ngá atá ann le sócmhainní airgeadais Spórt Éireann a bhainistiú ar bhealach níos fearr
- Rioscaí Clú agus Comhlíonta*: neamhchosaint ar chaillteanais a thagann chun cinn as poiblíocht dhíobhálach, as íomhá phoiblí dhiúltach agus as an ngá atá ann leis an gcaidreamh le páirtithe leasmhara a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is é is riosca comhlíonta ann ná an bhagairt atá ar sheasamh eagraíochtúil nó cáile Spórt Éireann de bharr sáruithe ar dhlíthe, ar rialacháin, ar chóid iompair nó ar na caighdeáin chleachtais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

Sonraítear i Ráiteas Inghlacthachta Riosca Spórt Éireann an méid riosca a bhfuil an eagraíocht toilteanach dul ar a lorg nó glacadh leis agus é ag saothrú a chuspóirí fadtéarmacha.

Léirítear ann na réimsí nach nglacann an eagraíocht ach le beagán riosca iontu (Frithdhópáil, Cumhdach, agus Sláinte agus Sábháilteacht) agus na réimsí a n-aithníonn Bord Spórt Éireann gur gá bheith nuálach agus glacadh le méid riosca iontu (Ardfheidhmíocht, Mná sa Spórt, agus Forbairt agus Athrú Eagraíochta). Coinníonn Aonaid Ghnó laistigh de Spórt Éireann Cláir Rioscaí ina ngabhtar na rioscaí atá ábhartha dá n-oibríochtaí, mar aon le bearta maolaithe gaolmhara.

Úsáidtear dhá thoisic chun rioscaí a thomhas, i.e. an dóchúlacht go dtarlódh an eachtra (dealraitheacht) agus an éifeacht a bheadh ann ar Spórt Éireann dá dtiocfadh an eachtra chun cinn (tionchar). Buanmhír ag gach cruinniú de chuid an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca is ea Bainistíocht Riosca.

Le linn na bliana 2020, d'fhéach baill foirne agus Bord Spórt Éireann go gníomhach le gnó mar is gnách a choinneáil ar bun agus an oiread cinnteachta agus ab fhéidir a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara. Comhpháirt thábhachtach den chur chuige sin ba ea Bainistíocht Riosca agus Deise. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha i bhfianaise na rioscaí agus na ndeiseanna a bhain le paindéim Covid-19 in 2021. Rinneadh athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar chláir riosca ar leibhéal an aonaid.

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí a chuaigh i bhfeidhm ar Spórt Éireann in 2021:

- An riosca nach dtarlódh na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha in 2021 (Riosca Straitéiseach)
- Oibríonn na hearnálacha chun an Cód Rialachais don Spórt a ghlacadh (Riosca Comhlíonta)

- An riosca nach soláthrófar na hacmhainní foirne a theastaíonn chun feidhmeanna leathana, tosaíochtaí straitéiseacha agus nithe inghnóthaithe an Bheartais Náisiúnta Spóirt a sheachadadh, a mhaoirsiú agus a rialú (Riosca Straitéiseach)
- Acmhainn laghdaithe Spóirt Éireann chun cuspóirí ábhartha a sheachadadh laistigh de Ráiteas Straitéise agus Beartas Náisiúnta Spóirt Spóirt Éireann le linn tréimhsí fada shrianta Covid-19. An easpa soiléireachta maidir le conas a thiocfaidh an spóirt chun cinn arís i ndiaidh ghéarchéim Covid-19. (Riosca Straitéiseach)
- Príomhfheidhmeannach nua a earcú
- Éiginnteacht i measc ár bpáirtithe leasmhara maidir le cistiú do chláir agus tionscnaimh reatha, agus gá le cistiúchán breise. (Riosca Airgeadais)
- Riosca Cibearbhagairtí lena n-áirítear córais TF a chur i mbaol (Riosca Airgeadais)

Pléadh deiseanna atá ag teacht chun cinn freisin ag leibhéal an Bhoird, na cinn seo a leanas ina measc:

- Dearcadh athraithe i leith rannpháirtíochta – tuilleadh solúbthachta a bheith ann i sceidil daoine mar gheall ar an laghdú ar an méid ama a chaitheann siad ag déanamh comaitéireachta nó mar gheall ar an mbéim mhéadaithe a chuirtear ar an gcomaitéireacht ghníomhach.
- Máistirphlean Champas Spóirt Éireann nua a fhorbairt.
- Deiseanna chun luach an spóirt a chur in iúl le béim phoiblí níos mó ar fholláine an duine aonair agus ar shláinte an phobail

Leagtar amach thíos roinnt de na príomhghníomhartha a rinneadh sa bhliain 2021 agus a bhuntacaíonn leis an gcur chuige a ghlacann Spóirt Éireann i leith Bainistíocht Riosca:

- Le linn 2021, rinne an Bord breithniú ar an gClár Riosca Corparáideach agus ar Loga Imeachtaí Riosca ag na cruinnithe an 6 Iúil agus 14 Nollaig.
- Rinne an Coiste Iniúchta & Riosca athbhreithniú foirmiúil ar an gClár Riosca Corparáideach ag a chruinnithe i Meitheamh, Meán Fómhair agus Samhain 2021. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an Loga Imeachtaí Riosca ag a chuid cruinnithe i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna 2021.

- Rinne an fhoireann bhainistíochta Cláir Rioscaí ar leibhéal Corparáideach agus ar leibhéal an Aonaid a bhreithniú agus a athbhreithniú le linn 2021:

- o Sport Ireland Facilities DAC (Feabhra 2021).
- o Acmhainní Daonna agus Forbairt & Athrú Eagraíochtúil (Feabhra 2021).
- o TF (Meitheamh 2021).
- o Forbairt an Champais (Meitheamh 2021).
- o Institiúid Spórt Éireann (Meán Fómhair 2021).

□ Rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca athbhreithnithe Spórt Éireann (lena n-áirítear an Ráiteas Inghlactha Riosca) ag a chruinniú i mí na Samhna 2021. Rinne an Bord é seo a fhaomhadh ina dhiaidh sin go luath in 2022.

25. Saoráil Faisnéise

Réimse Cláir	Líon Iomlán na nIarrataí	Deontas	Páirt-Deontas	Diúltaithe	Tarraingthe Siar	Déileáladh leis an iarraidh lasmuigh de shaoráil
Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	3 4	0	22	5	1	6
Coiste Frithdhópála	0	0	0	0	0	0
Seirbhísí Corparáideach	1 6	0	6	3	4	4
Ardfheidhmíocht	1	0	1	0	0	0
Rannpháirtíocht	8	1	1	4	0	1
Iomlán 2021	5 9	1	30	12	5	11

Dualgas na hEarnála Poiblí

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar dheireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deise a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do na cearta atá ag na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh agus ag baill foirne le linn dóibh a n-obair laethúil a dhéanamh. Toradh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine is ea go bhféadfaí comhionannas agus cearta an duine a dhéanamh ina gcuid dhílis de dhéanamh beartais, de sholáthar seirbhíse agus d'fhostaíocht laistigh den earnáil poiblí in Éirinn.

Thug an Stát gealltanas cheana féin go gcuirfeadh sé cearta an duine agus comhionannas chun cinn trí roinnt pleananna náisiúnta agus straitéisí náisiúnta.

Tá sraith chomhlántach doiciméad beartais ag Spórt Éireann a thagann, agus a thacaíonn, le roinnt de na pleananna náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta. Áirítear leo sin Beartas Spórt Éireann um Mná sa Spórt, Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spórt ag Daoine faoi Mhíchumas, agus Cairt Spórt Éireann um Sheirbhís do Chustaiméirí. Is ann do réimsí eile agus do bheartais náisiúnta agus straitéisí náisiúnta eile a bhfuil príomhról le himirt ag Spórt Éireann iontu. Áirítear leo an Straitéis um Imeachadh Imirceach agus an Straitéis LADTI. Mionsonraítear sa rannán ábhartha den tuarascáil seo an ghníomhaíocht ghaolmhar a rinneadh laistigh de na réimsí sin sa bhliain 2021.

Ina theannta sin, tugann Spórt Éireann dá aire an cur chuige trí chéim i leith Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, rud ar mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas é agus atá mar a leanas: measúnú, aghaidh a thabhairt, agus tuairisciú. Glacann Spórt Éireann cur chuige den chineál céanna le linn dó sainathint a dhéanamh ar na grádáin atá ann i rannpháirtíocht sa spórt, cláir lena dtugtar aghaidh ar na grádáin sin a dhearadh agus a chur ar aghaidh, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn trínár dtuarascáil bhliantúil. Cuirtear de chúram ar Spórt Éireann le Gníomh 6 den Bheartas Náisiúnta Spóirt aghaidh a thabhairt ar na grádáin rannpháirtíochta atá ann sa spórt.

Is oibleagáid bhuan leanúnach é an Dualgas, agus leanfaidh Spórt Éireann le monatóireacht a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí ina leith sin agus tuairisc a thabhairt orthu.

26. Ráitis Airgeadais

Spórt Éireann

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021

Clár Ábhar**Leathanach**

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	3- 10
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	11- 14
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	15-16
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe	17
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach	18
Ráiteas faoi Staid Airgeadais	19
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	20
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	21- 42

Spórt Éireann

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Rialachas

Bunaíodh Bord Spórt Éireann ar bhonn reachtúil an 1 Deireadh Fómhair 2015 de bhun an Achta um Spórt Éireann, 2015. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCód Rialachais Spórt Éireann. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as Spórt Éireann a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo straitéiseach ginearálta a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bhainistíochta Spórt Éireann.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann, rud ina gcuimsítear sonraí faoi na nithe atá forchoimeáda go sonrach lena gcinneadh ag an mBord.

Áirítear na nithe seo leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- nochtadh leasa,
- tuarascálacha ó na coistí,
- bainistíocht riosca,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- feidhmeanna forchoimeáda.

Ceanglaítear le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015, ar Bhord Spórt Éireann na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór do Bhord Spórt Éireann:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus

- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015. Tá cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh Gréasáin Spórt Éireann mar fhreagracht ar an mBord.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Déanann an Bord meastóireacht ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht Spórt Éireann trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad bliantúil agus cuireadh athbhreithniú foirmiúil ar an mbuiséad i gcrích ag cruinniú an Bhoird i mí Mheán Fómhair 2021.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Spórt Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Spórt Éireann ag an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Ar an mBord, tá Cathaoirleach agus dháréag gnáthchomhaltaí arna gceapadh go léir ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar feadh téarmaí a mhaireann idir trí bliana agus cúig bliana.

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Kieran Mulvey	Cathaoirleach	1 Deireadh Fómhair 2015
Mary Dorgan	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Patrick O'Connor	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Olive Loughnane	Gnáthchomhalta	10 Lúnasa 2018
Roger O'Connor	Gnáthchomhalta	10 Lúnasa 2018
Padraic Moran	Gnáthchomhalta	10 Lúnasa 2018
Lynne Cantwell	Gnáthchomhalta	19 Deireadh Fómhair 2018
Iognaid O Muircheartaigh	Gnáthchomhalta	21 Deireadh Fómhair 2020
Jerry Grant	Gnáthchomhalta	21 Deireadh Fómhair 2020
Miriam O'Callaghan	Gnáthchomhalta	26 Iúil 2021
Páraic Duffy	Gnáthchomhalta	26 Iúil 2021
Michelle Tanner	Gnáthchomhalta	26 Iúil 2021
Deirdre Ryan	Gnáthchomhalta	26 Iúil 2021

Tá na 11 choiste seo a leanas bunaithe ag an mBord:

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: Ag deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus de thriúr comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le riosca, rialú agus rialachas agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don

Bhord de réir mar is gá agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord uair sa bhliain. Tá Mary Dorgan (Cathaoirleach), Roger O'Connor, Padraic Moran, Miriam O'Callaghan, Bernard Allen, Walter Johnston agus Sinéad O'Connor ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Chaith Frances Kavanagh tréimhse ar an gcoiste freisin le linn 2021. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huair in 2021.

2. **An Coiste Frithdhópála:** Ag deireadh na bliana, tá triúir comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi alt 8(1)(d) go (g) den Acht um Spórt Éireann, 2015, lena n-áirítear:

- cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, faoi Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) in aghaidh na Dópála sa Spórt agus faoi Chód an Domhain um Fhrithdhópáil.
- cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh.

Is iad Roger O'Connor (Cathaoirleach Gníomhach), Patrick O'Connor, Páraic Duffy, Brendan Buckley, Elaine Breslin, David Gillick, an Dr Elizabeth Keane comhaltaí an Choiste seo. Chaith Bill Cuddihy, Pat Guiry, Wendy Henderson agus Ruth Wood Martin tréimhse ar an gCoiste freisin in 2021. Tháinig an Coiste seo le chéile trí huair in 2021.

3. **An Coiste Ardfeidhmíochta:** Ag deireadh na bliana, tá ceathrar comhaltaí Boird agus seisear comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste Ardfeidhmíochta cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le barr feabhais a bhaint amach sa spórt iomaíoch. Is iad Olive Loughnane (Cathaoirleach Gníomhach), Lynne Cantwell, Deirdre Ryan, Peter Sherrard, Miriam Malone, Roy Dooney, Mike Heskin, Richard Archibald, Joy Neville comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le sé huair in 2021. Nóta: Bhí Liam Sheedy ina Chathaoirleach ar an gCoiste ó mhí Eanáir go mí Mheán Fómhair 2021.

4. **An Coiste Cóitseála:** Ag deireadh na bliana, tá triúir comhaltaí Boird ar an gCoiste seo, chomh maith le ceathrar comhaltaí neamhspleácha. Is é cuspóir an Choiste Cóitseála cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le cóitseáil agus cóitseálaithe a fhorbairt. Is iad Iognáid Ó'Muircheartaigh (Cathaoirleach Gníomhach), Padraic Moran, Patrick O'Connor, Mary O'Connor, Henry Shefflin, Claire Lambe, Alan Curran comhaltaí an Choiste seo. Chaith Ruud Dokter tréimhse ar an gcoiste freisin le linn 2021. Tháinig an Coiste seo le chéile ceithre huair in 2021.

5. **Coiste Champas Spóirt Éireann:** Ag deireadh na bliana, tá ceathrar comhaltaí Boird agus cúigear comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste seo. Is é cuspóir Choiste Champas Spóirt Éireann De réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spóirt Éireann, 2015, cúnadh agus comhairle a thabhairt do Spóirt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le Campas Spóirt Éireann a fhorbairt ar an láithreán. Is iad Patrick O'Connor (Cathaoirleach), Jerry Grant, Michelle Tanner, Miriam O'Callaghan, John Maughan, Ciaran McGivern, Roy Dooney, Sean Benton agus Jackie Dunne comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le chéile sé huaire in 2021.

6. **Coiste na nDeontas:** Ag deireadh na bliana, tá triúir comhaltaí Boird ar an gCoiste seo, chomh maith le comhalta amháin neamhspleách. Is é ról an Choiste um Dheontais breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (lena n-áirítear deontais um Mná sa Spórt) agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil. Is iad Mary Dorgan (Cathaoirleach), Olive Loughnane, Jerry Grant agus Bernard Allen comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le chéile dhá uair in 2021.

7. **An Coiste Incháilitheachta:** Ag deireadh na bliana, tá triúir comhaltaí Boird ar an gCoiste seo, chomh maith le comhalta amháin neamhspleách. Is é ról an Choiste moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar dheontais na critéir incháilitheachta. Is iad Kieran Mulvey (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Deirdre Ryan agus Jerry O'Dwyer comhaltaí an Choiste seo. Tháinig an Coiste seo le chéile dhá uair in 2021.

8. **An Coiste Taighde agus Rannpháirtíochta:** Ag deireadh na bliana, tá triúir comhaltaí Boird ar an gCoiste seo, chomh maith le triúir comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Taighde maoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde Spóirt Éireann agus tuairisc a thabhairt don Bhord ar nithe a bhaineann leis an gclár. Is é feidhm an Choiste ó thaobh rannpháirtíochta de ná comhairle agus treoir a thabhairt do Bhord Spóirt Éireann agus don Choiste Feidhmiúcháin maidir le forbairt agus faireachán a dhéanamh ar Phlean Rannpháirtíochta don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil, ar aon dul le Straitéis Spóirt Éireann. Is iad Miriam O'Callaghan (Cathaoirleach), Iognáid Ó'Muircheartaigh, Michelle Tanner, John Hart, Sinead Heraty agus an Dr Aoife Lane comhaltaí an Choiste seo. Chaith Olive Loughnane, Sheila O'Flanagan agus Frances Kavanagh tréimhse ar an gcoiste freisin le linn 2021. Tháinig an Coiste seo le chéile sé huaire in 2021.

9. **10. An Coiste Stiúradh um Mná sa Spórt:** Ag deireadh na bliana, tá triúir comhaltaí Boird ar an gCoiste seo, chomh maith le seachtar comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an ghrúpa seo tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí nuacheaptha um Mná sa Spórt. Is iad Lynne Cantwell (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Deirdre Ryan, Mary O'Connor, Joanne Cantwell, John Fulham, John Sweeney, Jenny Egan, Alan Milton agus Claire Lambe comhaltaí an Choiste Stiúrtha seo. Chaith Sarah Keane agus Frances Kavanagh tréimhse ar an gCoiste freisin le linn 2021. Tháinig an Coiste seo le chéile ceithre huaire in 2021.

10. **An Chomhairle Oideachais agus Oiliúna:** Ag deireadh na bliana, tá comhaltaí Boird amháin ar an gCoiste seo, chomh maith le comhalta amháin neamhspleách agus naonúr comhaltaí feidhmiúcháin. Bunaíodh an Chomhairle Oideachais agus Oiliúna i mí Mheán Fómhair 2019 mar chuid den iarratas a rinne Spórt Éireann chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar Sholáthraí Ardoideachais. Déanfaidh an Coiste maoirseacht ar chur chun feidhme an dearbhaithe cáilíochta sna cláir oideachais agus oiliúna a dtairgeann Spórt Éireann iad. Is iad Iognáid Ó'Muircheartaigh (Cathaoirleach), Michael McGeehin, Fiona Larkin, Alan O'Hare, Siobhan Leonard, Ciara Munnely, Benny Cullen, Hayley Harrison, Paul O'Donovan, Tony Wright agus an Dr Mary Beades. Tháinig an Chomhairle Oideachais agus Oiliúna le chéile trí huaire in 2021.

11. **Coiste Pleanála Comharbais:** Ag deireadh na bliana, tá ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste seo cabhrú leis an mBord maidir le POF a earcú agus a cheapadh. Tá ról ag an gCoiste freisin maidir le cabhrú le Cathaoirleach Spórt Éireann pleanáil comharbais a dhéanamh do chomhaltaí Boird. Is iad Kieran Mulvey (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Patrick O'Connor agus Olive Loughnane comhaltaí an Choiste Stiúrtha seo. Tháinig an Coiste seo le chéile naoi n-uaire le linn 2021.

Nóta: Tá lánúinéireacht ag Spórt Éireann ar fho-Chuideachta (Sport Ireland Facilities DAC). Is é príomhról an fho-Chuideachta saoráidí ar an gCampas Náisiúnta Spóirt a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil. Ag deireadh na bliana, is iad Roger O'Connor (Cathaoirleach), Pat O'Connor, Jerry Grant, Páraic Duffy, Susan Grady agus Caroline Murphy Stiúrthóirí na fo-Chuideachta. Chaith Frances Kavanagh tréimhse mar dhuine de Stiúrthóirí na fo-Chuideachta freisin le linn 2021. Tháinig Bord Sport Ireland Facilities DAC le chéile sé huaire le linn 2021.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Tháinig Bord Spórt Éireann le chéile 11 uair le linn 2021. Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ag na cruinnithe Boird le linn 2021 agus cuirtear na táillí agus speansais a fuair gach comhalta san áireamh ann.

Board Member	Board Meetings Attended	Audit & Risk Committee	Anti- Doping Committee	High Performance Committee	Coaching Committee	National Sports Campus Committee	NGB Grants Committee	Eligibility Committee	Research Committee	Women in Sport Advisory Group	Education & Training Council	Succession Planning Committee	Board Members Emoluments Year ended 31 December 2021	Vouched Expenses 31 December 2021
													€	€
Kieran Mulvey	11							1				9	11,970	1,777
Liam Sheedy	4												3,206	
Mary Dorgan	11	4		2			2	2		4		9	7,695	999
Patrick O'Connor	10		2		4	5						8	7,695	599
Lynne Cantwell	11			5						4			7,695	
Olive Loughnane	8			5			2		6			9	-	
Roger O'Connor	10	4	3										7,695	176
Padraic Moran	11	3			2								7,695	
Iognaid O Muirheartaigh	11				4				6		3		7,695	1,874
Jerry Grant	11					5	1						7,695	
Paraic Duffy	6												3,206	751
Miriam O Callaghan	6												3,206	305
Michelle Tanner	6												-	87
Deirdre Ryan	6												-	
Total													75,454	6,568

Níor íocadh táille Bhoird in 2021 leis na comhaltaí Boird Olive Loughnane, Michelle Tanner agus Deirdre Ryan faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

Móráthruithe ó thaobh Pearsanra

D'éirigh Liam Sheedy as a ról ar an mBord ar an 3 Meitheamh 2021. Ceapadh Miriam O'Callaghan, Páraic Duffy, Michelle Tanner agus Deirdre Ryan chun an Bhoird ar an 26 Iúil 2021.

Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Spórt Éireann riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthearma Fostaithe

Rangaítear sochair ghearrthearma fostaithe atá de bhreis ar €60,000 sna bandaí seo a leanas:

Employee Benefits Breakdown

Annual Salary Bands at the end of the year

	Year ended 31 December 2021	Year ended 31 December 2020
60,000-69,999	2	3
70,000-79,999	4	2
80,000-89,999	2	4
90,000-99,999	2	4
100,000-109,999	4	-
110,000-119,999	-	-
120,000-129,999	-	-
130,000-139,999	-	-
140,000-149,999	-	-
150,000-159,999	-	-
160,000- 169,999	-	1
170,000- 179,999	1	-

Nóta: Chun críocha an noichta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear sna costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle seachtrach agus ní áirítear iontu feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.

	Year ended 31 December 2021	Year ended 31 December 2020
	€	€
Legal Advice	87,614	378,505
Technical advice	1,934,462	836,350
Financial/Actuarial advice	351,823	180,641
Human Resources	55,171	61,412
Business improvement	134,169	111,225
Other	1,827,631	418,419
Total Consultancy Cost	4,390,870	1,986,552
Consultancy Costs Capitalised	1,934,462	805,816
Consultancy Costs charged to the Income & Expenditure and Retained Revenue Reserves	2,456,408	1,180,736
Total Consultancy Cost	4,390,870	1,986,552

Costais agus Réitigh Díl

Leagtar amach sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le costais díl, socrúcháin agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta díl a fuair Spórt Éireann agus a nochtar sna costais Chomhairleachta thuas.

	Year ended 31 December 2021	Year ended 31 December 2020
	€	€
Legal Fees – Legal Proceedings	-	58,878
Conciliation and Arbitration Payments	-	-
Settlements	-	-
Total Legal Cost	-	58,878

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Rangaítear costais taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

	Year ended 31 December 2021	Year ended 31 December 2020
	€	€
Domestic		
- Board	6,773	4,236
- Employees	12,783	22,047
International		
- Board	955	
- Employees **	11,995	18,390
Total Travel Cost	32,506	44,673

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	Year ended 31 December 2021	Year ended 31 December 2020
	€	€
Staff hospitality	500	281
Client hospitality	-	
Total Hospitality	500	281

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Glacann an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar an Cód a chomhlíonadh. Chomhlíon Spórt Éireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2021.

Kieran Mulvey,

Cathaoirleach

Dáta: 5 Aibreán 2022

Una May,

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 5 Aibreán 2022

Spórt Éireann

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann Spórt Éireann, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú ar fad. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánach, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm Spórt Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Spórt Éireann, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird (amhail deireadh na bliana) agus triúr comhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Tá duine amháin díobh ar an gCathaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huairé le linn 2021.

Chomh maith leis sin, chuir Spórt Éireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil go leor acmhainní aici agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

